




Bord Oideachais & Oiliúna  
**LUIMNIGH & AN CHLÁIR**

**LIMERICK & CLARE**  
Education & Training Board

## Tuarascáil Bhliantúil 2020





## Clár na nÁbhar

<b>Teachtaireacht ón Chathaoirleach .....</b>	<b>3</b>
<b>Réamhrá ón Phríomhfheidhmeannach.....</b>	<b>4</b>
<b>Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir – An Bord.....</b>	<b>5</b>
Feidhm an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.....	5
Eitic.....	6
Coistí na mBord Oideachais agus Oiliúna .....	6
Cruinnithe an Bhoird.....	7
Dualgas na hEarnála Poiblí.....	7
Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna.....	7
Sonraí Ballraíochta .....	9
Dátaí Cruinnithe an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2020.....	10
Freastail ar chruinnithe an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2020.....	10
<b>Stiúrtóireacht um Thacaíocht Eagraíochta agus Forbairt.....</b>	<b>13</b>
<b>Achoimre Airgeadais .....</b>	<b>19</b>
<b>An Rannán Scoileanna .....</b>	<b>20</b>
<b>An Rannán Breisoideachais agus Oiliúna .....</b>	<b>37</b>
<b>An Feidhmeannas um Obair don Aos Óg.....</b>	<b>51</b>
<b>Aguisín 1 Creat Monatóireachta agus Meastóireachta: Tuarascáil Bhliantúil 2020 – Nuashonrú maidir le Soláthar Seirbhíse.....</b>	<b>52</b>
<b>Aguisín 2 Soláthar agus Seirbhísí.....</b>	<b>95</b>
<b>Aguisín 3 Gluais.....</b>	<b>98</b>



## Teachtaireacht ón Chathaoirleach

Mar Chathaoirleach an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, tá mé sona sásta tuarascáil bhliantúil ón bhliain 2020 a chur ar fáil.

Ba bhliain dhúshlánach ar fad é 2020, go háirithe leis an chianobair a chur in oiriúint go gearr mar fhreagairt ar an phaindéim COVID-19. D'éirigh le Bord Oideachas agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a gcuid spriocanna, mar a leagadh síos i Ráiteas Straitéise 2017-2021 agus i bPlean Straitéise 2020 an údaráis, a bhaint amach - éacht a léiríonn solúbthacht agus inoiriúnaitheacht an chomhlachta roimh dhúshlán.



Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Bhord agus leis an Phríomhfheidhmeannach as a gcuid tacaíochta le linn na bliana dúshlánaí seo. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil chomh maith leis an fhoireann agus leis na foghlaimeoirí de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir as a gcuid díograise, proifisiúntacht agus dúthracht.

An Comhairleoir Kieran O' Hanlon  
Cathaoirleach

**Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir**



## Réamhrá ón Phríomhfheidhmeannach

Fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2020. Tá foilsiú na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais seo mar léiriú príomha de chuntasacht phoiblí roimh ár mBord Oideachais agus Oiliúna. Sonraítear léirmheas de na seirbhísí a cuireadh ar fáil sa tuarascáil seo chomh maith le gach dul chun cinn a tharla sa bhliain 2020 faoi bhráid na ceithre príomhchuspóir, mar a leagtar amach i Ráiteas Straitéise an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2017-2021, agus na coimíntintí arna dhéanamh ag an údarás i bPlean Straitéise an Bhoird 2020.



Ullmhaíodh Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir don bhliain 2020 i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla a leagtar amach in Alt 28 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Sonraítear in alt 28 (1):

*Déanfaidh gach bord oideachais agus oiliúna, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tuarascáil a ullmhú, a ghlacadh agus a chur faoi bhráid an Aire i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna i rith na bliana, díreach roimh an bhliain ina ndéanfar an tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire, agus cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is féidir tar éis dó nó di an tuarascáil a fháil, cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.*

Tá Aiseolas Monatóireachta agus Meastóireachta san áireamh ag an údarás in Aguisín 1 den Tuarascáil Bhliantúil seo, ina ndéantar achoimre ar an dul chun cinn a rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir sa bhliain 2020 maidir le cur chun feidhme na ngealltanas a leagtar amach i bPlean Seirbhíse 2020 de chuid an Bhoird.

Ba bhliain neamhchoitianta ar leith é 2020 do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ina sháraíodh dúshláin a tháinig chun tosaigh mar gheall ar an phaindéim COVID-19. D'éirigh leis an chomhlacht -de bharr comhiarracht, comhoibriú, solúbthacht agus proifisiúntacht na foirne -a gcuid gealltanas mar a leagadh síos i bPlean Seirbhíse 2020 a bhaint amach áfach.

Gabhaim mo bhuíochas leis an Chathaoirleach, le gach ball foirne de chuid an Bhoird, leis an lucht bainistíochta sinsearaí agus an fhoireann san iomlán as a gcuid dúthrachta agus díograis leanúnach sa 12 mhí roimhe seo.

  
George O'Callaghan  
Príomhfheidhmeannach

**Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir**



## Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir – An Bord

### Feidhm an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Is ionann feidhmeanna ginearálta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, mar a luaitear san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, agus:

- a) scoileanna aitheanta, lárionaid oideachais agus saoráidí oideachais agus oiliúna a bhunú agus a chaomhnú ina limistéar feidhmiúcháin,
- b) nuair a ordaíonn an tAire dóibh é sin a dhéanamh faoi *alt 20*:
  - i. scoileanna aitheanta a bhunú agus a chaomhnú ina limistéar feidhmiúcháin,
  - ii. lárionaid oideachais a bhunú agus a chaomhnú ina limistéar feidhmiúcháin,
  - iii. lárionaid oideachais nó scoileanna aitheanta a chaomhnú ina limistéar feidhmiúcháin, agus
  - iv. saoráidí oideachais agus oiliúna a bhunú, a chaomhnú agus/nó acmhainní a chur ar fáil dóibh ina limistéar feidhmiúcháin,
- c) soláthar an oideachais agus na hoiliúna a phleanáil, a chomhordú agus a athbhreithniú, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint chun críche na fostaíochta agus seirbhísí coimhdeacha a ghabhann leis an limistéar feidhmiúcháin:
  - i. i scoileanna aitheanta nó lárionaid oideachais arna chaomhnú acu,
  - ii. i saoráidí oideachais nó oiliúna atá á gcaomhnú acu nó a bhfuil acmhainní á sholáthar acu dóibh,
  - iii. i scoileanna coinneála leanaí,
  - iv. i bpríosúin, agus
  - v. i saoráidí arna gcaomhnú ag comhlachtaí seirbhíse poiblí eile,
- d) chun socruithe a dhéanamh le soláthraithe oideachais agus oiliúna, agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar dóibh, de réir *alt 22*,
- e) scoláireachtaí a bhunú de réir *alt 24*,
- f) ráiteas straitéise a ghlacadh de réir *alt 27*,
- g) plean seirbhíse bliantúil a ghlacadh de réir *alt 47*,
- h) comhoibriú a dhéanamh leis an té a ainmneofar chun na feidhmeanna iniúchóireachta inmheánacha a dhéanamh faoi *alt 52*,
- i) oideachas agus oiliúint a chur ar fáil ar iarratas ó, agus thar ceann, aon chomhlacht a mhaoiníonn oiliúint le hairgead a sholáthraíonn an tOireachtas don chomhlacht sin,
- j) tacaigh le soláthar, comhordú, riarachán agus measúnú na seirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhmiúcháin agus cibé faisnéis a iarrfaidh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i ndáil leis an tacaíocht sin a sholáthar, agus
- k) measúnú a dhéanamh ar an mhodh ina gcuirtear na feidhmeanna i gcrích a fhad is go mbeidh siad eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach.

Tá dá cineál feidhm an Bhoird i gceist; feidhm fheidhmiúcháin agus feidhm fhorchoimeádta. Cuireann an Príomhfheidhmeannach na feidhmeanna feidhmiúcháin i gcrích agus cuireann an Bord na feidhmeanna forchoimeádta i gcrích. Leagtar na feidhmeanna forchoimeádta amach in Alt 12 (2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Éilítear le hAlt 51 den Acht sin ar an Bhord go gcoimeádfar i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasáíochta a cheadóidh an tAire Oideachais, le



toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead a gheobhaidh an Bord nó a chaithfear acu.

Agus an Bord ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, éilítear air:

- (a) gnáthpholasaithe cuntasáíochta le haghaidh ullmhúchán na ráitis airgeadais de chuid an Bhoird a chur i bhfeidhm
- (b) breithiúnais agus meastacháin réasúnacha agus stuama a dhéanamh
- (c) imeachtaí ábhartha ar bith ó na gnáthpholasaithe cuntasáíochta a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil, le cruinneas réasúnach, de staid airgeadais an Bhoird in am ar bith agus cinntiú a dhéanamh go gcomhlíonann Ráitis Airgeadais s'acu le hAlt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá an Bord freagrach as a gcuid sócmhainní a chosaint agus as gach beart réasúnach a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go dtugann na Ráitis Airgeadais Bliantúla léargas ceart ar ioncam agus caiteachas an Bhoird agus ar staid chúrsaí an Bhoird.

## Eitic

### **An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001**

Ní mór do gach comhalta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna cloí le forálacha ábhartha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001. Foráiltear leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 go ndéanfaidh sealbhóirí stiúrthóireachtaí ainmnithe agus áititheoirí post ainmnithe fostaíochta i gcomhlachtaí poiblí atá forordaithe chun críocha na reachtaíochta Eitice, a leasanna incláraithe a nochtadh. Ceanglaítear ar chomhaltaí an Bhoird agus ar gach ball foirne ainmnithe Nochtadh Leasanna a sholáthar gach bliain i dtaca le saincheisteanna a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar chomhlíonadh feidhmeanna.

## Coistí na mBord Oideachais agus Oiliúna

Cuid 5 44.- (1) Faoi réir alt 45, d'fhéadfadh Bord Oideachais agus Oiliúna coistí a bhunú chun-

- a) ceann amháin nó níos mó dá chuid feidhmeanna a chomhlíonadh a mheastar go bhféadfadh coiste a dhéanamh níos fearr nó níos áisiúla, nó
- b) comhairle a chur air maidir le haon cheann dá gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh, agus is féidir leis téarmaí tagartha a chinneadh agus nós imeachta aon choiste den sórt sin a rialáil.

(2) Ní bheidh coiste arna bhunú faoi fho-alt (1) comhdhéanta de níos mó ná 12 chomhalta agus d'fhéadfadh sé, faoi réir fho-alt (9) agus fho-alt (12)(c), a bheith comhdhéanta de bhaill nach bhfuil ina gcomhaltaí den bhord oideachais agus oiliúna lena mbaineann.



## Cruinnithe an Bhoird

1. Sceideal 3: Mír 2 (1) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 – faoi réir fhorálacha na míre sin agus alt 31 – tionólfadh gach bord oideachais agus oiliúna cibé cruinnithe agus an oiread sin cruinnithe, ag cibé amanna, agus sna háiteanna sin a mheasann sé a bheith cuí.
2. Sceideal 3: Mír 2 (2) Beidh cruinniú amháin ar a laghad ag gach bord oideachais agus oiliúna gach 2 mhí seachas i mí Iúil, Lúnasa agus Meán Fómhair.
3. Sceideal 3: Alt 2 (3) Beidh cruinniú amháin ar a laghad ag gach bord oideachais agus oiliúna le linn na tréimhse dar tosach an 1ú lá d'Iúil agus dar críoch an 30ú lá de Mheán Fómhair gach bliain.

Coinnítear miontuairiscí maidir le cruinnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, agus glactar leo. Tá taifead de thinreamh gach comhalta maidir le freastal ar chruinnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, chomh maith le sonraí faoina gcuid speansas, ar fáil sa tuarascáil seo.

## Dualgas na hEarnála Poiblí

Leagtar amach in Alt 42 den Acht faoi Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 an Dualgas Dearfach a éilítear ar Chomhlachtaí Poiblí, Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ina measc. Déanann an t-údarás, le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, aird a thabhairt ar an ghá atá ann:

- An t-idirdhealú a dhíchur
- Comhionannas deiseanna agus cóir comhionann dá gcuid foireann agus do na daoine ina soláthraítear seirbhísí dóibh a chur chun cinn
- Cearta daonna na gcomhaltaí, na mball agus na ndaoine ina soláthraítear seirbhísí dóibh a chosaint

## Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna

### Uimhir na hmlitreach 0002/2019

Is é an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 an reachtaíocht phríomhúil a rialaíonn thar na boird oideachais agus oiliúna ar fad agus caithfear an tAcht sin a chomhlíonadh i gcónaí. Ba chóir go measfar Uimhir na hmlitreach 0002/2019 den Chód Cleachtais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna mar shraith caighdeán roimh chomhaltaí agus baill an bhoird, cé nach leagtar ach treoracha amach in amanna. Ní mór do gach ball foirne a gcuid gníomhaíochtaí a bhaineann leis an Bhord a chomhlíonadh faoi réir na caighdeáin seo, ó thaobh na focail agus an chiall atá taobh thiar dóibh. Ní mór an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- Ba cheart an Cód a léamh i dteannta na bhforálacha reachtacha lena rialaítear earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna agus an Earnáil Phoiblí i gcoitinne. Tá feidhm fós ag na forálacha reachtacha atá ann cheana maidir le hábhair atá faoi réir ag an Chód seo agus, chun amhras a sheachaint i gcás coimhlínt ná neamhleanúnachas ar bith, tá na forálacha reachtacha i réim;
- Féadfaidh an tAire Oideachais forálacha a bhaineann leis an Chód a leasú ó am go ham;
- Féadfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe imlitreacha agus/nó nótaí treorach a bhaineann leis an Chód (agus gach ní cosúil leis) a eisiúint ó am go ham;



Cuireann an Cód Cleachtais creatlach ar fáil maidir le dea-chleachtas i rialachas corparáideach sna boird oideachais agus oiliúna a chur i bhfeidhm. Dearbhaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir gur glacadh leis an Chód Cleachtais do Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna arna eisiúint sa bhliain 2019 agus go ngéilleann siad leis na ceanglais is déanaí ina gcuid gnásanna rialachas.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir faoi threoir na bprionsabal a leagtar amach i ndoiciméad an Chóid Chleachtais maidir leis an chaighdeán is airde ó thaobh rialachas corparáideach a chomhlíonadh de.

**Dréachtráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB)** – Ráitis Airgeadais 2020 – Tá na Ráitis Airgeadais Bhliantúla de chuid an Bhoid Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi réir a iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste nuair a fhoilseofar an Tuarascáil Bhliantúil de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir don bhliain 2020. Foilseoidh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí tar éis iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Dearbhaíonn an Bord gur tharla athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus go gclúdaítear Ráiteas an Rialaithe Inmheánaigh (féadfar athrú ar bith teacht air go dtí go gcríochófar an t-iniúchadh) leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020. Foilseofar é taobh istigh de mhí amháin tar éis é a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus mar aguisín roimh Thuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire.





## Sonraí Ballraíochta

### Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir: Ballraíocht

**Príomhfheidhmeannach** Mr George O'Callaghan  
**Cathaoirleach** An Comhairleoir Kieran O' Hanlon

Ainm	Comhlacht Ainmiúcháin
An Comhairleoir Kieran O' Hanlon	Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh
An Comhairleoir Colleran Molloy	Údarás Áitiúil Chontae an Chláir
Mr Michael Cregan	Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013)
An Comhairleoir Michael Donegan	Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh
Ms Elaina Fitzgerald	Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013)
An Comhairleoir Liam Galvin	Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh
Mr Michael Guilfoyle	Ionadaí Foirne
Ms Kate Hehir	Ionadaí Foirne
Ms Sheila Bailey	Ionadaí Tuismitheora
An Comhairleoir Gabriel Keating	Údarás Áitiúil Chontae an Chláir
An Comhairleoir Sarah Kiely	Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh
An Comhairleoir Joe Killeen	Údarás Áitiúil Chontae an Chláir
Mr Sean McMahon	Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013)
An Comhairleoir Paul Murphy	Údarás Áitiúil Chontae an Chláir
An Comhairleoir Ann Norton	Údarás Áitiúil Chontae an Chláir
Mr Mark O'Dea	Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013)
Mr Dónal Ó hAiniféin	Ionadaí Tuismitheora
Ms Marian Petty	Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013)
An Comhairleoir Elena Secas	Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh
An Comhairleoir John Sheahan	Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh
An Comhairleoir Brigid Teefy	Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh



## Dátaí Cruinnithe an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2020

25ú Feabhra 2020  
24ú Márta 2020  
19ú Bealtaine 2020

21ú Iúil 2020  
15ú Meán Fómhair 2020  
17ú Samhain 2020

## Freastail ar chruinnithe an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2020

	Dátaí na gCruinnithe						
	25ú Feabhra	24ú Márta	19ú Bealtaine	21ú Iúil	15ú Meán Fómhair	17ú Samhain	Líon na ndaoine A raibh i láthair
<b>An Comhairleoir Colleran Molloy</b>	Ní Raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	5
<b>Mr Michael Cregan</b>	Ní Raibh	Ní Raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Ní Raibh	3
<b>An Comhairleoir Michael Donegan</b>	Ní Raibh	Ní Raibh	Bhí	Bhí	Ní Raibh	Ní Raibh	2
<b>Ms Elaina Fitzgerald</b>	Ní Raibh	Ní Raibh	Bhí	Ní Raibh	Bhí	Bhí	3
<b>An Comhairleoir Liam Galvin</b>	Bhí	Ní Raibh	Bhí	Ní Raibh	Ní Raibh	Bhí	3
<b>Mr Michael Guilfoyle</b>	Bhí	Bhí	Ní Raibh	Ní Raibh	Bhí	Bhí	4
<b>Ms Catherine Hehir</b>	Bhí	Ní Raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	5
<b>Ms Sheila Bailey</b>	Ní Raibh	Ní Raibh	Bhí	Ní Raibh	Bhí	Ní Raibh	2
<b>An Comhairleoir Gabriel Keating</b>	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	6
<b>An Comhairleoir Sarah Kiely</b>	Bhí	Bhí	Ní Raibh	Bhí	Bhí	Ní Raibh	4
<b>An Comhairleoir Joe Killeen</b>	Ní Raibh	Ní Raibh	Bhí	Ní Raibh	Ní Raibh	Bhí	2
<b>Mr Sean McMahon</b>	Ní Raibh	Ní Raibh	Ní Raibh	Bhí	Ní Raibh	Bhí	2
<b>An Comhairleoir Paul Murphy</b>	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	6
<b>An Comhairleoir Ann Norton</b>	Ní Raibh	Bhí	Bhí	Ní Raibh	Bhí	Bhí	4
<b>Mr Mark O'Dea</b>	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	6
<b>Mr Dónal Ó hAiniféin</b>	Bhí	Bhí	Bhí	Ní Raibh	Ní Raibh	Bhí	4
<b>Cllr Kieran O'Hanlon</b>	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	6
<b>Ms Marian Petty</b>	Bhí	Bhí	Bhí	Ní Raibh	Bhí	Bhí	5
<b>An Comhairleoir Elena Secas</b>	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	6
<b>An Comhairleoir John Sheahan</b>	Bhí	Bhí	Ní Raibh	Ní Raibh	Ní Raibh	Ní Raibh	2
<b>An Comhairleoir Brigid Teefy</b>	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	6



## Costais na gComhaltáí Bord agus líon freastail na gCruinnithe

Íoctar costais do na Comhaltáí Bord agus iad ag taisteal chuig cruinnithe an Bhoird. Is féidir teacht ar an eolas seo i Ráiteas Airgeadais de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.

## Coiste Airgeadais de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2020

Comhlíonann Coiste Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ról tábhachtach i gcreatlach rialachais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna trí athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar an Bhord maidir leis an dréachtphlean seirbhíse; ag bráth ar an Phríomhfheidhmeannach ag cur an Plean Seirbhíse, mar a ghlacadh leis an Bhord, i gcrích agus cibé caiteachas arna leagan amach ag an Aire; agus ag bráth go nglacfaidh an Bord le cibé cuntais arna leagan ag an Phríomhfheidhmeannach.

### Ballraíocht an Choiste Airgeadais

#### Seachtrach

Mr Sean Conlon, Cathaoirleach  
Ms Sadie Aherne  
Mr Eugene O'Brien

#### Inmheánach

An Comhairleoir John Sheahan  
An Comhairleoir Joe Killeen  
Ms Elaina Fitzgerald

### Dátaí Cruinnithe an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

24ú Feabhra 2020  
23ú Márta 2020

2ú Samhain 2020  
3ú Nollag 2020

### Líon freastail ar na cruinnithe de chuid an Choiste Airgeadais 2020

	Dáta an Chruinnithe				Líon daoine a raibh i láthair
	24/02/2020	23/03/2020 Trí Zoom	02/11/2020 Trí Zoom	03/12/2020 Trí Zoom	
<b>Ms Sadie Aherne</b>	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	4
<b>Mr Sean Conlon, Cathaoirleach</b>	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	4
<b>Mr Eugene O'Brien</b>	Ní Raibh	Ní Raibh	Bhí	Bhí	2
<b>An Comhairleoir John Sheahan</b>	Ní Raibh	Ní Raibh	Ní Raibh	Bhí	1
<b>An Comhairleoir Joe Killeen</b>	Bhí	Ní Raibh	Bhí	Bhí	3
<b>Ms Elaina Fitzgerald</b>	Ní Raibh	Bhí	Bhí	Bhí	3



## Coiste Iniúcháireachta agus Riosca de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Comhlíonann Coiste Iniúcháireachta agus Riosca Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ról tábhachtach i gcreatlach rialachais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna trí chúnamh a thabhairt don Bhord monatóireacht a dhéanamh ar an rialú inmheánach, lena gcuimsítear rialachas corparáideach, bainistíocht riosca, iniúchadh inmheánach agus rialuithe airgeadais/neamhairgeadais arna gcur i bhfeidhm ag na bainisteoirí feidhmiúcháin. Ní chuireann an Coiste freagrachtaí bainistíochta i gcrích agus ní ionadaí é in áit eintiteas bainistíochta le haghaidh feidhmeanna agus freagrachtaí.

### Ballraíocht an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

#### Seachtrach

Mr Donal Fitzgibbon, Cathaoirleach  
Mr Fergus Dunne  
An Comhairleoir Mary Roche  
Mr Declan Phillips  
Mr Matt Power

#### Inmheánach

An Comhairleoir Gabriel Keating  
An Comhairleoir Sarah Kiely  
Mr Sean McMahon

### Dátaí Cruinnithe an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2020

13ú Eanáir 2020  
25ú Feabhra 2020  
24ú Márta 2020

19ú Bealtaine 2020  
3ú Samhain 2020  
2ú Nollaig 2020

### Freastail ar na cruinnithe den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca 2020

	Dáta an Chruinnithe						Líon freastail ar na Cruinnithe
	13/01/20	25/02/20	24/03/20 Trí Zoom	19/05/20 Trí Zoom	03/11/20 Trí Zoom	02/12/20 Trí Zoom	
Mr Donal Fitzgibbon, Cathaoirleach	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	6
Mr Fergus Dunne	Bhí	Bhí	Ní Raibh	Bhí	Bhí	Bhí	5
An Comhairleoir Mary Roche	Bhí	Bhí	Ní Raibh	Bhí	Bhí	Bhí	5
An Comhairleoir Gabriel Keating	Bhí	Bhí	Bhí	Ní Raibh	Ní Raibh	Ní Raibh	3
An Comhairleoir Sarah Kiely	Bhí	Ní Raibh	Ní Raibh	Ní Raibh	Bhí	Ní Raibh	2
Mr Sean McMahon	Ní Raibh	Ní Raibh	Ní Raibh	Ní Raibh	Ní Raibh	Ní Raibh	0
Mr Declan Phillips	Ní Raibh	Ní Raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	4
Mr Matt Power	Ní Raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	5



## Stiúrthóireacht um Thacaíocht Eagraíochta agus Forbairt

Laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, déanann Stiúrthóireacht um Thacaíocht Eagraíochta agus Forbairt maoirsiú ar bhainistiú acmhainní an Bhoird sna Rannóga Acmhainní Daonna, Seirbhísí Corparáideacha, Airgeadais, TFC, agus Caipitil agus Soláthair.



Is é ról na Stiúrthóireachta um Thacaíocht Eagraíochta agus Forbairt ná a bheith i gceannas ar thionscnamh riaracháin agus tionscnaimh straitéiseacha na heagraíochta (struchtúir, beartas, córais, tionscnaimh agus idirghabhálacha), a fheabhsóidh an cumas atá ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i dtaobh na ceithre sprioc a bhaint amach a bhfuil achoimre orthu sa Ráiteas Straitéise, agus an dea-chleachtas a chinntiú i dtéarmaí rialachas corparáideach an údaráis. Déantar an méid sin i gcomhar le Stiúrthóirí an Rannáin Scoileanna agus an Rannáin Breisoideachais agus Oiliúna de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.



Is ag obair ar gach ceann ar leith den 4 sprioc a bhíonn an Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta, agus é ina aidhm acu tuilleadh luacha a chur le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus, chuige sin, níos mó feabhais a chur ar na beartais, na córais agus na próisis rannpháirtíochta fóna a chinntiú go bhfuil an Bord ag comhlíonadh na reachtaíochta, ag mealladh agus ag coinneáil na baill foirne in ardchaighdeán, ag léiriú rialachas den scoth agus ag tacú le fíis an Bhoird a bhaint amach mar atá sainithe sa Ráiteas Straitéise.



Is é dúthracht thiomanta fhoireann Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir is cúis leis an rath a bhí ar an Bhord. Léirítear tábhacht a bhaineann le timpeallacht thacúil, comhoibríoch, sábháilte agus sláintiúil a chothú do na baill foirne síos i *Spríoc Tosaíochta 2 - Tacaíocht na mBall Foirne agus Forbairt Eagraíochta*. Is próiseas forbartha de réir mar a fhásann sé é an scéim Eagraíochta agus beidh tionchar ar roinnt tionscadail náisiúnta, cosúil le Seirbhís Phárolla agus Airgeadais Roinnte, air. Lean Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir de bheartais agus nósanna imeachta ábhartha a fhorbairt agus a chur leo le linn 2020 lena cinntiú go mbeadh an reachtaíocht ábhartha, an dea-chleachtas, an tseirbhís do chustaiméirí agus an rialachas corparáideach á gcomhlíonadh acu.

**Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide** Tharla dul chun cinn maith sa bhliain 2020 ó thaobh scéim feabhsúcháin de, lena n-áirítear fócas leathan ar réitigh ríomhthráchtáil nua agus ar na nithe feidhmiúcháin bunaithe roimhe. Baineadh na dúshláin a ghabhann leis an phaindéim COVID-19 amach, cosúil leis an spleáchas nua roimh theicneolaíocht chun cianobair a chur i bhfeidhm go rathúil, cé nach raibh ach tréimhse ama gairid ann chun a leithead a chur i gcrích. Bhí an Straitéis TFC, straitéis ina chuireadh plean cuimsitheach ar fáil chun teagaisc, foghlaim agus úsáid an TFC thar an chomhlacht ar fad, in ann na baill foirne a ullmhú agus a fheabhsú ó thaobh an cianobair de. Bhí ról TFC ag teacht chun cinn i ngach réimse de sheirbhísí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna le linn 2020. Tháinig méadú ar thábhacht an TFC don chomhlacht agus bíonn dul chun cinn tagtha ar gach seirbhís agus modh tacaíochta chuig ár gcuid oifigí riaracháin, scoileanna agus ionaid. Mar rannóg é féin, tugann sé neart seirbhís agus modh tacaíochta ar fáil d'oifigí, scoileanna agus ionaid, cosúil le:

- Bainistíocht Tionscadail roimh aon chóras nua, agus uasdátú a dhéanamh orthu
- Forbairt agus bainistíocht an infreastruchtúir
- Bogearraí córais agus uasdátú cuí a aithint
- Forbairt agus cothabháil na gcóras cumarsáide
- Comheagar agus Bainistíocht an Chúnamh Theicniúil agus an Deasc Chabhrach
- Bainistíocht na gConraitheoirí
- Seirbhís chomhairleach do sholáthar
- Pleananna Athshlánaithe ó Thubaiste
- Cosaint Sonraí agus Slándáil TFC

Déanann an Rannóg TFC na córais chumarsáide de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a fhorbairt agus a chothabháil, agus í ag féachaint le cosaint sonraí agus slándáil a chinntiú ar fud gach córais de chuid an údaráis. Leanfaidh an Rannóg TFC ar aghaidh ag tabhairt cabhair agus comhairle faoi gach soláthar TFC agus ag cinntiú go gcuirfear i gcrích Pleananna Athshlánaithe ó Thubaiste agus Pleananna Leanúnachais Gnó agus go ndéanfar athbhreithniú orthu.

D'fhorbairt agus d'infheistigh an Bord Oideachas agus Oiliúna córais chianrochtana atá in ann modhanna oibre nua a chuidiú agus a éascú. Is féidir le baill foirne cuid is mó de na seirbhísí a aimsiú agus a úsáid ait ar bith tríd an tairseach. De bhí ar fhorbairtí maidir le néalseirbhísí, agus fiú Microsoft Office 365 agus roinnt uirlis táirgiúlacht eile a leathadh amach, níl gá ar an Bhord Oideachas agus Oiliúna feidhm a bhaint as a gcuid oifigí agus foirgnimh chun ceisteanna laethúla a shocrú.

**Cúrsaí Dlí agus Comhlíonadh** Bíonn comhlíonadh á léiriú go leanúnach, agus bíonn na beartais go léir faoi athbhreithniú leanúnach. De bharr na paindéime, bhí ar an Bhord Oideachas agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir modúil traenála COVID-19 a fhorbairt ina raibh 'Privacy Engine' in úsáid mar léibheann traenála dáileacháin. Tá obair ar siúl i gcónaí ar an Lámhleabhar um Chomhlíonadh lena



chinntiú go gcomhlíonfaidh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a chuid oibleagáidí faoi Chód Cleachtais Imlitir 0002/2019 um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna.

**Cosaint Sonraí:** Ar an 25 Bealtaine 2018, tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm. In Éirinn, tugadh éifeacht reachtach dó in acht nua, an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018. Chun a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh, bailíonn, stóráil agus próiseálann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir cuid mhór sonraí ar dhaoine éagsúla is ábhar sonraí. Tá an Bord Oideachas Oiliúna tiomanta do bheartas i dtaobh cearta agus saoirsí daoine aonair a chosaint maidir le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ainmnithe ag an údarás a fheidhmíonn mar phointe teagmhála maidir le gach ceist faoi phríobháideacht sonraí agus tá Beartas um Chosaint Sonraí forbartha aige a ghabhann leis an Bheartas Príobháideachta. Le linn 2020, fuair Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 9 nIarratas i dtaca le Sonraí Rochtana.

**Saoráil Faisnéise:** Faoi Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2015, ceanglaítear ar chomhlachtaí a thagann faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise an oiread faisnéise agus is féidir a ullmhú agus a fhoilsiú go tráthúil ar bhonn oscailte, inrochtana lasmuigh de cheangaltas na saorála faisnéise féin, ag féachaint do phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta mar atá leagtha amach in Alt 8(5) agus Alt 11(3) den Acht. Déanta foráil leis sin maidir le taifid a fhoilsiú nó a thabhairt lasmuigh de Shaoráil Faisnéise ar choinníoll nach bhfuil sé toirmisceithe faoin dlí an fhaisnéis sin a fhoilsiú nó rochtain a thabhairt uirthi. Faoi scéim, ní mór do chomhlachtaí a thagann faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise faisnéis a chur ar fáil mar chuid dá ngnáthghníomhaíochtaí gnó. Tá Scéim Foilsithe Saorála Faisnéise an Bhoird foilsithe ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus tá Oifigeach Saorála Faisnéise ainmnithe acu. Le linn 2020, fuair Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 12 Iarratas i dtaca le Saoráil Faisnéise. Ba ó iriseoirí, grúpaí sainleasa, baill foirne agus tuismitheoirí a tháinig na hiarratais sin. Ceadaíodh 6 cinn, ceadaíodh 2 chinn eile go pointe áirithe, tarraingíodh 2 chinn agus láimhseáladh ceann amháin eile taobh amuigh de SF.

**Nochtadh Cosanta:** De réir fhorálacha an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014, tá oifigeach ainmnithe ceaptha ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir chun nochtadh cosanta a fháil agus tá beartas curtha i bhfeidhm acu, *Beartas maidir le Déanamh Nochtadh Cosanta ag Oibrithe de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir* atá foilsithe ar shuíomh gréasáin an Bhoird. I gcomhair leis an reachtaíocht, spreagfaidh an beartas sin oibrithe chun éagóir a d'fhéadfadh a bheith ann a thuairisciú agus iad ar an eolas go gcaithfear go dáiríre leis an ábhar inniúil atá acu agus go ndéanfar imscrúdú orthu, agus gur faoi rún a dhéanfar é sin. Mar a cheanglaítear le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, dearbhaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir nach ndearnadh aon Nochtadh Cosanta in 2020.

**Bainistiú Riosca:** Rinneadh an Beartas Corparáideach um Bainistíocht Riosca a fhaomhadh in 2017 agus, ar bhonn plean gnó réamhullmhaithe, tá clár rioscaí ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ina léirítear rioscaí a bhaineann le Tacaíocht Eagraíochta, Breisoideachas agus Oiliúint agus Scoileanna. Is doiciméad beo é an Clár Rioscaí ina dtugtar cothrom le dáta de réir mar a shaináithnítear rioscaí nua, nó a leasaítear dóchúlacht/déine riosca ann mar gheall ar rialuithe oiriúnacha a bheith curtha i bhfeidhm chun an riosca a mhaolú nó deireadh a chur leis.

Déanann an Bord maoirseacht ghníomhach leanúnach ar bhainistíocht riosca agus dearbhaítear go ndearna measúnú ar na príomhrioscaí agus na bearta maolaithe gaolmhara agus go ndearna sé athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart sin in 2020. Déanann an Bord bainistíocht ar rioscaí don eagraíocht trí chlár struchtúrtha bainistíochta riosca. Faigheann an Bord cúnamh ina fheidhm bhainistíochta riosca ón Choiste Iniúcháireachta agus Riosca. Bíonn an Bord ag brath freisin ar an



Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí agus ar na tuarascálacha uaidh, ar an iniúchadh bliantúil a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ar aon iniúchadh seachtrach amhail an tIniúchadh ESF agus/nó an tIniúchadh Ioncaim. Ina theannta sin, déantar athbhreithniú gach uile bhliain ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha. Is mír bhuan í an Bhainistíocht Riosca ag gach cruinniú agus áirítear sa mheasúnú uirthi, inter alia:

- Tuarascálacha riosca ón lucht ardbhainistíochta lena n-áirítear an Príomhoifigeach Riosca
- Tuarascálacha ón Choiste Iniúcháireachta agus Riosca
- Tuarascálacha riosca ón lucht ardbhainistíochta lena n-áirítear Oifigeach um Chomhlíonadh an Bhoird
- Clár Iniúcháireachta

Thug Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir faoi roinnt gníomhaíochtaí in 2020 chun tacú le bainistíocht riosca fiontair agus chun an dea-rialachas a léiriú. Is é an bonn fianaise i leith na hoibre sin ná reachtaíocht a bhaineann le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus an Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna (Imlitir 0002/2019). Tugadh chun críche na táirgeachta seo i rith na bliana:

- Athbhreithniú agus uasdátú ráithiúil ar an Chlár Rioscaí Corparáideach
- Athbhreithniú agus uasdátú ráithiúil ar an Chlár Rioscaí maidir le Breisoideachas agus Oiliúint
- Athbhreithniú agus uasdátú ráithiúil ar Chlár Rioscaí na Scoileanna

Cuireadh na príomhrioscaí a sainaitníodh faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus bhí obair leanúnach ar siúl chun na rioscaí a bhainistiú, iad a mhaolú agus réimsí riosca nua a shainaithint. Díródh ar na príomhrioscaí a shainaithint a d'fhéadfadh a chosc ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a Ráiteas Straitéise agus na bearta rialaithe gaolmhara a chur i bhfeidhm, d'fhonn tionchar na rioscaí sin a mhaolú.

Cuirtear na rioscaí a shainaitnítear leis an Chlár Rioscaí agus déantar iad a chatagóiriú mar a leanas:

Comhlíonadh, Conarthach, Airgeadas, Oibríochtúil, Clú agus Straitéiseach. Ansin déantar na rioscaí sin a rátáil i dtéarmaí dóchúlachta agus tionchair, agus déantar iad a aicmiú dá réir mar rioscaí Dearg, Ómra nó Glas.

Nuair a bhíonn na rioscaí sainaitheanta agus taifeadta ar an chlár rioscaí, déanann an lucht bainistíochta athbhreithniú orthu mar a leanas: Dearg – gach ráithe, Ómra – gach sé mhí, Glas – gach bliain.

Deimhníonn an Bord go ndearna sé measúnú ar phríomhrioscaí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus gur cuireadh sonraí faoi na rioscaí sin a sainaitníodh, lena n-áirítear bearta nó straitéisí maolaithe gaolmhara, san áireamh in Aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh chuig an Aire Oideachais.

Deimhníonn Cathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí.

Dearbhaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir gur glacadh leis an Chód Cleachtais do Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna arna eisiúint sa bhliain 2019 agus go ngéilleann siad leis na ceanglais is déanaí ina gcuid gnásanna rialachas thar an chomhlacht ar fad. Is féidir teach ar cheisteanna de neamh-chomhlíonadh taobh istigh de na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.





**Saincheisteanna Árachais agus Dlí:** Lean an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh in 2020 ag cur tacaíocht agus comhairle ar fáil don fhoireann uile ar fud na heagraíochta i ndáil le haon saincheist dlí a tháinig chun cinn, chomh maith le héilimh fhéideartha agus éilimh i dtaca le díobháil phearsanta.

**Sláinte agus Sábháilteacht:** Tá sé ina aidhm ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, bunaithe ar rialú rioscaí agus ar bheartas leanúnach um maolú rioscaí, a chinntiú go seachnaítear timpistí/teagmhais agus neastimpistí, agus ar an chaoi sin déantar sábháilteacht, sláinte agus leas na mball foirne, na mac léinn, na scoláirí, na bhfoghlaimoirí agus na gconraitheoirí a chumhdach i gcás gur ag dul isteach i bhfoirgneamh ar bith a ghabhann leis an Bhord. Bhí ar an Bhord Oideachais agus Oiliúna 2 thimpiste a thuairisciú chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta le linn 2020.

**Scéim Teanga Oifigiúil:** Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir faoi threoir de na prionsabail a thagann ó agus tiomanta do na hoibleagáidí atá orthu maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla

2003. Bhí Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir faoi réir iniúchta ag Oifig an Choimisinéara Teanga maidir le cur i bhfeidhm na ngealltanais a rinneadh ina Scéim Teanga. Foilseoidh na torthaí in 2020.

**Acmhainní Daonna:** Rinne Rannóg na nAcmhainní Daonna de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir earcú agus roghnú i leith 224 post a bhainistiú in 2020, agus cloíodh leis an dea-chleachtas agus freastalaíodh ar na hoibleagáidí reachtúla ina leith sin. Anuas air sin, soláthraíodh réimse seirbhísí a bhain le hAcmhainní Daonna mar thacaíocht do na foirne uile sna scoileanna, sna hionaid agus sa cheannoifig. Tháinig Zoom isteach le linn 2020 mar léibheann na gclár polasaí agus bhí an Bord in ann cianagallaimh a reáchtáil mar gheall ar. Chun dul i ngleic le gá an údarais maidir leis na folúntais a líonadh, úsáideadh an léibheann nua seo chun agallaimh a dhéanamh do na 224 post a bhí ar fáil. Tugadh traenáil Zoom do na comhaltaí bhoird a bheas i mbun na hagallaimh seo, agus fuair na comhaltaí bhoird sin agus na hiarrthóirí araon treoracha tacaíochta. D'éirigh le hAcmhainní Daonna (AD) na feachtais earcaíochta uile a bhaint amach in 2020 tar éis dóibh comhoibriú go gearr leis an rannóg TFC de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus an léibheann nua seo a thacú.

Agus iad ag díriú isteach ar theagasc agus foghlaim na scoláirí i ngach Scoil Phobail Náisiúnta, Meánscoil agus Ionad Breisoideachas, bhí an rannóg AD in ann earcaíocht na mball foirne a leanúint a fhad is go mbeidh farasbarr de bhaill foirne, agus ionadaithe ina measc, ar fáil do na scoláirí agus na bhfoghlaimoirí a ghabhann leis na scoileanna agus ionaid.

Sannadh 18 post freagrachta breise do mheánscoileanna an údarais le linn 2020. Rinne an Rannóg Acmhainní Daonna an próiseas earcaíochta inmheánach sin a bhainistiú, agus treisíodh na foirne ceannaireachta agus bainistíochta inár scoileanna dá bharr, agus béim á leagan ar na caighdeáin is airde i ndáil le torthaí oideachais a bhaint amach do scoláirí ionas go gcothófaí timpeallacht a bhfuil ardcháilíocht cúraim scoláirí, foghlama agus teagaisc ina bunchloch di.

Mar chuid de scéim phiólótach de chuid na Roinne Oideachais, osclaíodh Campas Glenroe - campas brainse de Scoil Phobail Náisiúnta Mol an Óige in Inis Díomáin, Contae an Chláir -i mí Meán Fómhair 2020. Thacaigh agus chuidigh an rannóg AD go mór le ath-oscailt na scoile sin.

**Caipiteal agus Soláthair:** Lean Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar aghaidh ag infheistiú in infreastruchtúr oideachais thar chontae Luimnigh agus contae an Chláir in 2020. Le linn 2020, ghlac baill foirne ón Rannóg Chaipitil agus Soláthair páirt i bhforbairt ghairmiúil fhoirmiúil agus Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2020



neamhfhoirmiúil, agus thug baill foirne traenáil d'Fhoirne Bainistíochta Sinsearacha in ionaid bhreisoideachais agus scoileanna agus do gach ball foirne riaracháin a bhaineann leis na hionaid maidir leis an Pholasáí Soláthair Náisiúnta agus Plean Soláthair Ilbhliantúil an Bhoird.

Dearbhaíonn an Cathaoirleach go gcloítear leis an bheartas agus na nósanna imeachta soláthair ábhartha agus go bhfuil an Plean Soláthair Corparáideach á fhorbairt agus á chur i bhfeidhm.

Chothaigh an dlúthchomhar idir an rannóg Chaipitil agus Soláthair agus na Roinne Airgeadais in 2020. Thug an tOifigeach Caipitil agus Soláthair tuairisc don Choiste Iníúcháireachta agus don Choiste Airgeadais ar an Chlár Caipitil agus ar an bhfeidhm Sholáthair le linn 2020, agus tá tuairiscí faoi thairiscintí os cionn €100,000 fós a eisiúint ag gach cruinniú den Choiste Airgeadais. Léiríodh éifeachtacht an chomhshaothar idir an rannóg Chaipitil agus Soláthair agus na Roinne Airgeadais trí fhreagairt ar an gá maidir le héadaí agus earraí PPE a thabhairt ar scoileanna agus ionaid a fhad is go raibh siad in ann na saoráidí oideachais a athoscailt tar éis na dianghlása in 2020. Bhí comhoibriú de dhíth chun Plean Soláthair Ilbhliantúil a chur i gcrích in am i mí Meán Fómhair 2020.

**Straitéis Airgeadais:** Is é cuspóir na Rannóige Airgeadais tacaíocht a thabhairt don Bhord chun na cuspóirí atá leagtha síos sa Phlean Seirbhíse bliantúil a bhaint amach faoi shrian an bhuiséid. Áirítear leis an tacaíocht airgeadais tacaíocht maidir le cinnteoireacht, rialú corparáideach ar airgead poiblí, próiseáil idirbheart agus cuntasacht, agus a chinntiú gur chomhlíon an Bord Oideachais agus Oiliúna a gcuid oibleagáidí faoin dlí cánach. Dearbhaíonn Cathaoirleach an Bhoird gur chomhlíonadh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a gcuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

**Cuntasáíocht Reachtúil:** Deimhníonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go bhfuil sé de fhreagracht orthu an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú, agus measann sé go gcuirtear i láthair go cuí sna ráitis airgeadais ioncam agus caiteachas an údaráis agus staid chúrsaí an údaráis.

**Foinsí Cistiúcháin:** Is féidir miondealú sonraithe maidir le foinsí cistiúcháin a bhreathnú taobh istigh de na Ráitis Airgeadais Bhliantúil.

**Ráitis Airgeadais 2020:** Tá sé de fhreagracht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú, agus, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil dó, measann sé go gcuirtear i láthair go cuí sna ráitis airgeadais ioncam agus caiteachas an údaráis agus staid chúrsaí an údaráis.

Tá Ráitis Airgeadais Bhliantúla Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi réir a n-iníúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nuair a bheidh an t-iníúchadh sínithe ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, foilseoidh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí tar éis iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire.



## **Achoimre Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020**

### **Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir Ráiteas Oibriúcháin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020\***

Ullmhaítear Ráitis Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i leith 2020 agus cuirtear faoi bhráid na Roinne Oideachais iad, agus faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh. Tar éis don Ard-Reachtaire an t-íniúchadh a shíniú agus tar éis don Roinn Oideachais na cuntais a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais, foilseofar na Ráitis Airgeadais ar shuíomh gréasáin Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus beidh siad ag gabháil leis an Tuarascáil Bhliantúil.


#### **Clúdaítear sonraí airgeadais i ndáil leis na nithe seo a leanas i Ráitis Airgeadais Bhliantúil an Bhoird:**

- Táillí nach mbaineann le tuarastal íoctha ar bhail an Choiste;
- Tuarastail agus sochair fostaithe ghearrthéarmacha;
- Sochair iarfhóstaíochta;
- Sochair foirceanta;
- Bunchúiteamh bainistíochta, más ann;
- Líon na bhfostaithe a raibh idir €0 agus €59,999 acu i dtaobh sochair fostaithe de;
- Líon na bhfostaithe a raibh idir €60,000 agus €69,999 acu i dtaobh sochair fostaithe de, agus taobh istigh de gach réim ioncaim de mhéad €10,000; agus
- Figiúr iomlán maidir le ranníocaíochtaí pinsin na bhfostaithe.



## An Rannán Scoileanna

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir freagrach as bainistíocht agus gnó 2 Scoil Phobail Náisiúnta agus 18 meánscoil i Luimneach agus an Chláir. Seasann an Bord Oideachais agus Oiliúna mar chomhphatrún de 4 Scoil Phobail. Ina theannta le bainistíocht a dhéanamh ar bhunscoileanna agus meánscoileanna, tá freagracht ag an rannán maidir le Seirbhísí um Obair don Aos Óg.



### Tacaíocht a thabhairt do scoileanna le linn COVID-19

Nuair a fhógróidh ar an 12 Márta 2020 go raibh ar gach scoil, ollscoil agus saoráid oideachais agus oiliúna eile a ndoirse a druideadh, thosaigh sraith tarluithe de dhúshláin thar an earnáil oideachais mar gheall ar COVID-19.

D'obair an rannán de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go gasta sular bhuaill an phaindéim leac dorais na hÉireann amach chun torthaí oideachais na bpaistí, go háirithe na páistí leochaileacha agus iadsan faoi mhíbhuntáiste, a chinntiú agus a shocrú roimh dheireadh na bliana acadúla 2019/2020. Thosaigh cruinnithe trí físchomhdhála amach idir Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí i mí an Mhárta 2020 agus níor chuireadh stop leis an dea-chleachtas sin ina dhiaidh. Forbraíodh acmhainní dá leithead pleananna, teimpléid agus ceistneoirí ar líne srl. le linn 2020 chun an t-oideachas leanúnach agus sláinte na ndaltaí a chomhlíonadh; agus cuireadh múinteoirí ar an eolas faoi dheiseanna forbartha le dul i ngleic leis an athrú gearr i dtreo na cianfhoghlama.

Tacaíodh leis na scoileanna maidir le plean na Roinne Oideachais na scoileanna a athoscailt arís i mí Meán Fómhair 2020. Thacaigh An Rannán Scoileanna leis an Phlean Freagartha COVID-19 a chríochnú agus a chur chun feidhme ag na scoileanna uile sa dóigh is go mbeidh na scoileanna in ann na bearta a bhí de dhíth chun bac a chur ar leathadh COVID-19 i dtimpeallachtaí scoile. Leasaíodh an doiciméad tábhachtach seo de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh i dtaca le COVID-19 agus na nithe a bhaineann leis ag athrú de shíor an t-am ar fad.



Tacaíodh leis na scoileanna go mór chun dóigheanna cruthaitheacha, oiriúnacha agus fiú, ailtéarnacha a dhéanamh maidir le cruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí, oíche eolais agus cruinnithe do thuismitheoirí le páistí a bhfuil sainriachtanais acu.

## Leibhéal Bunscoileanna

Is bunscoileanna páistelárnach, ionchuimsitheach agus idirchreidmheach iad an dá scoil phobail náisiúnta atá againn ina dtugtar oideachas bunscoile den ardchaighdeán ar fáil do gach uile pháiste i gcomhréir leis an Churaclam Scoil Phobail Náisiúnta de chuid na Roinne Oideachais. Chláraigh na scoileanna 212 dalta in 2020.

Ceann de na buanna is mó le rá maidir le leibhéal bunscoileanna in 2020 ná nuair a athosclaíodh an chéad scoil bhrairse de scoil phobail náisiúnta i Glenroe, Contae Luimnigh. Is scoil bhrairse de Scoil Phobail Náisiúnta Mol an Óige é Glenroe atá lonnaithe in Inis Díomáin, Contae an Chláir. Osclaíodh an seomra ranga sa tseanchampas scoile in Glenroe agus bhí 7 ndalta ann. Le linn na bliana, chláraigh 4 dhaltá eile sa scoil. Thug an pobal agus an paróiste Luimnigh iomlán a gcuid tacaíocht roimh athoscailt na scoile sa cheantar tuaithe seo agus bhí an scéal chun tosaigh sna meáin le linn mí Lúnasa 2020.

## Oideachas Bunscoile

Is éard atá san oideachas bunscoile timthriall ocht mbliana ina leantar Curaclam na Bunscoile (1999): na naíonáin shóisearacha, na naíonáin shinsearach, agus rang a haon go dtí rang a sé. Tá sé ina aidhm ag an gcuraclam bunscoile eispéireas leathan foghlama a sholáthar agus spreagann sé réimse leathan cineálacha cur chuige i leith teagaisc agus foghlama a fhreastalaíonn ar na riachtanais éagsúla a bhíonn ag páistí aonair. Dearadh an curaclam bunscoile chun an páiste a chothú i ngach gné dá shaol – gnéithe spioradálta, morálta, cognaíocha, mothúchána, samhlaíocha, aeistéitiúla agus sóisialta agus gnéithe coirp. Tugtar breac-chuntas i gCuraclam na Bunscoile (1999) ar an méid a fhoghlaimíonn na leanaí – cad a fhoghlaimíonn na páistí agus cén dóigh a ndéanann siad é – don chéad ocht mbliana a chaitheann na leanaí ar scoil, ó na naíonáin shóisearacha go rang a sé. Tá sé mar sprioc an churaclaim:

- cuidiú leis na páistí uile barr a gcumais a bhaint amach
- grá na foghlama a spreagadh
- cabhrú le páistí a scoileanna a úsáidfidh siad ar feadh a saoil a fhorbairt.

Cuirtear an curaclam i láthair i seacht réimse, agus tá cuid acu siúd foroinnte ina n-ábhair. Is iad sin:

- Teanga: Gaeilge agus Béarla
- Matamaitic
- Oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíocht (OSIE): stair, tíreolaíocht agus eolaíocht
- Oideachas ealaíon: na hamharcealaíona, ceol agus drámaíocht
- Corpoideachas
- Oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS)
- Tá na pátrúin scoile éagsúla freagrach as an oideachas reiligiúnach nó an t-oideachas i dtaobh eite.

Baineann na Scoileanna Phobail Náisiúnta leas as an chreatlach thacaíochta de phríomhoidí arna eagrú ag Stiúrthóir na Scoileanna. Faigheann na scoileanna treoracha agus cúnamh ón Fhoireann Tacaíochta de chuid an Rannán Scoileanna agus tugadh traenáil maidir le freagrachtaí agus feidhmeanna do gach bord bainistíochta. Fuair siad an traenáil trí sheimineár gréasáin Zoom mar gheall ar srianta COVID-19 in 2020. Clúdaítear sa traenáil sin modúil dá leithead:



- Ról an Chathaoirleach agus an Rúnaí
- Cruinnithe Éifeachtacha - nóiméid agus tuairisciú
- Róil Reachtaíochta agus Freagrachtaí an BoM
- Cosaint na bPáistí
- Frithbhulaíocht
- Féinmheastóireacht Scoile agus Plean Feabhsúcháin Scoile
- WSE/MML, Cosaint na bPáistí agus Cigireachtaí Cosanta & Cigireachtaí Ábhair
- Cead Iontrála ar Scoileanna agus Achomhairc
- Seisiún eolais ar Phleananna Freagartha COVID-19 agus Foráil Sábháilteacht Scoilaíocht (Cuairteanna ón DE Inspectorate)

Tacaíonn na rannáin dhifriúla de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir - cosúil le Caipiteal agus Soláthar, Seirbhísí Corparáideacha, Airgeadais, AD agus TFC - le príomhoidí agus boird na scoileanna. Glacann gach scoil páirt i ngréasán tacaíochta arna eagrú ag an ETBI i bhfoirm clár darb ainm *Goodness Me Goodness*.

### Rollú Iarbhír agus Rollú Réamh-Mheasta (Bunscoileanna)

Líon ar Rolla / Bunscoileanna		Rollú Iarbhír 30/09/2020	Rollú Réamh-Mheasta 30/09/2021
20313J	Scoil Náisiúnta Phobail Mol an Óige, Inis Díomáin, Co. an Chláir	107	107
	Scoil Bhraínse Glenroe de chuid Scoil Náisiúnta Phobail Mol an Óige, Inis Díomáin, Co. an Chláir	8	12
20312H	Scoil Náisiúnta Phobail Choill na Ráithíní, Tuaim Gréine, Co. an Chláir	97	108

### Meánscoileanna

I scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, cuirtear timpeallacht fháilteach ionchuimsitheach ar fáil, bítear tiomanta don bharr feabhais sa teagasc agus san fhoghlaim, léirítear ceannaireacht láidir sna scoileanna agus cothaítear cultúr scoile a chuireann fáilte roimh gach duine. Tá baint leis ár scoileanna ó thaobh cultúr tarraingteach na scoile de agus tá gach scoil tiomanta i dtreo barr chumas na ndaltaí a thabhairt chun tosaigh. I mí Meán Fómhair, 2020, bhí líon ar rolla aitheanta chan níos lú ná 8857 dalta idir lámha ag an Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Is ionann an figiúr sin agus beagnach 40% den rolla iomlán meánscoileanna don cheantar sin (Foinse: Staitisticí Meánscoileanna na Roinne Oideachais 2019-2020).



Bíonn an Rannán Scoileanna in ann obair go gearr le rannáin an údaráis i bhfoirm Tacaíocht Eagraíochta agus Breisoideachas agus Oiliúint chun na ceithre sprioc, arna leagadh síos i Ráiteas Straitéise an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2017–2021, a bhaint amach.

Is é príomhspríoc an Rannáin Scoileanna ná éifeachtach gach scoil de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fheabhsú agus sraith tacaíochtaí a chur ar fáil chun torthaí agus roghanna na ndaltaí a dhéanamh níos fearr. Baintear an sprioc seo amach ar bhonn bliantúil mar go bpléitear na háiteanna, agus eanáil a ba chóir a chur in ord tosaíochta leis na Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, na múinteoirí agus lenár bhfoireann tacaíochta. Tacaíonn an Rannán Scoileanna i dtaca le ceanglais na Roinne Oideachais a chur i bhfeidhm agus bíonn caidreamh maith acu le cuid mhór soláthraí mór le rá de chuid na seirbhísí tacaíochta na Roinne Oideachais, mar shampla; An tSeirbhís Forbartha Gairmiúil do Mhúinteoirí, An Fhoireann Rothaíochta do Dhaoine Óga, An tSeirbhís Síceolaíochta Oideachais Náisiúnta, Tusla, An Coiste Náisiúnta le haghaidh Sainriachtanais, An tIonad Ceannaireachta do Scoileanna agus go leor comhlachtaí cuí eile. Cuireann an Rannán Scoileanna tacaíocht ag úsáid trí bhealach seachadta chun seirbhís a chur ar fáil, i bhfoirm: Ceannaireacht i Scoileanna; Oideachas, Teagasc agus Measúnacht Ardchaighdeán; agus Tacaíocht Daltaí agus Baill Foirne. Oibríonn na scoileanna i gcomhair leis an Bhord Oideachais agus Oiliúna chun réimsí cosúil le dul chun cinn agus folláine na ndaltaí a chur in ord tosaíochta:

- Creatlach um beartas ionchuimsitheach a fhorbairt do na scoláirí
- Comhairle agus tacaíocht maidir le planáil curaclaim agus planáil oideachais
- Tacaíocht agus treorú a fháil ó fhoirne tacaíochta do scoláirí
- Achomhairc faoi Alt 29
- Próiseas gearán do thuismitheoirí
- Tacaíocht maidir le Féinmheastóireacht Scoile, Pleananna Feabhsúcháin Scoile agus DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna)
- Tacú le scoileanna maidir le cur i bhfeidhm Creatlach Cháilíochta do Scoileanna na Roinne Oideachais – Ag Breathnú ar ár Scoileanna (LAOS)
- Tacaíocht do scoláirí atá i mbaol
- Tacú le glór na Scoláirí agus na dTuismitheoirí
- Oiliúint agus tacaíocht do Bhoird Bhainistíochta
- Cianfhoghlaim le linn COVID-19

Tugann an Bord Oideachas agus Oiliúna tacaíocht do scoileanna aonair chun a ról sna pobail a fheabhsú trí chomhoibriú agus cumarsáid mhéadaithe leis na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear scoláirí, thuismitheoirí, eagraíochtaí áitiúla spóirt agus pobail agus eagraíochtaí deonacha.

Baineann meánscoileanna faoi réir an Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir leas as gréasán tacaíochta na bPríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí arna eagrú ag Stiúthóir na Scoileanna. Faigheann na scoileanna treorú agus cúnaimh ón Fhoireann Tacaíochta de chuid an Rannáin Scoileanna. Tugadh traenáil do bhoird bhainistíochta gach scoil maidir leis a gcuid freagrachtaí agus feidhmeanna trí sheimineár gréasáin Zoom, de dheasca na srianta COVID-19. Clúdaítear sa traenáil sin modúil dá leithead:

- Ról an Chathaoirligh agus an Rúnaí
- Cruinnithe Éifeachtacha - nóiméid agus tuairisciú
- Róil Reachtaíochta agus Freagrachtaí an BoM
- Cosaint na bPáistí
- Frithbhulaíocht



- Féinmheastóireacht Scoile agus Plean Feabhsúcháin Scoile
- WSE/MML, Cosaint na bPáistí agus Cigireachtaí Cosanta & Cigireachtaí Ábhair
- Cead Iontrála ar Scoileanna agus Achomhairc
- Seisiún eolais ar Phleananna Freagartha COVID-19 agus Foráil Sábháilteacht Scolaíocht (Cuairteanna ón DE Inspectorate)

### **Cláir Meánscoileanna**

Is iad seo a leanas na cláir atá á dtairiscint in iar-bhunscoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir:

- An Teastas Sóisearach
- Cláir Idirbhliana
- An Ardteistiméireacht
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta
- Cláir Ardteistiméireachta Feidhmí

Áirítear ar na hábhair atá ar fáil ar churaclam na scoileanna eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, matamaitic (STEM), teangacha, daonnachtaí agus ealaíona ar an leibhéal sóisearach agus an leibhéal sinsearach araon. Dírímid ar fhorbairt iomlánaíoch scoláirí an Bhoird agus, chuige sin, spreagaimid iad chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim, lena n-áirítear spórt, drámaíocht, ceol, eolaíocht, fiontraíocht, díospóireacht agus tionscadail ilmheán. Tá líon nach beag scoláirí iar-bhunscoile fós á mealladh chuig scoileanna de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, agus i Meán Fómhair 2020 bhí 8,857 scoláire ar an rolla san iomlán.

### **Rollú Iarbhír agus Rollú Réamh-Mheasta (Meánscoileanna)**

Léirítear sa tábla seo a leanas ardú ar líon an rolla thar na scoileanna ar fad bainte leis an Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir don bhliain 2020, agus líon ar rolla réamh-mheasta a shilfear go mbeidh ann i Mí Meán Fómhair 2021.

Meastar go dtiocfaidh méadú ar an líon sin i scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i mí Mheán Fómhair 2021 agus go mbeidh thart ar 9,264 scoláire ar rolla na scoileanna ansin.





Líon ar Rolla / Meánscoileanna		Rollú Iarbhír 30/09/2020	Rollú Réamh- Mheasta 30/09/2021
70830N	Coláiste Pobail na hInse, Inis, Co. an Chláir	487	571
70840Q	Gairmscoil Inis Díomáin, Inis Díomáin, Co. an Chláir	222	212
70860W	Coláiste Pobail Chill Mhichíl, Cill Mhichíl, Co. an Chláir	248	266
70880F	Coláiste Pobail Naomh Iósaif, Cill Chaoi, Co. an Chláir	138	139
70900I	Coláiste Pobail na Scairbhe, An Scairbh, Co. an Chláir	408	411
70901K	Coláiste Pobail Naomh Áine, Cill Dalua, Co. an Chláir	570	613
71700F	Coláiste Mhuire, Eas Géitine, Co. Luimnigh	359	350
71790J	Coláiste Dheasumhan, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh	405	403
71840V	Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh	655	693
71850B	Coláiste Collchoille, Drom Collachair, Co. Luimnigh	569	582
76061W	Coláiste na Trócaire, Ráth Caola, Co. Luimnigh	496	480
76070A	Coláiste Iósaef, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh	418	443
76073G	Coláiste Chaladh an Treoigh, Caladh an Treoigh, Luimneach	1218	1256
76075K	Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Disirt, Co. an Chláir	268	279
76093M	Coláiste Íde agus Iosef, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh	682	687
76101I	Gaelcholáiste Luimnigh, Meal Sior Anraí, Luimneach	675	670
76414G	Coláiste Pobail Thuamhain, Maoilis, Luimneach	549	579
76476F	Coláiste Pobail Mhungairit, Mungairit, Co. Luimnigh	490	630
	<b>IOMLÁIN</b>	<b>8857</b>	<b>9264</b>

## Comhionannas Oideachais a Thabhairt sna Scoileanna (COTS)

Cuireadh an Clár Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS) ar fáil i 5 cinn de na scoileanna. Bhí raon leathan d'ábhair ar fáil ag an leibhéal sóisearach agus sinsearach araon, idir teangacha, na daonnachtaí, na healaíona, teicneolaíochtaí agus eolaíocht. Spreagadh na daltaí gach réim den scoil a thriall, cosúil le gníomhaíochtaí seach-churaclaim mar shampla na healaíona, drámaí, ceol, teicneolaíocht agus spórt. Chuir an Rannán Scoileanna tacaíochtaí ar fáil, sa dóigh is go raibh na scoileanna an teagasc agus an fhoghlaim is ardchaighdeánaí a thabhairt do na daltaí, sna rannáin seo a leanas; Forbairt Ghairmiúil Leantach, Ionduchtúchán na Múinteoirí, Teanga, Litríocht agus Uimhearthacht, Sainriachtanais, Teagasc Teicneolaíochtaí Feabhsaithe, Clár Ceannaireachta na Múinteoirí, Béarla mar Theanga Bhreise agus Clár Thacaíochta agus Forbartha roimh Cheannaireacht do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus an Mheánbhainistíocht. Thit cruinnithe



amach, ceann amháin i mhí an Mhárta agus ceann eile i Mí Deireadh Fómhair 2020, do gach príomhchigire na scoileanna DEIS agus bhí siad in ann dea-chleachtas a phlé maidir leis na daltaí a thacú sna scoileanna DEIS seo.

## Buaicphointí le linn 2020

**Cruinnithe Fóraim do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí:** Is é an ról atá ag Rannán Scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ná éascú don chomhoibriú agus don dea-chleachtas a dhéanann na scoileanna ar fud a phobail. Athraíodh formáid na gcruinnithe do cheannairí scoile i mí Lúnasa 2019 chun Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí araon a áireamh ar mhaithe le cloí le prionsabal na ceannaireachta comhroinnte maidir le scoileanna a bhainistiú sa Bhord Oideachais agus Oiliúna. Tá roinnt meithleacha comhairleacha ann freisin a rinne obair Fhóram na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí a chur chun cinn idir cruinnithe. Mar chuid den phróiseas sin, tugadh faoi roinnt ábhar a phlé, lena n-áirítear pleanáil oideachais, socrú amchláir agus pleanáil curaclaim don tSraith Shóisearach nua, teagmhais chriticiúla sna scoileanna a bhainistiú, Bainistíocht Riosca, Forbairt Beartais, na Treoirínte maidir le Tús Áite do Leanaí, an tAcht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2018, agus Imlitir 03/2018 maidir le Ceannaireacht agus Bainistíocht in Iar-Bhunscoileanna. Eagraíodh cruinnithe seachtainiúla Zoom gach Déardaoin do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí agus chuidigh na cruinnithe seo athdhearbhú agus comhcheangal a léiriú le linn na paindéime.

**Meantóireacht Ceannaireachta:** Bhunaigh Rannán Scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir painéal ceannairí scoile (príomhoidí agus leas-phríomhoidí) chun bheith ag obair mar mheantóirí do cheannairí scoile nuacheaptha agus i ndlúthpháirt leo ó Mheán Fómhair 2020 ar aghaidh. Is é is cuspóir don chlár meantóireachta sin cruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a chur ar bun idir meantóirí agus ceannairí scoile nuacheaptha agus éascú do leibhéal sainoiriúnaithe ar leith tacaíochta agus treorach piaraí i ndáil le scoileanna a bhainistiú. Tugann na rannáin OSD agus AD tacaíocht don tionscnamh seo. Tá dlúthbhaint aige freisin le tionscnamh na Roinne Oideachais, An Creatlach Cháilíochta do Scoileanna; Ag Breathnú ar Ár Scoileanna (ABÁS. Rinne an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir TFE agus foghrúpa príomhoidí agus leas-phríomhoidí ábhar an chláir a fhorbairt agus a chur i láthair.

## Dréachtpholasaí Cead Iontrála (DCI)

Athdréachtaíodh gach Dréachtpholasaí Cead Iontrála le haghaidh scoileanna phobail náisiúnta, coláistí pobail agus pobailscoileanna i gcomhréir le ceanglais an Achta Oideachais, 2018

Thoiligh agus cheadaigh an Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir gach Dréachtpholasaí Cead Iontrála a chuireadh ar fáil do na scoileanna. Eagraíodh cruinnithe ar líne idir Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus ionadaithe na bpatrún eile chun an Dréachtpholasaí Cead Iontrála a chinntiú ó thaobh na pobailscoileanna de.

## Fóram Comhordaitheora Idirbhliana

Is clár roghnach é an idirbhliain. Dearadh é le bheith ina droichead do dhaltaí idir an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach. Tugann sé deis do na daltaí sraith leathan d'imeachtaí oideachais a thriall, mar shampla taithí oibre, thar an bhliain ar fad nach ritheann aon scrúdú foirmiúil leis. Is é sprioc na hidirbhliana, ná, daltaí a theagaisc faoi aibíocht agus ag fás aníos, agus tá béim láidir ar chúrsaí fhorbairtí pearsanta, tuiscint ar shochaí agus scileanna beatha. Bhunaigh an Rannán Scoileanna Fóram Comhordaitheora Idirbhliana chun tacú leis an chlár thábhachtach seo le linn COVID-19. Chuidigh an Fhoireann Tacaíochta de chuid an Rannáin Scoileanna leis an chlár Idirbhliana trí raon leathan foghlama a chur ar fáil chomh maith le modheolaíochtaí teagaisc agus



measúnachtaí, agus gníomhaíochtaí oideachais, chun bheith ar an eolas maidir le tábhacht atá ann spéis na ndaltaí a athmhúscailt arís ó thaobh an fhoghlaim de, tar éis druideadh na scoileanna sa chéad dul síos. Thug an fóram deis do na comhordaitheoirí Idirbhliana deis luachmhar dóibh dúshláin a phlé le comhordaitheoirí Idirbhliana eile agus bhí siad in ann straitéisí dea-chleachtas a bhunú agus acmhainní, smaintí, sonraí aoichainteora agus feiseanna a roinnt.

## **Foghlaim, Múinteoireacht agus Measúnacht a Stiúradh**

Tá an Chreatlach um Múinteoireacht agus Foghlaim a Stiúradh fós ag tacú le scoileanna maidir le feabhas a chur ar chaighdeán na n-eispéiris foghlama a bhíonn ag scoláirí de chuid an Bhoird. Áiríodh leis an tacaíocht sin seimineáir do scoileanna, cuairteanna aonair ar scoileanna, tacaíocht don Fhéinmheastóireacht Scoile, agus Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS), agus cuireadh an creat cáilíochta do scoileanna, Ag Breathnú ar an Scoil Againne, ar fáil do gach scoil. Rinneadh seisiúin a éascú do Cheannairí Curaclaim i scoileanna an údaráis i mí na Bealtaine agus i mí Dheireadh Fómhair chun tacú le dea-chleachtas a chomhroinnt agus le comhoibriú. Cuireadh seisiún oiliúna d'oiliúnóirí ar fáil do Cheannairí Curaclaim nua agus do Chomhordaitheoirí Riachtanas Oideachais Speisialta i mí Dheireadh Fómhair.

## **Lámhleabhar maidir le Fionraí agus Díbirt**

Thug Stiúrthóir na Scoileanna lámhleabhar is déanaí maidir le fionraí agus díbirt amach do na príomhoidí, i gcomhréir leis na hathruithe a tháinig i dtaca le fionraí agus díbirt agus clúdaítear cásanna is féidir rolla a dhiúltú ó 12 Samhain 2020. Scaipeadh an lámhleabhar sin ar gach príomhoide agus rachaidh sé chun leasa na mBord Bainistíochta freisin. Eagraíodh seimineár agus ceardlann do phríomhoidí ar Achomhairc faoi Alt 29 chun oiliúint a chur ar phríomhoidí a ghníomhaíonn mar Rúnaithe dá mBord Bainistíochta féin.

## **Foirne Tacaíochta – Ceardlanna um Oideachas Ionchuimsitheach agus Cnuasaigh:**

Tá sé ina aidhm ag an Fhoireann Tacaíochta tacú le hiar-bhunscoileanna maidir le freagra córasach, comhoibritheach agus comhchoiteann ar bhonn scoil uile a fhorbairt maidir le hoideachas ionchuimsitheach agus oideachas speisialta.

Treoraíonn an fhoireann na scoileanna maidir lena bhfeidhmiú ar Fhéinmheastóireacht Scoile (DE Inspectorate 2016), chun léarscáil soláthair scoile a fhorbairt, lena léirítear an soláthar atá á dhéanamh faoi láthair d'fhoghlaimoirí a bhfuil riachtanais bhreise nó riachtanais speisialta oideachais acu ar fud an Chontanaim Tacaíochta (An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais 2010).

Go sonrach, treorófar foirne ardcheannaireachta, comhordaitheoirí Riachtanas Oideachais Speisialta agus Ceannairí Curaclaim sa dea-chleachtas chun timthriall Féinmheastóireachta Scoil (DE Inspectorate 2016) a chur i bhfeidhm, arna dtreorú ag an Chreatlach Cháilíochta Ag Breathnú ar an Scoil Againne (DE Inspectorate, 2016), chun léarscáil soláthair scoile uile a fhorbairt, ina léirítear an soláthar a dhéantar faoi láthair chun tacú le scoláirí a sainaithníodh a bhfuil riachtanais oideachais bhreise agus riachtanais speisialta oideachais acu ar fud an Chontanaim Tacaíochta (DE, 2017; An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, 2010).

Tá sin ag teacht le Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais – Cumasú: Ag Cumasú tríd an Foghlaim 2019-2021, thacaigh an Cnuasach um Foghlaim, Múinteoireacht agus Measúnacht le bainistíocht na scoileanna agus a mball foirne chun cnuasach um fhoghlaim, múinteoireacht agus measúnacht cheart a chur i bhfeidhm a fhad is gur féidir leo na torthaí agus taithí a bhfuil tóir orthu na ndaltaí a bhaint amach.



Bhain scoileanna uile Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir leas as an tacaíocht luachmhar sin i rith 2020, agus bhí an Fhoireann Tacaíochta ag obair le scoileanna i gcnusaigh ceantar ionas go gcuirfí isteach ar na scoileanna a laghad a d'fhéadfaí. Tugadh méid suntasach de thacaíocht ar fáil do na scoileanna trí sheisiún sheimineár gréasáin i bhfoirm Google Meet agus Zoom.

### **Grúpaí Comhairleacha:**

Tá roinnt grúpaí comhairleacha bunaithe ó Mheán Fómhair 2020 chun tacú le scoileanna. Bíonn Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí ag plé le grúpaí comhairleacha maidir leis na réimsí tábhachtacha dinimiciúla a bhaineann le seirbhís fheabhsaithe a sholáthar i scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Tagann na grúpaí comhairleacha sin le chéile chun treoir agus comhairle a sholáthar maidir le bearta tacaíochta agus idirghabhálacha a chur ar bun chun cabhrú le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí:

- Clár Rioscaí, le Cosaint
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Sainriachtanais Oideachais
- Tuismitheoirí agus Caomhnóirí
- Straitéis Dhigiteach
- Scoileanna lán-Ghaeilge
- Coiste Curaclaim

### **Achoimre ar thacaíochtaí i Scoileanna 2020:**

#### **Oiliúint agus Tacaíochtaí i Meánscoileanna**

Cuireadh seimineáir thacaíochta agus oiliúint ar fáil do bhaill foirne iar-bhunscoile sna réimsí seo a leanas:

- Oiliúint do Chinn Bhliana
- Oiliúint ar bhonn Cnusaigh Dhigiteacha agus pobal dea-chleachtais
- Cruinniú de Chnuasach Comhordaitheoirí na Foirne Tacaíochta do Scoláirí
- Cruinniú den Mheitheal Oibre um Fhoghlaim Dhigiteach
- Seimineár Leithdháilte do phríomhoidí scoile
- Cruinniú do phríomhoidí scoile maidir le hAchoimhairc faoi Alt 29
- Cruinniú den Chnuasach um Fhoghlaim, Múinteoireacht agus Measúnú
- Comhordaitheoirí Idirbhliana
- Cruinniú ar líne do grúpa comhairliúcháin sainriachtanais
- Fóram na dTreoirchomhairleoirí

### **Cuir i láthair ón Ollamh Selina McCoy**

Thug An tOllamh Selina McCoy (as an ESRI) buntéama dár bPríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí le linn a gcruinniú seachtainiúil ar an 15 Deireadh Fómhair 2020 agus dhírigh sí ar na bunphrionsabail a bhí foghlamtha tar éis ó mhí den tsaol a chaitheamh le srianta COVID-19, agus phléigh sí impleachtaí a bheas ann do scoileanna, ceannairí scoile agus treo an pholasaí.

Is Ollamh Comhlach Taighde í an Dochtúir Selina McCoy a dhíríonn isteach ar Thaighde Sóisialta agus feidhmíonn sí mar comhpháirteach oideachais san earnáil taighde ag an ESRI agus mar Ollamh Taca i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Seasann a cuid suimeanna i gcúrsaí míchothromaíochtaí an tsochaí, an idirbhliain do dhaltaí atá ag fágáil na scoile, agus ról na dteicneolaíochtaí dhigiteacha maidir le forbairt páistí. Maidir leis a saothar is déanaí, scrúdaigh sí



tionchar na scéime mharcála nua de chuid na hardteistiméireachta maidir le hiompar dearcadh na ndaltaí dó.

## **Tacaíocht ar líne do Bhunscoileanna agus Meánscoileanna**

Cuireadh acmhainní agus tacaíochtaí ar fáil dár scoileanna uile ar thairseach lárnach ar shuíomh gréasáin an Rannáin Scoileanna - [www.lcetbdribe.ie](http://www.lcetbdribe.ie). Cruthaíodh mol digiteach COVID-19 ar leith agus cuireadh leis an tairseach sin a fhad is go mbeidh gach scoil agus rannán in ann úsáid a bhaint as.

## **Muintearas in ár Scoileanna - An Chéad Seimineár Gréasáin uile Scoil**

D'eagraigh an Rannán Scoileanna de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir seimineár gréasáin do gach ball foirne ar an 1 Nollaig 2020, agus bhí Dochtúir Zachary Walker, saineolaí idirnáisiúnta in anailís fheidhmíochta aonarach agus comhlachta, ann mar aoichainteoir. Thaitin an seimineár gréasáin go mór leis na múinteoirí agus ceannairí scoileanna ar fad agus bhí a leithead de rannpháirtithe ar an phainéal cosúil le George O'Callaghan, Príomhfheidhmeannach; Dochtúir Mary Shire, Stiúrthóir Regeneron agus Stiúrthóir na Scoileanna, Donncha Ó Treasaigh.

Ba sheisiún an-inspioráideach agus spreagúil a bhí ann, agus eagraíodh sé chun coimhíntí agus ionchur na mball foirne uile ó scoileanna de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a aithint tar éis dóibh a sheacht ndícheall a dhéanamh nuair a athosclaíodh na scoileanna i Meán Fómhair 2020. Ní de thaisme ar cuireadh an t-éacht seo le chéile ag an am ar tharla sé, chun cuir i láthair inspioráideach a thaispeáint do na baill foirne a fhad is go mbeidh siad in ann comhrá proifisiúnta a thosú sna rannáin ábhair agus ag na cruinnithe ball foirne. Chuidigh an seimineár go mór le cúrsaí folláine na mball foirne agus bhí sin ina príomhsmaoineamh s'againn agus muid a réachtáil é.

D'fhreastail níos mó míle ball foirne ar an seimineár gréasáin Zoom seo - Muintearas inár Scoileanna / Connection in our Schools - agus bhí na baill foirne sin ag ionadú do gach scoil agus coláiste a bhfuil idir lámha againn.

## **Lá Cnuasaigh d'Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí**

Bhí na comhordaitheoirí d'Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí uile in ann cruinniú Zoom a leanúint ar an 14 Deireadh Fómhair 2020 chun uasdátú a fháil ó Gerard Dore, Seirbhís Síceolaíochta Oideachais Náisiúnta. Ansin, thug Bronagh Starrs, Sícteiripeoir Ógánach agus Stiúrthóir Cláir an Sícteiripeora Ógánacha i DCTC Baile Átha Cliath cur i láthair darb ainm 'Ag breathnú ar an imní agus an dóigh a ndeachaigh an phaindéim COVID-19 i bhfeidhm ar na scoileanna agus na pobail laistigh dóibh'.

Is saineolaí ógánach forbartha í Bronagh agus tá taithí nach beag aici maidir le forbairt ógánach agus teiripe in Éirinn a thabhairt. Bíonn sí ag teagasc agus ag cur i láthair ar bhonn idirnáisiúnta ar chúrsaí tráma ag forbairt agus an t-ógánach ag fás aníos.

## **Tionscnamh Jigsaw - One Good School™:**

Ghlac 4 scoil de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna páirt sa tionscnamh Jigsaw's One Good School™ Ceapadh an tionscnamh sin chun an clár oibre folláine sna scoileanna a chomhlánú agus cur leis agus chun tacú le scoileanna agus gnéithe folláine á múineadh acu. Is tacú é freisin don Fhéinmheastóireacht Scoile, agus é ag díriú go sonrach ar réimse na meabhairshláinte. An tionscnamh 'One Good School' de chuid Jigsaw, tá sé dírithe ar gach duine atá bainteach leis an scoil, idir scoláirí, fhoireann na scoile agus na tuismitheoirí. Ar an bhealach sin, táthar ag súil, i gcás na scoileanna a ghlacfaidh páirt ann, go mbeidh siad ag gabháil do chlár oibre a thacóidh leo sa ról atá acu maidir leis an meabhairshláinte agus leis an fholláine. Ina theannta sin, tá an buntáiste



breise ann go mbeidh eolas agus cleachtadh ag na scoileanna rannpháirteacha ar raon feidhme chleachtais agus nósanna imeachta atreoraithe Jigsaw dár seirbhísí cliniciúla, rud a éascóidh don atreorú iomchuí nuair a bheidh gá leis.

Tá an Stiúrthóir Scoileanna an-bhuíoch de Gerard Linnane, Bainisteoir Seirbhíse, Jigsaw Luimnigh, as an spreagadh a thug sé do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus a chuid scoileanna agus as an chomhairle a chuir sé orainn.

### **Lá Cnuasaigh do Threoirchomhairleoirí**

D'éagraigh an Rannán Scoileanna 4 lá Cnuasaigh d'imeachtaí, i gcomhair an Fóraim Scileanna Réigiúnach san Iarthar Láir agus an Rannán Tacaíochta Fiontar de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna do Threoirchomhairleoirí an údaráis, agus bhí na himeachtaí seo ar fáil ar champas in institiúidí tionsclaíochta/taighde cosúil le Stryker, Regeneron, Northern Trust agus GM Motors. Tugadh na himeachtaí seo deis den scoth do na treoirchomhairleoirí foghlaim faoi chonairí agus roghanna ghairme atá ar fáil roimh dhaltai sna scoileanna a bhaineann leis an Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.

### **Ranganna Riachtanais agus Teagasc na Sainriachtanais**

I mí Mheán Fómhair 2017, thug an Roinn Oideachais agus Scileanna Samhail nua Teagaisc Oideachais Speisialta isteach de bhun Imlitir 0015/2017. Faoin tsamhail leithdháilte sin, ní mór do na scoileanna a chinneadh conas a leithdháilfear na hacmhainní ar na scoláirí a bhfuil an gá is mó acu leo. Cuireadh meitheal oibre ar bun in 2017 chun cabhrú le scoileanna agus iad ag aistriú go dtí an tsamhail nua. Roghnaíodh 6 cinn de scoileanna de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir chun an tsamhail leithdháilte nua a thástáil. Tá scoileanna an údaráis ag obair freisin leis an líonra Comhordaitheoirí Riachtanas Oideachais Speisialta atá ag Coláiste Mhuire gan Smál, a n-éascaíonn an Dr Johanna Fitzgerald dó, chun clár forbartha gairmiúla leanúnacha a fhorbairt do scoileanna uile an údaráis. Ó Lúnasa 2019, rinneadh an tacaíocht sin a chumasc leis an líonra Ceannairí Curaclaim agus tugadh 'Foghlaim, Múinteoireacht agus Measúnú ionchuimsitheach a Stiúradh' air, lena chinntiú go dtacaítear le gach scoil chun cur chuige scoile uile a éascú i leith oideachas agus measúnú ionchuimsitheach.

I Mí Dheireadh Fómhair 2020, d'fhreastail gach scoil ar sheisiún eolais leis an Bhainisteoir réimse de chuid an NCSE, Deirdre Bourke, chun scoileanna a thacú maidir le ranganna sainriachtanais do dhaltai le huathachas.

**Cnuasaigh Dhigiteacha:** Lean Rannán Scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar aghaidh ag cloí leis an dea-chleachtas ó thaobh tacú le scoileanna trí laethanta cnuasaigh, ar cuireadh tús leo i mí Mheán Fómhair 2019. Rinne an Stiúrthóir Scoileanna anailís ar riachtanais na scoileanna aonair chun an tacaíocht a theastaíonn a chinneadh. Cuireadh an oiliúint, an chomhairle agus an tacaíocht ba ghá ar fáil do scoileanna trí StaffCONNECT agus LCETBSchools.com chun an úsáid is fearr a bhaint as Microsoft Office 365. Éascaíodh do thacaíocht oiriúnaithe freisin chun suímh SharePoint agus Microsoft Teams a úsáid sna scoileanna. Bhunaigh an Bord Oideachais agus Oiliúna fóram Grúpaí Oideoirí Éireann Google chun tacú le scoileanna ar fud an réigiúin. Eagraíodh trí lá cnuasaigh do scoileanna a úsáideann Microsoft 365 agus G Suite for Education chun leas a bhaint astu. Cuireadh tacaíocht roimh thraenáil do Cheannairí Digiteacha le linn 2020 a fhad is go mbeidh siad in ann cúnaimh leis an bhainistíocht scoile agus a gcuid comh-mhúinteoirí maidir le dea-chleachtas na chianfhoghlama.

Chuir an Rannán Scoileanna Lámhleabhar do Mhúinteoirí le chéile ó thaobh an chianfhoghlaim de le linn na chéad chúpla seachtain de scoileanna ag druidim a ndoirse i mí an Mhárta 2020. Dáileadh an lámhleabhar seo chuig gach múinteoir i scoileanna de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna



Luimnigh agus an Chláir chun comhairle agus dea-chleachtas a thabhairt dóibh maidir leis na nithe seo a leanas;

- Cruinnithe Fíorúla agus Físchomhdháil
- Bunrialacha le tabhairt do Thuismitheoirí/Caomhnóirí agus Scoláirí
- Buntreoracha do Mhúinteoirí chun Rang Físchomhdhála a bhainistiú
- Leideanna do Mhúinteoirí faoi Uirlisí Comhdhála
- Aiseolas a sholáthar chun cur ar ár gcumas
- Riachtanais Breise agus Dea-Chleachtas d'Oideoirí
- Comhairle maidir le treorchomhairleoirí sna Scoileanna
- Comhairle agus Acmhainní NEPS le linn COVID-19
- Soláthar Treoracha Leanúnacha
- Comhairle ón Aonad Tacaíochta de chuid Seirbhísí Díl ETBI
- Uasdátú molta roimh Pholasáí Úsáideora ó thaobh úsáid na físchomhdhála
- Cruinnithe Bainistíochta - Clár Bán Fíorúil
- Tuairisc Maoirseachta Chosaint na bPáistí i dtaca le cruinnithe boird fíorúla
- Tacaíochtaí molta le haghaidh feidhmchláir fhíschomhdhála

## Nuachtlitir na Scoile / Blag

Seol an Rannán Scoileanna Blag Nuachtlitreach, a dhíríonn ar thacaíocht a thabhairt do Cheannairí Scoile agus baill foirne an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, roimh an Cháisc 2020.

Clúdaítear sa Bhlag Nuachtlitreach tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna sna réimsí seo a leanas:

- Acmhainní na Foirne Tacaíochta de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir - Riachtanais Oideachais Bhreise, LCAP, an Idirbhliain agus an mol Foirne ar an tsuíomh gréasáin LCETB.IE
- Daltaí le Sainriachtanais Bhreise - scarbhileog roinnte d'acmhainní teagaisc agus foghlaim ar fáil do na daltaí a bhfuil sainriachtanais bhreise acu.
- Daltaí na hIdirbhliana - acmhainní ó Chomhordaitheoirí na hIdirbhliana - cosúil le cúrsaí ar líne saor in aisce, cainteanna, léachtaí, ranganna teagaisc agus seomraí ranga fíorúla.
- Daltaí na hArdteistiméireachta - forbraíodh clár smaointí de na hacmhainní oideachais a bhaineann leis an chúrsa.
- Folláine na Múinteoirí - comhairle agus straitéisí tábhachtacha agus úsáideacha do bhaill foirne a fhad is go mbeidh siad in ann a gcuid sláinte coirp agus meabhrach a fheabhsú le linn COVID-19.

Thug níos mó na 2,800 cuairteoir súil ar an bhlag seo ó thús mí Aibreáin 2020. Is féidir teacht ar nasc an bhlag nuachtlitreach anseo: <https://lcebtstaffnewsletter.lcetbschools.com/2020/03/newsletter-for-limerick-and-clare.html>

## Tacaíochtaí eile do Scoileanna ó thaobh COVID-19 de

### An fhoghlaim leanúnach

Thug an Rannán Scoileanna tacaíocht roimh fhorbairt agus foilsiú na ranna foghlama digiteacha ar gach suíomh gréasáin na scoileanna ar fad, agus chuir siad sonraí agus treoir ar fáil do na freagraí a fuair siad maidir leis an Chianfhoghlaim le linn COVID-19.

Tugadh Polasaí maidir le hÚsáideoirí Inghlactha do gach scoil agus cuirtear síos ar an úsáid fhíschomhdhála leanúnach de réir a chéile ar na léibhinn seo. Ní úsáidtear ach léibhinn a chomhlíonann ceanglais ó thaobh cosaint sonraí de ag na scoileanna.





## Duaiseanna BD StemStars

D'éirigh le trí scoil de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an duais is mó a bhaint amach agus fuair siad €20,000 eatarthu ag an Chomórtas BD StemStars ar Aoine 6 Nollaig 2019. Thug BD, an comhlacht idirnáisiúnta do leigheas teicneolaíochta agus atá lonnaithe i bPáirc Teicneolaíochta Náisiúnta i gCaladh an Treoigh, níos mó ná €24,000 amach mar dhuaiseanna STEM chuig seacht meánscoil thar chontae Luimnigh agus contae an Chláir mar chuid de chomórtas BD STEM Stars. Ba é Coláiste Pobail Thuamhain a bhain príomhdhuais an lae agus €10,000 i maoiniú STEM bronnta orthu. Tháinig Gaelcholáiste Luimnigh sa dara háit, agus Coláiste Dheasumhan sa tríú háit.

## Eolaí Óg BT 2020

Eagraíodh an Taispeántas Teicneolaíochta agus Comórtas na hEolaithe Óga BT sa RDS, Baile Átha Cliath idir an 8 Eanáir agus an 11 Eanáir.

D'éirigh le 14 tionscadal ó mheánscoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an comórtas a bhaint amach, thar sheacht scoil dhifriúla. Ina theannta sin, d'éirigh le cuid acu duaiseanna iontacha a bhaint amach lena n-áirítear Coláiste Pobail Chaladh an Treoigh, Coláiste Pobail Mhungairit agus Coláiste Pobail Naomh John Bosco, Cill an Disirt, Contae an Chláir.

### Coláiste Pobail Chaladh an Treoigh

Teideal: Bin Buddy – Bosca Bruscair Sórtála CLISTE

Buaiteoirí na duaise faoi leith ó Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus dara háit sa ghrúpa iomlán

'Bin Buddy' a chruthú, bosca bruscair sórtála cliste atá in ann dramhaíl a shórtáil idir athchúrsáil agus múirín. Cruthaigh na daltaí tacar sonraí de níos mó ná 22,000 íomhá agus d'úsáid siad cód chun an bosca bruscair a thraenáil chun rudaí athchúrsála agus múirín a aithint. Tá ceamara nasctha leis an bhosca a fhad is gur féidir leis grianghraf den dramhaíl a ghlacadh. Seoltar ansin, an grianghraf chuig ríomhaire Raspberry Pi agus ag úsáid bogearraí próiseála íomhánna, ábalta fánán ag bun an bhosca féin a bhogadh. Bogtar an fánán mar gheall ar cúpla mhótar a nasctha leis chuig an bhosca dramhaíola ceart, osclaíonn an doras tógála, agus titeann an dramhaíl isteach sa bhosca ceart.

Teideal: Plaisteach dár bPláinéad - I dtreo inbhuanaitheacht agus in-bhithmhillte

Buaiteoir an dara háit sa rannán Ceimice, Fisic agus Máta Sóisear.

Chun plaisteach in-bhithmhillte agus inbhuanaitheacht a chruthú dár bpláinéad. Cruthaíodh bith-plaisteach as dramhaíl bia agus ansin meascadh an bith-plaisteach seo le brat bith-plaisteacha déanta amach as stáirse prátaí agus as ghranphlúr. Úsáideadh gliocról mar phlaisteachán chun an phlaisteach a laghdú; agus úsáideadh blaosc uibhe agus caife mar bith-líonaigh chun láidreacht agus leaisteachas an ábhair a mhéadú. Scrúdaíodh na saintréithí meicniúla ag brath ar na catagóirí seo a leanas - neart teanntachta, raimhre, ionsú uisce agus in-bhithmhilleach.

Roghnaíodh an buaiteoir amach as breis agus 10,000 dalta mar bhuaiteoir na Broadcom MASTERS ag an chluiche ceannais Náisiúnta Sci-Fest agus mar thoradh, beidh orthu dul chuig Anaheim, California i mí Bhealtaine chun a gcuid tionscadal a thaispeáint agus dul i gcomórtas le dalta ón domhan mór ag an Aonach Innealtóireachta agus Eolaíochta Idirnáisiúnta.

Teideal: Otharcharr Bacainn Tuairte - O.B.T.





Dearadh agus cuireadh i gcló le múnla 3D d'otharcharr a théann suas ar Bhacainn Tuairte chun timpiste mhótarbhealach a bhaint amach níos gasta, más rud é go bhfuil trácht ná constaici i gceist. Dearadh an tOtharcharr le hoiriúnuithe a ligeann dó tiomáint, más gá, thar an bhacainn atá lonnaithe i lár an mhótarbhealaigh. Dearadh an fhréamhshamhail chun córas hidrálach a úsáid leis an otharcharr a ardú a fhad is go mbeidh sé níos airde ná an bhacainn lárnach. Cruthaíodh múnla 3D chun seo a thaispeáint. Beidh oirniú den ghnáth-otharcharr de dhíth a fhad is gur féidir leis ardú de mhéid 1.2m nuair is gá.

Ribín Ardmholadh

Teideal: VAR AI - Cinntí Cliste Éifeachtacha

Córas réiteoireachta bunaithe ar intleacht shaorga chun físeáin chuidithe a dhéanamh agus a bhaineann débhríoch na cinntí réiteoireachta amach ón chluiche agus ag úsáid meastachán staidiúire chun iománaithe a dhéanann taicleáil a aithint. Úsáideann an Córas RIS trí chomhpháirt amháin: aicmitheoir an taicil, an comhéadan úsáideora agus uaireadóir cliste an réiteora. Chun aicmitheoir an taicil a chruthú, cuireadh tacar sonraí de taicilí arda agus taicilí ceadaithe le chéile, ag úsáid pointí a thagann ó algartam de mheastachán staidiúire. Tugann an comhéadan an íomhá ar shiúl chuig clár aicmitheora python agus cuireann sé cinneadh ar ais. Is féidir le trasghlacadóir radaimhinicíochta atá nasctha leis an uaireadóir cliste agus an comhéadan cumarsáid déthreo a dhéanamh chun cinneadh a sheoladh ar thaicilí, chun iarr ar aird rud éigin, rialaigh in aghaidh agus gortú comhtholgha a aithint.

Tá achoimre ar na scoileanna, líon na dtionscadal agus teidil na dtionscadal ar éirigh leo sa tábla ar an chéad leathanach eile:

Scoil	Líon na dTionscadal	Project Title
Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco	1	Léasar Umair Sciodar ag sábháil beatha
Coláiste Dheasumhan / Gaelcholáiste Uí Chonba	3	1. Prionsabail Bernoulli's ó "Whooh – Haah" go iománaíocht 2. iScope - Dearadh agus Forbairt steiteascóp máistríthe go digiteach le haghaidh cianéisteacht 3. Is ionann an aclaíocht agus an EOCHAIR
Coláiste Pobail Mhungairit	2	1. Dearcadh na ndaltaí meánscoileanna Éireannacha ó thaobh tubaistí domhanda 2. An bhfuil tusa airdeallach ar Ailsí?
Gaelcholáiste Luimnigh	1	1. Le h-antaibheathach nó gan antaibheathach sin í an Cheist
Coláiste Chiaráin	2	1. Comestibles 2. Feidhmchlár chun muisiriún agus plandaí a aithint
Coláiste Chaladh an Treoigh	4	1. Otharcharr Bacainn Tuairte 2. VAR AI - Cinntí Cliste Éifeachtacha 3. Plaisteach dár bPláinéad - I dtreo inbhuanaitheacht agus in-bhithmhille 4. Bin Buddy – Bosca Bruscair Sórtála CLISTE
Gairmscoil Inis Díomáin	1	Cód Aoibhnis



## Tuairiscí Iniúchta

Rinne an Roinn Oideachais go leor iniúchtaí ar scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna in 2020. Tagann na tuairiscí seo ó 2020 agus foilsíodh iad ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais.

Dáta	Scoil	Ábhar
04/03/2020	Coláiste Collchoille, Drom Collachair, Co. Luimnigh	Béarla
12/03/2020	Coláiste Dheasumhan, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh	Matamaitic
20/10/2020	Scoil Náisiúnta Phobail Mol an Óige, Inis Díomáin, Co. an Chláir	Meastóireacht Scoile Uile
01/11/2020	Coláiste Pobail Naomh Áine, Cill Dalua, Co. an Chláir	Gnó
19/11/2020	Gaelcholáiste Luimnigh, Meal Sior Anraí, Luimneach	Treoraíocht

Ba bhreá leis an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir aischothú agus tacaíocht a fháil ar ais ón Inspectorate.

## Obair don Aos Óg 2020

In ainneoin na dúshlán reatha COVID-19, d'éirigh le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a fheidhm oibre don aos óg a bhaint amach trí na nithe seo a leanas:

Sruth Maoiniúcháin	Cionroinnt	Maoiniú ar Thionscadail
UBU D'Áit, Do Spás idir Iúil agus Nollaig 2020	€1,396,611	26 Tionscadal
Deontais infreastruchtúr TFC do Thionscadail agus Clubanna	€86,056	58 Iarratas
Deontais LGBTI	€7,000	2 Tionscadal
Deontas Caipitil d'Aos Óg	€146,989	15 Tionscadal
Clár Oibre Óga an tSamhraidh	€21,850	18 Tionscadal
Scéim Deontais do Clubanna na n-Óg Áitiúla	€134,150	94 Club
Mionscéim deontais COVID-19	€25,824	49 Iarratas

## UBU D'Áit agus Do spás

Thosaigh an scéim 'UBU D'Áit agus Do Spás' le linn 2020. Cuireann UBU D'Áit agus Do Spás tacaíocht taobh amuigh den scoil do dhaoine óga. Tá réimse leathan de ghníomhaireachtaí bainte leis na tacaíochtaí seo, cuid mhaith acu pobalbhunaithe. Fáiltíodh an scéim go mór ach chuir sé ceisteanna ar na comhlachtaí maidir le leibhéil tuairisciú agus freagrachta. D'obair an Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go gearr i gcomhair leis na comhlachtaí ar fad chun na ceanglais seo a bhaint amach.



Lean Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ag tabhairt tacaíocht roimh Phlean Oibre don Aos Óg 2018–2021 a chur i bhfeidhm, agus ceanglais an tsoláthair a bhaint amach, comhoibríocht, riaracháin agus measúnacht a dhéanamh ar sheirbhísí obair don Aos Óg sa cheantar Luimnigh agus an Chláir.

D'obair an fhoireann Oibre don Aos Óg i gcomhair ar réimse leathan sa cheantar agus taobh amuigh chun:

- Luach na hoibre don aos óg a idirghabháil do gach duine óg
- Polasaí na hoibre don aos óg agus réimsí cosúla a fhorbairt
- Cumarsáid maith a dhéanamh idir na comhlachtaí atá ag obair le daoine óga sa cheantar
- Oideachas agus traenáil sa bhreis a thacú agus a chur chun cinn maidir le obair don aos óg sa cheantar iarthar ar láir chuig oibríthe óige agus eile
- Tacaíocht agus saineolas a chur chuig roinnt tionscadail óige agus pobail trí bhallraíocht a dhéanamh ar bhord bainistíochta s'acu.

### Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach

Bhunaigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ceann de na trí Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach in 2019, faoi thionscnamh Creative Ireland's Creative Youth. Ag leanúint guthanna na ndaoine óga, oibríonn an CAOI i gcomhair leis an na gníomhaireachtaí stáit agus deonacha chun cláir cruthaitheacha a chur ar fáil do dhaoine óga, i gceantair thar Luimneach agus an Chláir. Aithníonn an CAOI an 'áit idir oideachas fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil' mar áit chothaithe a gcuid oibre agus, sa chomhthéacs seo, oibríonn siad i dtimpeallachtaí óige agus pobail.

Clúdaítear ionadaithe ó údaráis áitiúla, obair na n-óg, luathbhlianta, na healaíona agus oideachas, chomh maith le háiteanna eile ón Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir sa chomhpháirtíocht seo. Is ionann na príomhpháirtí agus Seirbhís na n-Óg Luimnigh, Seirbhís na n-Óg agus na Foróige an Chláir; áit ar éirigh leis an CAOI cláir chruthaitheacha a chur i bhfeidhm cheana féin, cosúil le damhsa, grianghrafadóireacht, dráma, ceardaíocht, smídeadh, scannáin agus amharcealaíona. Bunaíodh na gníomhaíochtaí seo de réir sonraí bailithe mar gheall ar chomhairliúchán le breis is 300 duine óg thar 26 áis don aos óg sa dá chontae ar fad.

Sheas 2020 do CAOI mar chéad bhliain ar an fhód s'acu. Fiú in aghaidh na ndúshlán mar gheall ar COVID-19, d'éirigh leis an CAOI a gclár a athrú a fhad is go mbeidh gníomhaireachtaí taobh amuigh i gceist, mar shampla féile ealaíona don aos óg, scairt na hÓige, agus ghlac daoine óga páirt i gceardlanna a bhí lonnaithe ar an bhád chlúiteach Ilen ag cé Chill Rois.

Bhí eilimintí den taobh amuigh chomh maith ag '*A Day in the Life of Rathkeale*', *taispeántais* ghrianghrafadóireachta déanta ag daoine óga agus an saothar ar thaispeántais i gCearnóg an Pheirigh, Cathair Luimnigh. Bhí cláir ceardlanna ar líne agus dáileadh ábhair ealaíontachta in ann daoine óga a chlúdaigh i Luimneach agus i gClár, go háirithe na pobail a bhfuil míbhuntáistí orthu.



<b>Maoiniú ar Thionscadail ón Chiste Spreagadh Mí Iúil</b>	<b>Cionroinnt</b>	<b>Maoiniú ar Thionscadail</b>
Clubanna Ealaíona Cruthaitheacha don Aos Óg i gcomhair Cláir i ndiaidh na scoile	€12,092	D'obair 312 páiste, thar thréimhse ama de 9 seachtain, le ceardlanna ar líne agus le ranganna teagaisc trí Chlár i ndiaidh na Scoile d'Inis  23 Ceardlann Coirp agus 18 páiste, thar 9 seachtain, ag freastail orthu san Baile Thiar
Ealaíontóir Cruthaitheach Óg i gClár Cónaitheachta	€34,750	D'fhreastail 205 duine óg i 8 Ealaíontóir i gClár Cónaitheachta
Ábhair chruthaitheacha a thabhairt amach i gCill Rois, In Inis agus san Baile Thiar	€3,158	265 pacáiste ealaíon agus uirlis ceoil seachadta chuig tithe na ndaoine óga.

<b>Tionscadail Maoinithe ó Creative Ireland Core Fund chuig an CAOÍ</b>	<b>Cionroinnt</b>	<b>Líon na rannpháirtithe</b>
<i>A Day in the Life of Rathkeale</i> , Ceardlanna agus Taispeántais i gCathair Luimnigh agus Rath Caola	€7,275	24 Rannpháirtí  Lucht Féachana le Milte don Taispeántas
Ag Tógáil Báid i gCromadh	€5,099	12 rannpháirtí
Gnáthchlár Ceardlanna	€14,417	102 Rannpháirtí i mbun cumarsáide ar líne, agus go fisiceach, i 11 áiseanna óige thar Luimnigh agus an Chláir
<i>Scairt na hÓige Féile</i> i gCill Rois agus i gCathair Luimnigh	€28,216	73 rannpháirtí thar 14 ceardlann i gCill Rois agus i gCathair Luimnigh Lucht Féachana le Milte don Taispeántas

## Suíomh Gréasáin Náisiúnta an CAOÍ

Ba é Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a bhí i mbun an dearaidh agus an fhorbairt don tsuíomh gréasáin chun lógónna a bheith ann agus naisc chuig na trí Chomhpháirtíocht Píolóta de chuid an Bhoird - [www.lcyp.ie](http://www.lcyp.ie).



## An Rannán Breisoideachais agus Oiliúna



Tá rannán an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, freagrach as bainistíocht agus feidhmiú 37 ionad cláraithe le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) i Luimneach agus i gcontae an Chláir, mar a thug siad soláthar cáilíochtaí lánaimseartha agus páirtaimseartha, chomh maith le tacaíochtaí áitiúla do 22,939 duine sa bhliain 2020 i mbeagnach 300 áit.

Ba bhliain ar leith é 2020 do Rannán Breisoideachais agus Oiliúna de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Le linn na paindéime COVID-19, glacadh modh comhoibríoch ag leibhéal na gcomhlachtaí, agus mar gheall ar sholúbthacht, cruthaitheacht agus profisiúntacht nach beag, d'éirigh le gach leibhéal thar an rannán. Cinntíodh na socruithe nua maidir leis an chianfhoghlaim, bhí measúnacht éifeachtacht maidir le foghlaimoírí a spreagadh arís agus a gcuid torthaí a bhain, agus fiú cosaint a thabhairt d'ionracas an rannáin.

I lár na paindéime poiblí seo, d'éirigh leis an Rannán Breisoideachais próiseas nua maidir le Athbhreithniú Tionscnaimh de Dhearbhú Cáilíochta a dhéanamh, an chéad uair a tharla seo in Earnáil an Bhoird. Tugadh próiseas féinmheastóireacht dá leithead a gcuid dúshláin ach d'éirigh leis an Bhord na socruithe a bhaineann le rialachas agus dearbhú cáilíochta a athbhreithniú maidir leis an Rannán Breisoideachais. Cuireadh na próisis seo a thriall mar gheall ar an phaindéim COVID-19 ach is léir gur éirigh leofa ar fad sa dóigh láidir, éifeachtach agus beo-inteannach.

Tharla dul chun cinn suntasach ag leibhéal náisiúnta in 2020 chomh maith. Leag an straitéis nua de rannán breisoideachais 'SOLAS' 2021-2024 plean le chéile don earnáil arna thógáil ar trí phríomhchúis, scileanna a thógáil, cuimsiú a chothú agus pleananna a chruthú. Anuas air sin, i mí Lúnasa 2020, bunaíodh Roinn nua Breisoideachais, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht, ag léiriú athrú roimh chórais oideachais tríú leibhéal comhtháite, ag nascadh breisoideachais agus ardoideachais le chéile, agus ag daingniú an phríomhchúis ó thaobh foghlaim ar feadh an tsaoil de agus cuimsiú sóisialta agus ráth eacnamaíoch le chéile. Seasann na forbairtí seo mar threoir an Rannán Breisoideachais don Chreatlach Straitéiseach nua seo in 2021.



Déanann an Tuarascáil Bhliantúil 2020 seo athbhreithniú ar sholáthar na n-éachtaí de chuid an Rannáin Breisoideachais i dtaca le tionchar a bhfuil air roimh thorthaí margadh fostaíochta, rochtain, athrú agus dul chun cinn, torthaí soghluaisteacht shóisialta agus torthaí teagaisc agus foghlaim ardchaighdeán. Breáthaíonn sé siar ar thionchar criticiúil a bhíonn an le seirbhísí tacaíochta tras-soláthar, cuntasacht, ceannasaíocht agus rialachas maith. Bunaíodh SOLAS faoin Acht um Bord Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus ba é a aidhm ná straitéis chomhtháite Breisoideachais agus Oiliúna, a gcuirfeadh 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO) i bhfeidhm í, a bhainistiú agus a chomhordú agus tacú leo chuige sin. Is é an treoir straitéiseach atá leagtha amach i Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna SOLAS 2014–2019, i bPlean Corparáideach SOLAS 2017–2019 agus sa Chomhaontú um Fheidhmíocht Straitéiseach idir SOLAS agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2018–2022 atá mar bhonn taca ag obair an Rannáin Breisoideachais agus Oiliúna (BOaO) i mBord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Déantar an obair sin a fheidhmiú go háitiúil trí Chreat Straitéiseach 2015–2020 Rannán BOaO an údaráis agus trí Ráiteas Straitéise 2017–2021 Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.

Thug Rannán Breisoideachais agus Oiliúna an BOO freagra ar Thosaíochtaí Náisiúnta BOaO trí raon **príomhphleananna agus creataí gníomhaíochta cothrománacha áitiúla** a fhorbairt lena chinntiú go gcuirfeadh tosaíochtaí náisiúnta i bhfeidhm go háitiúil. Ina measc siúd tá:

- Creat Foghlama Feabhsaithe Teicneolaíochta BOaO 2017 – 2020
- Creat Faisnéise Earcaíochta agus Treorach BOaO 2016–2020
- Creat Rannpháirtíochta Fiontar BOaO 2017 – 2020
- Creat Seirbhíse Tacaíochta um Ionchuisiú Gníomhach BOaO
- Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Ghairmiúil BOaO 2019 – 2021
- Creat BOaO maidir le Teanga, Litearthacht agus Uimhearthacht a Chomhtháthú

Tá rannán BOaO Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir freagrach as bainistíocht agus feidhmiú 37 ionad BOaO cláraithe le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) i Luimneach agus i gcontae an Chláir, mar a thug siad soláthar cáilíochtaí lán-aimseartha agus páirt-aimseartha, chomh maith le tacaíochtaí áitiúla do 22,939 duine sa bhliain 2020 in beagnach 300 áit.

Tairbhíthe an Rannáin Breisoideachais agus Oiliúna de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2020		
Printíseacht	Printíseacht 2016+	78
Printíseacht	Céimeanna 2,4,6 den Phrintíseacht	997
Printíseacht	Céim 7 den Phrintíseacht	244
Lánaimseartha	Ionaid Oiliúna Phobail	209
Lánaimseartha	Ceardlann um Cheartas	26
Lánaimseartha	Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	89
Lánaimseartha	IAT	2,336
Lánaimseartha	Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe	173
Lánaimseartha	Oiliúint Sainscileanna	577
Lánaimseartha	Fostaithe ar Chúrsa Oiliúna	84
Lánaimseartha	Ag traenáil ar Chúrsa Oiliúna	372
Lánaimseartha	SDOG Lánpháirteach	755



Lánaimseartha	Ógtheagmháil	467
Páirtaimseartha	Grúpaí Litearthachta do Dhaoine Fásta	3,316
Páirtaimseartha	Oideachas Pobail	2,573
Páirtaimseartha	BCTE	1,277
Páirtaimseartha	Oiliúint Tráthnóna	4,451
Páirtaimseartha	Uaireanta Comhair BOaO	423
Páirtaimseartha	Uaireanta Breise Comhair – An tSeirbhís Oideachais	1,221
Páirtaimseartha	Scileanna don Obair	1,967
Páirtaimseartha	Scileanna le Feabhsú	1,299
Páirtaimseartha	Aitheantas ar Réamhfhoghlaim	5
		<b>22,939</b>

Líon na gCúrsaí 2020 de réir Cnuasaigh Scileanna			
1. Talmhaíocht, Gairneoireacht agus Muirshaothrú	8	17. Gruagaireacht, Scéimh agus Teiripí Comhlántacha	18
2. Eolaíocht Ainmí	6	18. Sláinte, Teaghlach Seirbhísí Sóisialta eile	245
3. Ealaíona & Ceardaíocht	17	19. Teicneolaíocht Faisnéise	13
4. Timpeallacht Thógtha	16	20. Teanga	5
5. Gnó, Riarachán	76	21. Bainistíocht	26
6. TFC Lánaimseartha	31	22. Déantúsaíocht	3
7. Lánaimseartha Pearsanta	590	23. Meáin Grafaicí Cumarsáid	13
8. Innealtóireacht	3	24. Taighde agus Oideachas-Traenáil	9
9. Innealtóireacht (Leictreach)	40	25. Díolacháin & Margaiocht	15
10. Innealtóireacht (TF)	1	26. Eolaíocht agus Teicneolaíocht	2
11. Innealtóireacht (Meicniúil)	27	27. Slándáil, Cosaint & Seirbhísí Éigeandála	7
12. Innealtóireacht (Iompar)	13	28. Sampláil Scileanna	1
13. Fiontraíocht	5	29. Spórt agus Fóillíocht	12
14. Seirbhísí Airgeadais	2	30. Turasóireacht	11
15. Bia agus Deoch	26	31. Iompar, Dáileachán & Lóistíocht	16
16. Foghlaim Ghinearálta	421	32. Forbairt & Dearadh Gréasáin	3
<b>Cúrsaí 2020 ar fad = 1,681</b>			



## Fócas ar an Margadh Fostaíochta agus Uasoiliúint

Ar mhaithe le foghlaimeoirí BOaO, cintíonn an Rannán BOaO go bhfuil a soláthar ábhartha trí rannpháirtíocht le fostóirí a mhéadú agus a fheabhsú. Tá na hiarrachtaí straitéiseacha maidir le rannpháirtíocht fhostóra dírithe ag Seirbhís Rannpháirtíocht Tacaíochta Um Rannpháirtíocht Fiontair an Rannáin BOaO, a bhfuil teagmháil acu le réimse leathan geallsealbhóirí, fostóirí agus foghlaimeoirí, a bhíonn ag cur feabhais ar rannpháirtíocht chun béim a chur a ról straitéiseach na húdarásachta i bhforbairt scile san Iarthar Láir.

Ar leibhéal straitéiseach, baintear é seo amach trí líonrú le Fóram Scileanna an Iarthair Láir, agus idirghabháil sonraithe trí Scileanna le Feabhsú agus soláthar BOaO eile. Tá an réimse gníomhaíochtaí rannpháirtíochta le fostóirí, idir chruinnithe straitéiseacha ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil, seisiúin comhairliúcháin, cuairteanna a thabhairt ar shuíomh, ionchur ar forbairt curaclaim srl, tar éis cur le hábharthacht ár soláthair BOaO.

Is cur chuige nuálach ar leith é an cur chuige earnála maidir **le scileanna a fhorbairt trí chnuasaigh scileanna** (i.e. Luimneach ar mhaithe leis an Innealtóireacht, Luimneach ar mhaithe leis an Scannánaíocht, Luimneach ar mhaithe leis an bhFáilteachas, Comhaontas ETIM, srl.), lena n-éascaítear do chomhroinnt faisnéise sna réigiúin faoin margadh saothair, agus trínar féidir riachtanais na dtionscal a mheaitseáil le soláthraithe oideachais. In 2020, Tá go leor ionchuir agus seisiúin eolais le fostóirí tar éis béim a chur ar na deiseanna agus deontais **uasóiliúna BOaO atá ann d'fhostaithe**. Rinneadh nascanna le Analog Devices, Molex, Dell, Avara agus Johnson & Johnson maidir le traenáil a thabhairt d'fhostaithe. Tá cláir nua á bhforbairt de bharr na gcruinnithe seo.

Tháinig na buntionscnaimh seo ón gcomhoibriú straitéiseach sin sa bhliain 2020:

- **Tionscnamh Taiscéal** D'aithin an Straitéis Scileanna Náisiúnta go raibh gá le uasoiliúint i scileanna digiteacha i measc aosaigh níos sine. Chruthaigh an BOO, i gcomhar le Fóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair Láir, nascanna le pairtnéirí fiontair sa réigiún chun an traenáil seo a chur ar fáil. Ina measc bhí comhlachtaí ar nós Croom Precision Medical, KOSTAL, Molex, Ennis Electrical, Whelan's Plant Sales agus O'Dwyer Transport.
- **Earnáil Scannánaíochta** In 2020, chruthaigh Innovate Limerick trí Film in Limerick agus an NOO comhpháirtíocht a chuirfidh tionscnaimh traenála agus imeachtaí ar fáil a chabhróidh **le forbairt na hearnála scannánaíochta áitiúil san Iarthar Láir** agus a tabharfaidh an t-ullmhúchán cúí do scannánóirí uailmhianacha fostaíochta a fháil san earnáil.
- **Cnuasach Comhlachtaí Lasiompar** lean cur i láthair leis an BOO agus Fóram Scileanna an Iarthair Láir plé ar riachtanais oideachais & oiliúna agus riachtanais na hearnála lóistíochta. Mar thoradh air seo, chuir an BOO cúrsaí in ollstóráil, lasiompar agus cúrsaí eile lóistíochta ar fáil in 2020.
- **An Cnuasach FT** Seoladh an Diploma Full Stack i bhForbairt Bogearraí i mí na Samhna 2020, mar fhreagra ar easpa scileanna a luadh i gcomhairliúchán leis an cnuasach Luimnigh ar son FT. D'oibrigh an EESS i gcomhar leis an Institiúid Cóid ar chúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha do dhaoine dífhostaithe, chomh maith le daoine a bhí fostaithe ach ag iarraidh uasoiliúint.
- I gcomhar leis an gcnuasach scileanna réigiúnach an Iarthair Láir, d'oibrigh **Scileanna le Feabhsú (STA)** le fostaithe a bhí ag obair i dtimpeallacht oibre a bhí ar tí athrú. D'aithin bainisteoirí acmhainní daonna go raibh gá le scileanna boga i ngach cuid den aistear fostaíochta, ó dul isteach sa lucht oibre go arduithe céime ina dhiaidh sin. Thug an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontair freagra air seo trí chomhoibriú le pairtnéirí fiontair san earnáil déantúsaíochta, cógaisíochta agus earnáil miondíola.





- **Earnáil déantúsaíochta** Bainistíocht Tionscadail; Déantúsaíocht Bharainneach QQI Leibhéal 5; Rialú Fardail
  - **Earnáil TF** Anailísiú Sonraí & Scileanna Gnó QQI Leibhéal 5
  - **Scileanna Boga** Cúrsa ar Bhainistíocht Coimhlinte; Teastas nua ar Cheannaireacht agus Bainistíocht Clár bronnta ag Institiúid Ceannaireachta agus Bainistíochta tosaithe sa bhliain 2020
  - Tar éis dóibh comhoibriú leis an **earnáil teileachumarsáide**, tá an EESS agus an tSeirbhís Tacaíochta Caighdeán & Forbairt Fiontraíochta agus uasdátú an Gradam Seirbhís do chustaiméirí, ata ar leibhéal a 5 QQI faoi láthair, le go mbeidh gnéithe de thaithí an chustaiméirí san áireamh. Tabharfaidh sé seo soláthar don BOO in earnáil atá faoi bhláth
  - Cúrsa dírithe ar fhostaithe ag obair ón mbaile 'An Cianobair Éifeachtach'
  - 'Clár ar Bhainistiú Cianoibrithe' le dul i ngleic le riachtanais fostaithe ag bainistiú foirne ó chian.
- **Freagra ar Ghéarchéim COVID-19:** In 2020, bhí Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ina chomhpháirtí i **gCoiste Stiúrtha Freagartha Fostaíochta Réigiúnach an Mheán-Iarthair COVID-19**. Bunaíodh an tascgrúpa seo mar fhreagra ar dhífhostaíocht de dheasca na paindéime, agus le go mbeadh an t-Iarthar Láir in ann cur isteach ar Mhaoiniú Domhandaithe Eorpach sa chás go n-ardófaí dhífhostaíocht. I dtosach, bhí an tionscnamh uasoiliúna ag oibriú le foireann ceannairí tionscadal san earnáil Miondíola agus Fáilteachais chun uasoiliúnt a chur ar na céadta fostaithe a bhí as obair. Aithníodh agus ar uairibh athraíodh cúrsaí le dul in oiriúint le scileanna riachtanacha na hearnála ag luí leis na luachanna comhoibrithe agus páirtíochta atá sa réigiúin. Chuir an BOO traenáil ar chosc agus rialú ionfhabhtaithe ar fáil mar fhreagra ar an bhfógra a rinne an HSE ag lorg breis foirne sna tithe altranais agus ospidéal. Bhí an traenáil dírithe orthu siúd a raibh an post cailte acu san earnáil failteachais nó miondíola, ionas go mbeadh siad in ann uasoiliúnt agus athrú go dtí an earnáil sláinte mar fhostaíocht inmharthana. Is é an sprioc fadtéarmach atá ann ná straitéis a chur ar fáil chun Réigiúin Cliste den chéad scoth a fhorbairt, agus a bheith mar an réigiúin forimeallach san Aontas Eorpach leis an líonrú/nasc digiteach is fearr ach an lorg carbón is lú agus is féidir.
- **Mná ar son Innealtóireachta** Is cuid den EESS é choiste Luimnigh ar son feidhmiúcháin innealtóireachta. Mar chuid den gcomhoibriú seo tá béim ar mhná a mhealladh go printíseachtaí agus an innealtóireacht. Imeacht a bhí in 'Mná ar son Innealtóireachta' a bhí ar siúl in LIT mí Feabhra 2020, díreach roimh an dianghlasáil. D'fhreastal breis is 400 daltaí baineann ó scoileanna BOO ar an imeacht. Mhínigh painéal d'aoichainteoirí baineann na buntáistí atá ann do chailíní innealtóireacht a roghnú mar ghairm bheatha.

Forbraíodh **cúrsaí nua** in 2020 mar fhreagra ar bhearna scileanna a aithníodh i gcnuasaigh tionsclaíochta ina n-áirítear:

- Ghlac EESS páirt i mbunú **oiliúna tógála** le hAthghiniúint mar fhreagairt ar oiliúint do shlabhraí soláthair do thionscadail tógála nua i Luimneach.
- Fograíodh a lán cúrsaí sna pobail áitiúla le linn na paindéime chun tacú le gnóthaí, go leor gnóthaí féinfhostaithe
- San **Earnáil Sláinte**, ba é an modúl ar chosc agus rialú ionfhabhtaithe ar cheann de na modúil is tábhachtaí a chuireadh ar fáil, agus forbraíodh leagan de ar líne.
  - Sa bhliain 2020, cuireadh clár ar fáil in Inis, Sionainn, Cill Rois, an Scairbh agus Cill Dá Lua. Thug siad dul chun cinn fostaíochta den scoth do na foghlaimeoirí.
  - Ag oibriú le fostóirí áitiúla (Home Instead Senior Care), roinnt mhodúil QQI Leibhéal 5 le cáilíocht iomlán an fhostaí a chinntiú.
- Earnáil Muirí Is cúrsa faoi leith an cúrsa muirí i gCill Rois, a thugann an creidiúnú agus scileanna atá de dhíth in Earnáil Muirí atá bhláth timpeall Inbhear na Sionainne. Forbraíonn foghlaimeoirí



scileanna muirí láidre mar bhunús a theastaíonn chun oibriú ar shoithí paisinéirí, báid oibre agus áirtheaí iascaireachta, chomh maith leis an deimhniú riachtanach a fháil atá an teastáil ón ISA agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Caithfidh soláthar BOaO luí le **teastas na hearnála** chun a bheith ábhartha, reatha agus aitheanta ag an earnáil.

- Le linn 2020, d'oibrigh Campas BOO na Sionainne le os cionn 70 fostóirí ar bhonn náisiúnta i dtaobh **oiliúint chomhlíonta a chur ar fáil ar láimhseáil cuisneáin F-Gáis**. Tá an traenáil seo riachtanach anois de réir an GCC. Ó tharla an Breatimeacht tá borradh tar éis teacht ar iarratais don traenáil seo mar go bhfuil gá le cáilíocht AE le cur isteach ar cheadúnas láimhseála ón GCC agus ní ghlacann siad le Teastas City & Guilds ná ón Ríocht Aontaithe. Faoi láthair, is é Campas BOO na Sionainne an t-aon áit a chuireann teastas agus traenáil dá leithéid ar fáil sa tír.
- Le linn 2020, thug Campas na Sionainne cúrsa nua ar táthú róbataic i gcomhar le comhlacht áitiúil DesignPro Automation. Tá teastas táthú uathoibríthe ISO ag dul leis an gcúrsa seo agus tá an chéad grúpa foghlaimoirí cáilithe agus ag obair i gcomhlachtaí. Is é seo an t-aon cúrsa dá leithéid sa tír.
- Is í an **turasóireacht** an earnáil dúchasach is mó in Éirinn fós.
  - In 2020, chuir soláthar Croiscileanna lena soláthar cultúir, turasóireachta agus fáilteachais chun Ag Tosú san Earnáil Turasóireachta, Scileanna Fáiltiú, Ag Tosú san Miondíola agus Lónadóireachta, Treoraí Turais, Cúram Custaiméirí do thiománaithe a chur san áireamh, chomh maith le réimse cúraí eile ar chultúr agus oidhreacht. Thug an dianghlasáil deis d'fhostaitheoirí na hearnála turasóireachta uasoiliúnt nó scileanna a athfhoghlaim.
  - Bhunaigh scoil oíche LCFE an chéad cúrsa treorach turais réigiúnach i gceantar chathair Luimnigh. Thug an tionscnamh deis don ionad caidrimh láidre a chruthú le hOidhreacht na Sionainne, Limerick Civic Trust agus Comhairle Chontae agus Chathair Luimnigh, a bhí mar urraitheoirí ag cuid de na foghlaimoirí.
  - I gCoill Rois, thug an cúrsa Scileanna le Feabhsú ar Scileanna Cumarsáide an Bhéarla scileanna luachmaire d'fhoghlaimoirí, an chuid is mó acu ag obair sa earnáil turasóireachta áitiúil nó san earnáil miondíola. Bhain foghlaimoirí leas as an bhfoghlaim ó chian le linn an dianghlasála agus ghlac siad páirt in ranganna ar líne, rud a bhí tairbheach ó thaobh scileanna FT a fheabhsú san ionad oibre.
  - I soláthar Croiscileanna i gcathair Luimnigh, d'fhreastal fostóirí ó Carambola, Absolute Hotel agus cnuasach fostóirí meascáithe ar ranganna teanga go seachtainiúil le cur le creidiúniú.
- Cuireadh **seachadadh cúrsaí solúbtha** ar fáil freisin trí roghanna breise tráthnóna, deireadh seachtaine agus lasmuigh den champas a chur ar fáil. In 2020, bhain 918 duine úsáid as soláthar traenála san oíche, agus **bhain 3,190 duine úsáid as soláthar féin- mhaoiniú in LCFE**. Cuireann an tsamhail seo ar chumas fostaíthe agus daoine féinhostaithe uasoiliúint a dhéanamh agus leanúint ar aghaidh ar a n-aistear foghlama.

Gné riachtanach eile de rannpháirtíocht fostóirí is ea obair for-rochtana na Rannóige BOaO agus teagmhálacha a bhunú le comhpháirtithe/fostóirí nua i bpobail áitiúla ar mhaithe le **deiseanna socrúcháin oibre** sa todhchaí. Cuir i gcás, soláthar BOaO IAT, bhunaigh Campas Chromadh nascanna le UHL agus le Corcaigh le haghaidh foghlaimoirí sa chúrsa do cuiditheoirí fisiteiripe. I gcás roinnt cúrsaí, ar nós Cosc agus Rialú Ionfhabhtaithe i LCFE, tá caidreamh seanbhunaithe ag suíomhanna cúram sláinte, mar Ospidéal Bon Secours i Luimneach, áit ar féidir leo teagmháil a dhéanamh leis an gcoláiste agus iad ag earcú.

In 2020, de dheasca na paindéime COVID-19, níorbh fhéidir socrúcháin oibre seachtracha iomlána a chinntiú agus cuireadh socrúithe teagmhasacha socrúcháin oibre i bhfeidhm (timpeallachtaí



insamhalta srl.), i ndiaidh teagmháil a dhéanamh le hearnáil an BOO agus QQI. Shainmhígh doiciméad um Pleanáil Teagmhasach don Mheasúnú an chaoi ar cuireadh ábhar roghnach eile leis an gciste socrúcháin oibre i ngradaim áirithe, rud a chiallaíonn go bhfuil socrúchán oibre roghnach seachas éigeantach do na gradaim sin.

## Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna

Tá spriocanna uailmhianacha leagtha síos ag SOLAS i dtaobh 50,000 duine breise a chlárú ar phrintíseachtaí agus cúrsaí oiliúna sa tír faoi 2020 – ní mór do gach BOO cion a dhéanamh ina leith sin. Bíonn trí chéim traenála lasmuigh den phost agus ceithre chéim a bhaineann leis an bpost i gceist le printíseacht. Caithfidh an duine a bheith cláraithe mar fhostaí chun printíseacht a dhéanamh. Tugann an soláthar BOaO Printíseacht 2016+; Printíseacht céim 7, agus Céimeanna Printíseachta (2,4,6).

Le linn an dianghlasála COVID-19, múineadh na gnéithe teoiriciúla do phrintíseacht ar líne. Chun an traenáil praiticiúil a éascú, chruthaigh na teagascóirí fearais praiticiúla a bhfeadfadh na printísigh tabhairt abhaile leo agus a úsáid sna cleachtaí. D'éirigh go maith leis seo i gcomhar leis an seachadadh teoiriciúil. Bhí siad in áit mhaith chun filleadh ar thraenáil ar an láthair dá bharr agus ní raibh gá le síneadh ama a chur ar na cúrsaí. Cuireadh clár ama i gcrích le SOLAS chun cúrsaí printíseachta ar fionraí a chríochnú. I gcásanna áirithe, bhí breis teagascóirí ag teastáil, ag oibriú ó cheann ceann na bliana chun an riaráiste a ghlanadh. Bhí srian de seachtar i gcuid mhaith do na ranganna printíseachta nua chun cloí le scaradh sóisialta. Cuirtear thart ar 40% de phrintíseachtaí agus soláthar ar an láthair ar fáil ó chian, nuair is féidir. Tá tús curtha arís le gach cúrsa SST le haghaidh traenáil ar chonradh le linn 2020, agus iad ag feidhmiú gan stró. Beidh sceideal de chúrsaí ar líne ar fail in 2021 trí thraenáil ar chonradh.

Ó thús na paindéime, coimeádadh na foghlaimeoirí agus fostóirí suas chun dáta maidir le na srianta reatha a bhí i bhfeidhm, chomh maith le cathain a bhíothas ag súil le filleadh ar thraenáil ar an láthair. Bhí an chumarsáid tábhachtach toisc go raibh a lán fostóirí ag cur seirbhísí tábhachtacha ar fáil le linn an dianghlasála agus d'fhill a lán printísigh, a bhí tar éis céim 2 a chríochnú, ar an láthair. Bíonn cumarsáid shoiléir i dtaobh dátaí tosaithe agus críochnaithe ag teastáil ag fostóirí, ionas gur féidir leo a gclár ama a phleanáil.

### In 2020, áiríodh ar phríomhfhorbairtí:

- Cháiligh an chéad aicme **Péintéirí Spraeála Aerárthaí** ar cháilíocht Críochnaithe Dromchla Aerárthaí Leibhéal 3 City & Guilds. Tairgeadh conradh fostaíochta d'fhoghlaimeoirí rathúla le fostóir óstach Aerospace Coatings (IAC)
- Thosaigh an tríú **cúrsa ar Chuisniúcháin agus Aerchóiriú** sa cheardlann nua R&AC. Is é Campas BOO na Sionainne an t-aon áit sa tír go gcuirtear céim 2 de phrintíseacht R&AC ar fáil.
- Ghlac Campas na Sionainne **seilbh ar Inneall Tuirbín Gáis CFM** le húsáid i dtraenáil chéim 2 d'innealtóirí aerárthaigh.
- **Traenáil Nua** i dTáthú Róbataic; Bainistíocht Tábhairne; Innealtóireacht Rothair
- **Comhpháirtíocht:** Tá Cleachtóir Foghlama BOaO ar fhoireann an SAG thar ceann an Rannáin BOaO (ETBI Grúpa Tacaíochta do Phrintísigh Teicniúla). Bhí rochtain ag Campas BOO an Ráithín ar acmhainn úsáideach ar líne 'Folláine do Printísigh agus Traenálaí', de bharr na cumarsáide seo.
- In 2020, **mhéadaigh Soláthar Croiscileanna Campas Ascaill Uí Chonaill a dtacaíocht** do phrintísigh i gCampas an Ráithín, le foireann tiomnaithe do thacaíocht matamaitice & litearthachta.



- **Printíseacht Náisiúnta sa Ghrugaireacht (NHA):**

In 2020, d'oibrigh an fhoireann NHA ar Champas Raithín an BOO gan stad gan staonadh le tacaíocht ón TEL agus Seirbhísí Tacaíochta MF (Measúnú Fiúntais) chun leathadh amach an chláir a ullmhú agus a thosú go náisiúnta. Ba sprioc mór é don Phrintíseacht Náisiúnta sa Ghrugaireacht, tosódh sé soláthróir ag múineadh an chláir i mí Eanáir 2021: Ionad Traenála Thamhlachta, BOO Bhaile Átha Cliath agus Dún Laoghaire: Ionad Traenála Fhionnghlaise, BOO Chathair Bhaile Átha Cliath; Coláiste Dhúlaigh, BOO Chathair Bhaile Átha Cliath; St John's Central College, BOO Chorcaí; agus Coláiste Breisoideachas Phort Láirge, BOO Phort Láirge agus Loch Garman. Anuas air sin, beidh dhá phrintíseacht náisiúnta sa ghrugaireacht á tosú ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i gcampas an Ráithín. Tosaigh na printísigh go foirmiúil i mí na Samhna 2020 le lá ionductaithe. Tugadh seisiúin ionductaithe d'fhoireann soláthróra a bhí ag comhoibriú leo, ar nós bainisteoirí cláir, foireann MF agus múinteoirí. D'fhorbair saineolaí ábhair neart acmhainní múinteoireachta agus foghlama i gCampas an Ráithín, mar son le tacaíochtaí riachtanacha eile ar nó Lámhleabhar NHA TEL agus cáipéis MF agus cáipéis treoirle tacaíochta. D'oibrigh foireann an NHA go dlúth chomh maith le foireann cumarsáide an BOO chun sócmhainní NHA a chur ar fáil ar nós lámhleabhar printíseachta, tascleabhar ar chumas oibre do gach céim den gclár, agus a thuilleadh ná é. Dearadh agus táirgeadh na sócmhainní seo go háitiúil agus tá siad á scaipeadh leis na foirne soláthróra faoi láthair.

## **Rochtain, Tacaíocht agus Diríú ar Dhul Chun Cinn**

Bhí 2020 thar a bheith rathúil de bharr na paindéime COVID-19 mar bhí fócas nua ag teastáil chun éigeandáil a sheachaint agus chun cinntiú nach méadófaí an bearna neamhionannais oideachais. Tá baol dáiríre ann go n-éireoidh an neamhionannas oideachais atá ar eolas againn níos measa de dheasca COVID-19, nó go gcruthóidh sé neamhionannas nua fadtéarmacha i measc grúpaí atá faoi mhí bhuntáiste cheana féin. Bhí ar Rannán BOaO a chur chuige maidir le tacaíochta foghlaimeora a athrú agus a fhorbairt dá bharr.

## **Creat Seirbhíse Tacaíochta um Ionchuisiú Gníomhach BOaO**

Is é an aidhm atá ag an Seirbhís Tacaíochta um Chuimsiú Gníomhach (AISS) ná cinntiú, chomh fada agus is féidir, go gcuirtear na tacaíochtaí ar fáil a cheadófaí daoibh leas a bhaint as na deiseanna oideachais atá ann dóibh i gclár de chuid an Rannáin BOaO. In 2020, d'fhorbair an ISS go mór i réimsí éagsúla, lena n-áirítear:

### **Forbairt ar Ghréasáin de Mhoil Foghlama**

Is príomhthionscnamh comhoibritheach é tionscadal na Mol Foghlama idir seirbhísí tacaíochta TEL, AISS & ILLN a chomhcheanglaíonn úsáid na teicneolaíochta (Teicneolaíocht Chúnta agus Foghlaim Feabhsaithe ag Teicneolaíocht) le tacaíochtaí duine le duine agus foghlaimeoirí grúpa i réimsí ar nó Litearthacht, Uimhearthacht, Digiteach Litearthacht, tacaíocht staidéir, srl.

Cuireann an gréasán d'ionad foghlama féinrochtana réimse acmhainní, ábhar, bogearraí agus áiseanna ISCT ar fáil d'foghlaimeoirí BOaO chun tacú leo lena spriocanna foghlama. Cuirtear tréimhsí staidéir san áireamh sna cláir ama agus bíonn rochtain ag foghlaimeoirí ar áiseanna foghlama lasmuigh de ghnáth uaireanta teagmhála na n-ionad BOaO. Le linn 2020, **leathnaigh Seirbhísí Tacaíochta AISS agus TEL líon na mol foghlama ó 3 go 8.**



Luimneach	An Clár
<ul style="list-style-type: none"><li>• Campas Bhóthar Chill Mocheallóg</li><li>• Campas an Ráithín</li><li>• Campas Ascaill Uí Chonaill</li><li>• Campas Shráid Mulgrave</li><li>• Campas Bhaile Chill Mocheallóg</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Iarthar an Chláir</li><li>• Sionainn</li><li>• Inis</li></ul>

Roghnaíodh a láithreacha chun díriú ar fhoghlaimoirí a thagann ó ceantar le ráta ard dífhostaíochta / ceantair díothachta agus bhí ról rithábhachtach ag foireann an mhoil i dtacaí aonair, spriocdhírthe a sholáthar d'fhoghlaimoirí le linn na paindéime COVID-19.

Chuir an iarracht comhoibríoch idir na moil ar chumas an Rannáin BOaO freagairt ar bhealach an-éifeachtach do na riachtanais tacaíochta leathan agus éagsúla, rud a tháinig as an mbogadh go soláthar éigeandála ó chian in 2020. Go déanach sa bhliain 2020, tosaíodh forbairt ar spás mhol foghlama dhigiteach le bunáiseanna foghlama ag úsáid Moodle agus curtha chun cinn trí ghréasáin an Mhoil Foghlama. Go dáta, forbraíodh trí chúrsa, le 6 chúrsa eile sa phíblíne.

- **Forbairt ar Chlárú Chomhtháite do Thacaíocht Foghlama:**

Thug an tSeirbhís Tacaíochta um Chuimsiú Gníomhach freagra ar na dúshláin nua a tháinig ón bpaindéim trí aon pointe cláraithe amháin a bhunú do thacaíocht don bhfoghlaimoir aonair (tosaithe i mí Mheán Fómhair 2020) Le tacaíocht ó ghréasán an mhoil foghlama, cruthaíodh é chun dul i ngleic go sonrach le soláthair BOO a chur ar fáil d'fhoghlaimoirí i gceantair le ráta ard dífhostaíochta / ceantair díothachta agus chun tacú le foghlaimoirí le riachtanais breise. Chláraighe beagnach 900 foghlaimoir do thacaíochtaí idir Meán Fómhair - Nollag 2020. Cruthaíodh leathanach nua do Thacaíocht Foghlama <https://learningandskills.ie/learner-supports/> chun an tseirbhís a chur chun cinn, le nascanna go foirm clárúcháin ar líne agus tá seoladh ríomhphoist nua [learnersupport@lcteb.ie](mailto:learnersupport@lcteb.ie) in úsáid agus monatóireacht laethúil á dhéanamh air ag an AISS agus na foirne moil.

- **Soláthair Seirbhísí Comhairleoireachta:**

D'fhorbair an AISS cáipéisí tairisceana agus d'eagraigh sé comórtas trí eTenders le linn mhí Iúil agus mí Lúnasa 2020, agus ina dhiaidh sin cheap an t-údarás MyMind chun seirbhísí comhairleoireachta ar líne a sholáthar d'fhoghlaimoirí a dhéanann féin-atreorú le haghaidh tacaíochtaí. Tríd an pháirtíocht seo le seirbhís comhairleoireachta ar líne MyMind, is féidir le an Rannáin BOaO suas le sé sheisiúin comhairleoireachta a thairiscint d'fhoghlaimoirí, agus is féidir leo freastal orthu ar líne chun cloí le rialacháin i dtaobh scartha sóisialta. Tá breis is 100 duine fostaithe ag MyMind atá ina saineolaithe i gcúrsaí meabhairshláinte, agus tá an rogha ag foghlaimoirí a gcomhairleoir a roghnú bunaithe ar an rud is fearr dóibh, dar leo. Má cheaptar go bhfuil an tseirbhís ag teastáil ó fhoghlaimoirí, tugtar cód faoi leith dóibh a sé seisiúin saor in aisce a fhuascail ó shuíomh gréasáin MyMind. Scaipeadh breis is 60 cód d'fhoghlaimoirí ar fud Luimnigh agus an Chláir ó thairgeadh iad ar dtús ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair. D'fhorbair AISS acmhainní agus físeáin chun tacú le leathadh amach na seirbhíse.

- **Cothromas Gléas d'fhoghlaimoirí:**

D'fhorbair an AISS réimse cáipéisí treoracha chun cothromas gléas d'fhoghlaimoirí a chinntiú agus a chur chun cinn. Lena n-áirítear Treoirínte ar conas do Gléas Fhéin a Thabhairt Leat, Treoirínte Cothromais Gléas, Measúnú Riachtanais Um Cothromais Gléas, Treoirínte ar Úsáid Inghlactha agus Comhaontuithe ar lasacht Gléas. D'eagraigh an AISS agus an TEL comórtas tairisceana i mí Lúnasa/Meán Fómhair 2020 do cheannach Gléasanna Foghlama. **Le linn 2020, ceannaíodh, samhlaíodh, cuireadh barrachód ar agus stocáladh 900 gléas foghlama ar mhaithe le húsáid d'fhoghlaimoirí tríd ar gcórais chothromais gléas. D'fhonn dáileadh na bhfeistí ar fud na 8 Mol**



Foghlama a bhainistiú, bhunaigh an AISS Leabharlann Cothromais Gléas ar líne ag baint úsáide as Míreanna Bogearraí ar lasacht agus cheannaigh siad scanóirí agus chuir siad barrachód ar gach gléas ar iasacht tríd na 8 suíomh. Thacaigh na foirne moil le foghlaimeoirí dul i dtaithe ar a ngléas trí cheardlann ar MS Teams, Office 365 agus clocha cora digiteacha.

In 2020, ba é ceann de phríomhthascanna tacaíocht foghlaimeoirí ná an deighilt dhigiteach i measc foghlaimeoirí a chúngú, rud a tháinig chun solais go forleathan mar thionchar díreach ar COVID-19. Mhéadaigh an t-éileamh ar thacaíocht teicneolaíochta d'foghlaimeoirí de bharr an athruithe tobann ón bhfoghlaim sa seomra ranga agus an fhoghlaim ar líne. Ba é TEL (foghlaim le cuidiú teicneolaíochta) a thraenáil teicneolaíocht nua do bhaill foirne, seaimpíní digiteacha a oibríonn do dícheallach chun acmhainní a fhorbairt agus ardáin foghlama ar líne a aithint, chomh le haipeanna foghlama a bheadh oiriúnach do gach caighdeán foghlama. Bhí ar foghlaimeoirí dul in oiriúint chomh maith le hardáin foghlama ar líne ar nós Zoom, MS Teams, Padlet, agus Office 365 chun rochtain a fháil ar a gcúrsa. **Cuireadh oiliúint ghearr duine le duine agus grúpa ar aipeanna litearthachta digití agus foghlama** ar fáil d'foghlaimeoirí agus leanadh ar aghaidh trí sheisiúin tacaíochta Teams Live sula dtosaíonn cúrsa, agus ar feadh ré an chúrsa.

- **Cothromas Gléas do Bhaill Foirne**

Tar éis an bogadh do dtí an fhoghlaim measctha agus ar líne, cheannaigh agus d'eagraigh an AISS samhlaíocht agus scaipeadh gléasanna sothghluaiste do chleachtóirí foghlama le linn mhí Iúil, Lúnasa agus Meán Fómhair 2020. **Ar an iomlán, tugadh 280 gléas ar iasacht do bhaill foirne le go mbeadh siad in ann a gcuid soláthair a chur ar fáil ar líne.**

- **Tacaíochtaí d'Fhoghlaimeoirí faoi Mhíchumas:**

Bhog an ciste do mhic léinn faoi mhíchumas ó HEA go SOLAS i mí Iúil 2020 agus anois tugtar Ciste d'foghlaimeoirí faoi mhíchumas air (IAT amháin). Ag teacht le treoirínte an FLD, cuireann na moil foghlama na tacaíochtaí céanna ar fáil d'foghlaimeoirí neamh-IAT, bunaithe ar thionscnamh píolótach rite i Mol Foghlama Champas Bhóthair Chill Mocheallóg in 2019. D'fhonn tacú leis an bpróiseas seo, ceapadh meantóir foirne ar bhonn 2 lá sa tseachtain chun oibriú le foireann an mhoil chun na próisis, na hacmhainní agus na teimpléid a fhorbairt a thacaíonn le measúnú riachtanas / tuairisciú LENS agus oiliúint feasachta míchumais. Tá traenáil measúnú riachtanais tosaigh AHEAD déanta ach gach ball foirne moil faoi mhí Márta 2021 agus tairgfear an tseirbhís seo d'foghlaimeoirí atá ag clárú do thacaíocht mhíchumas trí na moil foghlama.

Cuireann an AISS lóistín atá réasúnta agus tacaíocht phríomhshruthaithe ar fáil mar chuid de tháillí teagaisc an champais d'foghlaimeoirí a bhfuil tacaíocht mhíchumais uathu. Tá measúnú riachtanas curtha i bhfeidhm mar chuid den nós imeachta, chun na riachtanais foghlama a aithint agus an próiseas ceart a leanúint agus na hacmhainní cearta a úsáid bunaithe ar an gcineál tacaíochta. Déanann ball den bhfoireann tacaíocht foghlama nó éascaitheoir taifead ar rogha an fhoghlaimeora, na taithe foghlama atá aige/aici cheanna agus déantar measúnú leighis a chloíonn le RGCS. Is córas tuairisciú nuafhorbartha é an próiseas measúnú riachtanas agus tá sé ina leas ag foghlaimeoirí, teagascóirí agus comhordaitheoirí cheana féin, chun plean a chur le chéile a chabhróidh le comhoibriú an fhoghlaimeora. Anois d'fhéadfadh plean gníomhaíochtaí cruinn cuimsitheach a bheith ag foghlaimeoirí faoi mhíchumas chun a cearta reachtúla a thuiscint agus chun lóistín réasúnta a fháil laistigh de Champas na hInse BOO.

Cuimsíonn na príomhfhorbairtí maidir le tacú le foghlaimeoirí faoi mhíchumas acmhainn na foirne a thógáil trí oiliúint agus meantóireacht. Tá an fhoireann tacaíochta foghlaimeoirí tar éis traenáil a





dhéanamh in RGCS, Cosaint Leanaí Tusla, agus AHEAD ag Tacú le Foghlaimeoirí faoi mhíchumas ag Tríú Leibhéal mar de CPD.

- **Ciste Tionscadail Imeachadh Tearmann & Imirceach:**

Déanann tacaíochtaí AISS comhordanáidiú agus comhaoiniú ar Poitéinseal Réadaithe an Tionscadail AMIF an BOO. Thug an tionscnamh 32 mí freagra ar seo trí treoir, teagasc agus foghlaim a bhogadh ar líne de dheasca na paindéime COVID-19 agus cé gur cuireadh moill ar roinnt gnéithe den tionscadal píolótach (toisc gur dúnadh Ionad Measúnaithe Cambridge in OL ní raibh foghlaimeoirí in ann a gcuid scrúduithe a dhéanamh i mí an Mheithimh mar a bhí beartaithe ar dtús) tá socruithe malartacha curtha i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar torthaí an tionscadail. Go dáta, tá torthaí dearfacha tar éis teacht ón dtionscadal, le caidreamh nua, láidre forbartha idir an BOO agus na hIonaid Fáilteachais, agus fócas nua ag teacht chun cinn ar thábhacht treoir oideachais a sholáthar do bhaill den phobal inimirceach.

- **An Ciste um Maolú i gcoinne Míbhuntáiste Oideachais 2020:**

Chuir an AISS isteach ar dheontas chun ciste tacaíochta foghlaimeoira a phiolótú faoin gCiste um Maolú i gcoinne Míbhuntáiste Oideachais (MAEDF) i mí na Samhna 2020. Cé go raibh amlíne thar a bheith cúng ann, scaipeadh thart ar €14k i gcúnamh airgeadais roimh dheireadh na bliana, tar éis gur glacadh le hiarratas foirmiúil bunaithe ar cheithre chritéir. Tháinig an gá leanúnach atá ann do chiste tacaíochta foghlaimeoira chun solais agus thug an próiseas MAEDF aiseolas luachmhar don BOO ar conas gur féidir é seo a fhorbairt a thuilleadh.

Tá an Ciste um Maolú i gcoinne Míbhuntáiste Oideachais (MAEDF) tar éis deiseanna iontacha a thabhairt d'fhoghlaimeoirí a bheith páirt i gcláir oideachais nua, Ceann acu deo ná Bunchúrsa Cadhcála do ghrúpa athar in Inis nach mbíonn páirteach i gcúrsa scoile go hiondúil. Is féidir dul chun cinn a dhéanamh ar an gcúrsa seo agus cúrsa i Scileanna Cadhcála Canoe Ireland leibhéal 1 a dhéanamh agus ranganna cócaireachta agus Scéimhe a dhéanamh. Táthar ag siúl cúrsa adhmaadóireachta, gníomhaíochtaí allamuigh agus cúrsa Cadhcála eile a chur ar fáil do bhaill teaghlaigh an chéid ghrúpa in 2021. Tá athrú dearfach ó bhonn tagtha ar an gcaidreamh idir tuismitheoir/múniteoir/scoil de bharr an chúrsa tosaigh. Bíonn páistí bródúil as a dtuismitheoirí nuair a ghlacann siad páirt agus nuair a fhoghlaimíonn siad scileanna nua. Chuir foghlaimeoir amháin in iúil an tábhacht a bhaineann le: *'Bualadh le daoine socraithe agus cairde de gach cineál a dhéanamh.'*

- **Rannpháirtíocht le Soláthar agus Tacaíochtaí:**

Tugann an fhoireann AISS uasdátaithe rialta do chomhordaitheoirí Soláthair agus baill foirne IRGSS. I gcomhar leis an QASS, d'fhorbair an AISS sraith dréachtbheartas bunaithe ar Chairt Foghlaimeoirí ETBI agus suíonn Bainisteoir AISS BOaO ar Fhoghrúpa Cáilíochta na Comhairle Cáilíochta BOaO. Bhí baill foirne ó gach ceann de na Moil Foghlama páirteach i ndeiseanna forbartha gairmiúla arna gcur chun cinn ag TEL agus PD lena n-áirítear an Cúrsa Ar Líne Teagasc agus Foghlama 30 uair ar líne, Dearadh Uilíoch don Foghlaim, RPL agus Oiliúint um Measúnú Riachtanas.

- **Tionscnaimh Píolótacha:**

Chomh maith leis an tionscadal píolótach inmheánach Moil Foghlama, thacaigh an AISS le roinnt tionscadal píolótach le linn 2020 lena n-áirítear croí-mhaoiniú a sholáthar do Líonra Oideachais Pobail Luimnigh agus maoiniú a bhaineann go sonrach le tionscadail a dhíríonn ar dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste trí na tionscadail Giniúint Ceoil i Luimneach agus sa Chlár.



- **Mol Champas an Ráithín:**

Cuireadh Mol Foghlama nua i gcrích i gCampas Ráithín an BOO chun tacú le foghlaimeoirí a bhfuil tacaíocht litearthachta nó uimhearthachta uathu. Cuirfidh an mol seo réimse iomlán seirbhísí AISS ar fáil d'fhoghlaimeoirí má tá siad ag teastáil, seirbhísí ar nó comhairleoireacht nó rochtain ar ghléas cuir i gcas. Is spás oiriúnach é don staidéar freisin, mar tá sé deas ciúin agus tá Wifi agus ríomhairí ann.

- **Eolas BOaO, Earcaíocht agus Seirbhís Tacaíochta Treorach (IRGSS)**

Tá tacaíocht treorach riachtanach chun tacú le haistear an foghlaimeora agus tá sé mar bhonn taca ag na céimeanna difriúla an Chonair Rochtana, Aistrithe agus Dul Chun Cinn. In BOaO, tá Treoir leabaithe i gclár a úsáideann samhlacha solúbtha seachadta atá iomchuí maidir le cineálacha agus riachtanais éagsúla na gclár (For-rochtain Lánaimseartha, Páirtaimseartha, Pobalbhunaithe).

Tá tacaíocht faisnéise agus treorach ar fáil ag na céimeanna réamhiontrála, ionduchtaithe, leanúnacha, réamh-imeachta agus iar-imeachta, agus soláthraítear tacaíochtaí trí roinnt meicníochtaí lena n-áirítear treoir duine le duine, treoir ghrúpa, buail isteach agus ar líne seirbhísí fiosrúcháin faisnéise, Mol Faisnéise agus acmhainní féin-rochtana i Moil Foghlama, clár fógraí in Ionaid BOaO agus i bpobail, agus na meáin shóisialta á n-úsáid le leathanach Facebook tiomnaithe d'Eolas BOaO, Earcaíocht agus Seirbhís Tacaíochta Treorach. Tá na seirbhísí saor in aisce, neamhchlaonta agus iontaofa, agus líonraithe. In 2020, tarraingíodh aird ar a thábhachtaí is atá cur chuige comhtháite i leith IRG chun tacú le foghlaimeoirí, baill foirne agus fostóirí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le COVID-19. Rinne an IRGSS athbhreithniú freisin ar a Chreat Straitéiseach, agus d'fhorbair sé próiseas i dtreo plean nua lena n-áirítear próiseas mapála gnó áitiúil chun aird a tharraingt ar an áit ar féidir le IRGSS tacú le seirbhísí eile chomh maith le foghlaimeoirí.

I measc na mbuaicphointí lárnacha Eolas, Earcaíocht agus Seirbhís Tacaíochta Treorach in 2020 bhí:

- Mar fhreagra **ar roinnt fógraí cailleadh poist**, d'oibrigh an IRGSS i gcomhar leis an EESS chun réimse seisiúin Eolais agus Pleanála Gairme a chur ar fáil chun léargas a thabhairt ar dheiseanna BOaO d'iarfhostaithe nó daoine san Iarthar Láir a bhí i mbaol iomarcaíochta. Áiríodh leis seo:
  - Chuir an IRGSS pleanáil gairme agus tacaíochtaí ar fáil trí seimineáir ar líne d'oibrí Debenhams le linn 2020. Chuaigh an claonadh i dtreo siopadóireachta ar líne go mór i bhfeidhm ar an earnáil mhiondíola le blianta beaga anuas. Ba chúis leis seo mar aon le hiarmhairtí COVID-19 dúnadh sé siopa ilrannacha Debenhams. Thug an BOO freagra air seo mar chuid de chomhoibriú náisiúnta le Debenhams agus an DSP.
  - Ba é IRGSS an chéad pointe teagmhála do na foghlaimeoirí ar fad a bhí earcaithe mar chuid de Freagra an Iarthair Láir COVID-19. Trí feachtas clár ar líne, bhailigh Tascghrúpa COVID-19 an Mheán-Iarthair breis is 2,100 'ceisteanna maidir le Léiriú Spéise'. Chuir an IRGSS seirbhísí faisnéise agus treorach aonair ar fáil do chliaint difhostaithe agus fionnaidh.
  - Ag cur faisnéise, comhairle agus treoir ar uasoiliúint, athoiliúint, athrú gairme agus cuardach poist ar fáil trí teagmháil le Pamela Scott agus fostaithe Aerfort na Sionainne trí Sheirbhís Rannpháirtíochta Fiontar.
  - Lean comhghleacaithe IRGSS ar aghaidh ag freastal ar Aonach Gairmeacha an RCS níos luaithe in 2020, chun tacú le fostóirí agus le fostaithe le raon deiseanna foghlama solúbtha atá ar fáil tríd an Rannán BOaO.
  - I ndiaidh an fhógra cailleadh 400 post in Molex, bhunaigh an rialtas grúpa stiúrtha le Fiontraíocht Éireann, an IDA, institiúidí ardoideachais agus an BOO. Cuireadh maoiniú ar fáil do Scileanna le Feabhsú agus bunaíodh ionad eolais in Molex sa tSionainn go luath sa





bhliain 2020. Thar 4 sheachtain, bhuail treoirchomhairleoirí BOO le breis is 100 fostaí agus thug siad eolas agus treoir cad a bheadh ag teastáil chun traenáil nó uasoiliúnt a dhéanamh.

- o De bharr na paindéime COVID-19, d'eagraigh soláthar Croiscileanna sa Chlár cúrsa ar 'Chothú Muiníne i ndiaidh COVID-19' chun cabhrú le foghlaimeoirí filleadh ar an obair. Thug an cúrsa sé seachtaine seo comhairle phraiticiúil agus teicnící chun muinín an fhoghlaimeora a neartú agus a fheabhsú agus iad ag filleadh ar an obair.
- Cé go raibh tionchar mór ag an bpaindéim ar chúrsaí earcaíochta agus for-rochtana in 2020, tá an cur chuige comhtháite i leith IRG ar fud na Rannóige BOaO tar éis **modhanna nua rannpháirtíochta a fhorbairt, lena n-áirítear bogadh ar líne chun deiseanna FET a chur chun cinn.**
  - o Forbraíodh acmhainní ar líne d'fhoghlaimeoirí in 2020 (m.sh bileog firicí cianfhoghlama, ag lorg acmhainní oibre, cur i láthair ar líne ar CVanna agus feidhmchláir, agallaimh teileafóin agus físe, ag maoiniú do chuid staidéir bhreise) agus d'úsáid siad leathanach Facebook IRGSS mar an t-ardán chun iad seo a chur ar fáil do Foghlaimeoirí BOaO ar fud an réigiúin.
  - o Tá foireann IRGSS ar fud Luimnigh agus an Chláir tagtha le chéile anois chun Facebook [www.facebook.com/FETInformationRecruitmentGuidance](https://www.facebook.com/FETInformationRecruitmentGuidance) a úsáid mar phríomhbhealach chun foghlaimeoirí agus geallsealbhóirí pobail ar fud an réigiúin a choinneáil suas chun dáta maidir le nuacht agus acmhainní oideachais, gairmeacha agus folláine. Ina theannta seo, bhí cur i láthair ar líne mar chuid d'fhéile fíorúil 'Foghlaim Saoil Luimnigh' 2020 ar 'Uirlisí Treoracha agus Eolas Oideachais ó chompond do Bhaile Fhéin' agus an chéad C&F beo ar Facebook ar breisoideachas agus roghanna traenála.
  - o **Seimineár Eolais ar Ghairmeacha Beatha Turasóireachta do Theoirchomhairleoirí** Ag oibriú lenár bpairtnéirí in Fáilte Ireland, Coláiste Breisoideachais agus Traenála, ghlac an campas fáilteachais páirt i sraith seimineár ar líne chun eolas a thabhairt do threoirchomhairleoirí ar na cúrsaí/cláir cuí a chabhróidh le mic léinn gairm a roghnú san earnáil turasóireachta agus fáilteachais, Ba é a phríomhfhócas ná cinntiú go bhfanfaidh cúrsaí sa turasóireacht agus fáilteachas mar rogha láidir idir mic léinn, mar go bhfuiltear ag súil go mbeidh an tionscal i mód téarnaimh faoi 2022 nuair a bheidh mic léinn ag baint amach a gcéime.
- Áiríodh ar phríomhthionscnaimh eile eolas, earcaíochta agus treorach BOaO:
  - o Thosaigh an IRGSS ag oibriú le foghlaimeoirí IAT i mí Mheán Fómhair 2020.
  - o **Chomhoibrigh Comhghleacaithe IRGSS leis an RCS** chun faisnéis agus tacaíochtaí treorach a sholáthar do chlár oiliúna tógála nua in Acadamh Óige Mhaigh Rois.
  - o Dul i mbun **tionscadail Aitheantas Réamhfhoghlama** i gcomhpháirtíocht le BOO Dhún na nGall: Inniúlachtaí Fhostaithe na hEarnála Cúraim (VCCSE) a bhailíochtú, tionscadal comhoibritheach RPL idir BOO Dhún na nGall agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, le nasc chuig Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn. Úsáideann an tionscadal seo RPL mar mheicníocht chun tacú le fostaíthe san earnáil chúraim teagmháil a dhéanamh le BOaO.
  - o Bhunaigh an IRGSS **grúpa fócais i gcomhar le haonad foghlama an phríosúin**. Cruthóidh an grúpa fócais seo nascanna a chabhróidh le príosúnaigh filleadh ar an oideachas agus traenáil tar éis a scaoiltear iad ón bpríosúin.
    - o D'fhorbair IRGSS, soláthar Oideachais Pobail agus Oiliúna BOaO agus Líonra Oideachais Pobail Luimnigh **bileog nua d'fhoghlaimeoirí a ghlacann páirt i ranganna Oideachais Pobail ag aibhsiú tacaíochtaí Faisnéise agus Treorach**, tacaíochtaí eile d'fhoghlaimeoirí BOaO agus tacaíochtaí pobail áitiúla atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus a dteaghlai. Mar



chuid de sheoladh an bileog nua thacaigh baill foirne le oiliúint teagascóirí ar ionduchtú d'fhoghlaimoírí.

- o Imeacht rathúil d'fhoghlaimoírí Youthreach i mí Eanáir 2020 dárbh ainm '**Moving on Seminar**'. Is ócáid bhliantúil í seo do Youthreach agus CTC sa Chlár, áit a bhfaigheann foghlaimoírí atá ag críochnú a gcuid clár an deis cloisteáil faoi roghanna breise san oideachas agus san oiliúint.
- o Ghlac LCFE páirt i Seachtain Feasachta an Choláiste arís. Tugadh **cuariteanna fíorúla scoile** freisin le roinnt scoileanna trí réigiún an Mheán-Iarthair, rud a thug deis don choláiste naisc nua a dhéanamh le foghlaimoírí ionchasacha.

Thar aon rud eile, bhí ról tábhachtach ag treoirchomhairleoírí BOaO le linn an dianghlasála agus leithlisithe mar go raibh siad i dteagmháil go rialta le foghlaimoírí chun treoir agus tacaíochtaí foghlama pearsanta a thabhairt dóibh. In Youthreach, tá meicníocht luachmhar cruthaithe chun teagmháil sheachtainiúil teileafóin a sholáthar le foghlaimoírí óga agus leochaileacha go minic, ag díriú ar a bhfolláine, na tacaíochtaí atá ar fáil ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil, obair bhaile agus teagmhálacha atá le teacht.



## An Feidhmeannas um Obair don Aos Óg

Is faoi choimirce an Stiúrthóra Scoileanna atá forbairt na Seirbhísí Oibre don Aos Óg i mBord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Tá achoimre san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, ina bhfuil sainmhíniú ar obair don aos óg mar atá leagtha amach san *Acht um Obair don Aos Óg, 2001* ar phríomhról na hearnála reachtúla maidir le tacú le forbairt clár agus seirbhísí oibre don aos óg agus maidir le comhordú níos fearr le seirbhísí eile do dhaoine óga a chur chun cinn. Is é feidhm reachtúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, mar atá leagtha amach san Acht, ná tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a sholáthar a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir leis an tacaíocht sin. Tá sé ina fhís ag *Creat Beartais na hÉireann do Leanaí agus Daoine Óga 2014-2020 – Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* "go mbeadh Éire ar cheann de na tíortha beaga is fearr le fás aníos agus le clann a thógáil, agus mar a dtugtar meas ar, mar a gcosnaítear agus mar a gcomhlíontar cearta gach linbh agus gach duine óig; mar a gcluintear a nguth agus mar a dtacaítear leo le barr a gcumais a bhaint amach anois agus sa todhchaí."

De réir Alt 44 den *Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013*, bhunaigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir Coiste Oibre don Aos Óg, a dhéanfaidh moltaí leis an údarás maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna faoi Alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna.

*(j) Tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a sholáthar a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir leis an tacaíocht sin*

*(k) Measúnú a dhéanamh le féachaint an bhfuil an modh ina gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach.*

Tá an Clr Ciarán O'Hanlon ina chathaoirleach ar an gCoiste um Obair don Aos Óg, agus tá ionadaithe ó na heagraíochtaí seo a leanas air:

- Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir – Triúr Ionadaithe
- Seirbhís Óige Luimnigh
- Seirbhís Óige an Chláir
- Banóglaigh na hÉireann (ball neamhvótála)
- Foróige (Bainisteoir Cheantar an Deiscirt) (ball neamhvótála)
- Gasóga na hÉireann
- TUSLA, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
- Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
- Rannán an Chláir den Gharda Síochána
- Comhairle na nÓg an Chláir – beirt bhall (vóta ag duine acu)
- Comhairle na nÓg Luimnigh – beirt bhall (vóta ag duine acu)
- Fóram Óige Chathair Luimnigh

Agus í ag comhlíonadh a fheidhmeanna reachtúla maidir le hobair don aos óg, bíonn Foireann Oifigeach Óige Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ag obair i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí tábhachtacha éagsúla, idir dheonach agus reachtúil, a bhfuil ról acu maidir le seirbhísí a sholáthar do dhaoine óga sa réigiún.

## Aguisín 1 Creat Monatóireachta agus Meastóireachta: Tuarascáil Bhliantúil 2020 – Nuashonrú maidir le Soláthar Seirbhíse

Faoi Alt 28 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, ceanglaítear ar BOOnna, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tuarascáil a ullmhú, a ghlacadh agus a chur faoi bhráid an Aire i ndáil le comhlíonadh a bhfeidhmeanna i rith na bliana díreach roimh an mbliain ina ndéanfar an tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire. Tá foilsiú na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais ina phríomhléiriú ar an chuntasacht phoiblí i gcás BOOnna. Leagtar amach i bPlean seirbhíse bliantúil an BOO na seirbhísí a bheartaíonn an bord a sholáthar mar aon le meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas an bhoird i leith na bliana airgeadais sin (Alt 47 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013). Léirítear sa tábla seo a leanas an dul chun cinn a rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (an BOO) in 2020 maidir le cur chun feidhme na ngealltanais a leagtar amach i bPlean Seirbhíse an BOO i leith 2020.

### Spríoc Straitéiseach 1 – Eispéireas Ardchaighdeán do Mhic Léinn, Scoláirí agus Foghlaimoirí

Aidhm: Deiseanna cuimsitheacha ardchaighdeán a sholáthar maidir le hoideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phearsanta, shóisialta, eacnamaíocha agus infhostaitheachta na ndaoine inár bpobal. Is éard atá i gceist leis sin ná a chinntiú go mbeidh eispéiris foghlama agus teagaisc den chaighdeán is airde le fáil ar fud ár scoileanna, ionad agus clár.

Cuspóir ón Ráiteas Straitéise	An gealltanais a thugtar i bPlean Seirbhíse 2020	Éachtaí in 2020
<p>1.1 Leanúint ar aghaidh ag feabhsú thaithí na mac léinn trí mheasúnú, soláthar curaclaim leathanbhunaithe (lena n-áirítear gníomhaíochtaí breise agus comhchuraclaim) mar aon le tacaíochtaí réamhghníomhacha agus coisctheacha do mhic léinn.</p>	<p>2020: Leanúint le cur i bhfeidhm an phríomhthionscnaimh foghlama agus teagaisc lena dtacaítear le scoileanna le Féinmheastóireacht Scoile agus Pleananna Feabhsúcháin Scoile agus Pleanáil DEIS.</p>	<p>Rinne Rannán Scoileanna an BOO leathnú ar chur i bhfeidhm an tionscnaimh ceannairí curaclaim faoina dtacaítear le scoileanna le Féinmheastóireacht Scoile, Pleananna Feabhsúcháin Scoile agus Pleanáil DEIS. Le tuarascálacha de chuid Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scoileanna a foilsíodh le linn 2020, rinneadh comhlánú ar an tacaíocht sin do scoileanna. Tacaíodh le scoileanna le himeachtaí fíorúla Lá Cnuasaigh chun forbairt a éascú de réir spriocanna an Phlean Feabhsúcháin Scoile a leag scoileanna síos de réir 'Ag Féachaint ar Ár Scoileanna (LAOS).</p> <p>Bunaíodh grúpaí comhairleoireachta i ngach cuid de na réimsí seo chun tacú le foghlaim agus múinteoireacht i scoileanna;</p> <p>Grúpa Comhairleacha de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir sna réimsí tacaíochta do scoileanna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• An Clár Rioscaí, lena n-áirítear Cumhdach</li> <li>• Sláinte agus Sábháilteacht</li> <li>• Riachtanais Oideachais Speisialta</li> <li>• Scoileanna lán-Ghaeilge</li> <li>• Tuismitheoirí agus Caomhnóirí</li> <li>• An Fhoghlaim Dhigiteach</li> <li>• Curaclam le Múinteoireacht &amp; Foghlaim san áireamh</li> </ul>

	<p>Leanfaidh an BOO ar aghaidh ag tacú le tabhairt isteach na Ríomheolaíochta don Ardeistiméireacht mar ábhar in dhá iar-bhunscoil de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna in 2020.</p>	<p>Tugadh isteach an Ríomheolaíocht don Ardeistiméireacht ar bhonn céimnithe i mí Mheán Fómhair 2018 agus beidh an t-ábhar sin faoi scrúdú den chéad uair in 2020. Nil an t-ábhar sin ar fáil do scoláirí Ardeistiméireachta ach sna scoileanna atá páirteach sa chéim atá ar bun faoi láthair. Lean BOO ar aghaidh ag tacú le tabhairt isteach na Ríomheolaíochta don Ardeistiméireacht mar ábhar in dhá iar-bhunscoil de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna in 2020.</p>
	<p>Beidh an BOO ag obair leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le trí scoil de chuid an BOO ina bhfuil clár píolótach ar bun maidir leis an gCorpoideachas.</p>	<p>Tugadh isteach sonraíocht nua don Chorpoidéachas san Ardeistiméireacht ar bhonn céimnithe i mí Mheán Fómhair 2018 agus beidh an t-ábhar sin faoi scrúdú den chéad uair in 2020. Nil an t-ábhar sin ar fáil do scoláirí Ardeistiméireachta ach sna scoileanna atá páirteach sa chéim atá ar bun faoi láthair. Ciallaíonn sé nach raibh an t-ábhar seo ina hábhar scrúdaithe ach sna scoileanna a bhí páirteach sa chéim sa bhliain 2020. Is éard atá san ábhar:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- scrúdú scríofa ceann cúrsa ar fiú 50% de na marcanna é,</li> <li>- tionscadal gníomhaíochta coirp atá le déanamh faoi mhaoirseacht an mhúinteora ranga, ar fiú 20% de na marcanna é,</li> <li>- measúnú feidhmíochta atá le déanamh faoi mhaoirseacht an mhúinteora ranga, ar fiú 30% de na marcanna é.</li> <li>- Déanfar na comhpháirteanna uile a mheas go seachtrach. Tabharfar an t-ábhar isteach ar fud na tíre do scoláirí Ardeistiméireachta a bheidh ag tabhairt faoin gcúrsa i Meán Fómhair 2020, agus beidh sé faoi scrúdú in 2022. Thacaigh an BOO le ceithre cinn dá scoileanna a roghnaíodh chun a bheith san áireamh sa chéim in 2019.</li> </ul>
	<p>2020: A bheith ag obair le ROS agus le Tascfhórsa Post Réigiúnach an Lár-larthair chun ETIM a chur chun cinn</p>	<p>I mí Mheán Fómhair 2019, bunaíodh fóram nua do Threoirchomhairleoirí a bhíonn ag obair i scoileanna an BOO agus sna pobalscoileanna a bhfuil an BOO ina chomhphátrún orthu. Tháinig an grúpa sin le chéile ag tionscail éagsúla atá lonnaithe i Luimneach nó sa Chlár chun naisc níos mó a fhorbairt leis na tionscail sa réigiún agus leas a bhaint as na naisc sin. Tá an Rannán Scoileanna an-bhuíoch do Thascfhórsa Post an Lár-larthair as a chuid iarrachtaí i ndáil le bheith ag obair lena scoileanna chun feabhas a chur ar an gcomhpháirtíocht idir scoileanna agus lucht gnó, lucht tionscail agus an pobal taighde.</p> <p>Faoin gComhpháirtíocht Tionscail agus Oideachais ETIM, cuireadh clár ar fáil in éineacht le scoileanna de chuid an BOO sa réigiún: bhí an deis ag oideoirí, scoláirí agus teaghlaigh a bheith rannpháirteach in eispéiris ETIM agus iad féin a thumadh iontu, agus ardaíodh feasacht daoine ar thábhacht ETIM agus ar na deiseanna gairme atá ann sa réimse sin. Chuige sin, cothaíodh caidreamh le lucht gnó agus tionscail ETIM, le scoileanna agus oideoirí, le hinstiúidí breisoideachais agus ardoideachais, agus leis an bpobal STEM i</p>

		<p>gcoitinne. D'éirigh go hiontach leis an gcomhpháirtíocht i dtaobh cultúr comhoibrithe a chothú don fhoghlaim ghairmiúil in oideachas ETIM.</p> <p>An tionscadal piolótach nuólach faoin Oideachas ETIM sin, atá ar an gcéad cheann dá chineál in Éirinn, tá obair cheannródaíocht á dhéanamh aige maidir le samhail a fhorbairt a bhféadfaí leas a bhaint aisti i dtionscnaimh agus fóraim ar fud na hÉireann agus i dtíortha eile.</p> <p>D'oibrigh an BOO i gcomhar le BD chun a chomórtas bliantúil 'Réaltaí ETIM' a reachtáil le linn 2020. Cothaíodh comhpháirtíochtaí breise le comhlachtaí ETIM sa réigiún ina raibh Eolaíochtaí Sláinte Regeneron, Stryker agus OL.</p>
	<p>Leanfaidh an BOO ar aghaidh in 2020 ag forbairt an tionscnaimh cáilíochta do scoileanna maidir leis an gcorpoideachas</p>	<p>Trí thograí éagsúla, tugadh tacaíocht do scoileanna chun caighdeán an chorpoideachais a fheabhsú. Eagraíodh cruinnithe cnuasaigh i rith na bliana 2020 do mhúinteoirí corpoideachais. Áiríodh ina measc siúd comórtais cosúil le bollánóireacht, Laethanta Spóirt an BOO, comórtais idirscoileanna, cruinniú do mhúinteoirí corpoideachais agus gníomhaíochtaí ardú feasachta faoi stiúir múinteoir corpoideachais cáilithe a bhíonn ag obair le Foireann Tacaíochta an BOO.</p>
	<p>2020: Leanfaidh Meitheal Oibre an BOO um Chumhdach ar aghaidh ag tacú le scoileanna agus le hionaid maidir le ceanglais um Chumhdach Leanai a chomhlíonadh.</p>	<p>An Mheitheal Chomhairleach um Chumhdach: San áireamh sa ghrúpa seo tá Príomhoidí, Leas Príomhoidí agus Stiúirthóir na Scoileanna. Tá sí fós ag tacú le cur i bhfeidhm Threoirlínte Tús Áite do Leanai 2017 agus <i>Nósanna Imeachta Cosanta Leanai</i> le haghaidh Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017 na Roinne Oideachais agus Scoileanna. Mar chuid de sin, soláthraítear oiliúint do Theagmhálaithe Ainmnithe, tacaíocht agus treoir maidir le measúnuithe riosca, oiliúint agus tacaíocht do Bhoird Bhainistíochta, mar aon le forbairt beartas agus acmhainní.</p> <p>Ullmhaíodh cur i láthair caighdeánach do gach ball foirne agus dóileadh é ar na scoileanna go léir i mí Lúnasa 2020. Dirítear ann ar chumhdach leanai agus ar nósanna imeachta maidir le tuairisciú éigeantach.</p> <p>Bhí <i>Treoirlínte Páistí chun Tosaigh 2017</i> mar chuid den traenáil tacaíochta do mhic léinn.</p> <p>Eagraíodh ceardlann tiomnaithe do phríomhoidí agus leas-príomhoidí maidir leis na nithe tuarascála a bhain le <i>Treoirlínte Páistí chun Tosaigh 2017</i>.</p>
	<p>Ag teacht le <i>Straitéis TFC 2017-2020 Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir</i> beidh Rannóg TFC an BOO ag obair leis an Stiúirthóir Scoileanna agus leis an Stiúirthóir BOaO chun tacú lena scoileanna agus lena hionaid BOaO</p>	<p>Mar chuid dá Straitéis TFC 2017-2020, leanann an BOO ar aghaidh ag tabhairt a bhonneagair cothrom le dáta agus ag aistriú scoileanna an BOO chuig an bhfearann lce.tb.ie chun WAN a chruthú. Lena chinntiú go mbeidh cumarsáid éifeachtach ann san am atá le teacht, mar aon le rochtain ar fhaisnéis don fhoireann agus do na scoileanna/na hionaid go léir, rinne an BOO uasghrádú ar a shuíomh SharePoint, StaffCONNECT, in 2020.</p>

	maidir leis an nuálaíocht dhigiteach.	<p>Cruthaíodh suíomh nua scoileanna ar StaffCONNECT do gach scoil agus cruthaíodh suíomh de chuid an Rannáin Scoileanna freisin chun teacht a bheith acu ar fhaisnéis agus chun an fhaisnéis a chomhroinnt. Rinne an BOO nuashonrú ar an ngréasán iomlán, ar chóras oibriúcháin MS Windows 10, agus rinneadh é sin a chomhordú agus a fheidhmiú ar fud na heagraíochta iomláine.</p> <p>Soláthraíodh agus nuashonraíodh sonraí faoi Chonarthaí Náisiúnta, Treoirínte, Nósanna Imeachta srl. a bhaineann le gach gné den Soláthar ar StaffCONNECT le linn 2020 chun rochtain dhigiteach ar fhaisnéis ábhartha a éascú.</p>
<p>1.1 Leanúint ar aghaidh ag feabhsú thaithí na mac léinn trí mheasúnú, soláthar curaclaim leathanbhunaithe (lena n-áirítear gníomhaíochtaí breise agus comhchuraclaim) mar aon le tacaíochtaí réamhghníomhacha agus coisctheacha do mhic léinn.</p>	<p>Le linn 2020, leanfaidh Rannán BOaO an BOO ar aghaidh ag cur curaclaim agus modhanna forbairt chláir chun cinn, a ligfeadh dóibh a soláthar a chur in oiriúint do riachtanais foghlaimeoirí, fostóirí agus pobail, agus tús áite a thabhairt do phríomhréimsí scileanna réigiúnacha agus náisiúnta.</p>	<p>Chuir an Rannán BOaO soláthar cáilíochta (lánaimseartha agus páirtaimseartha) ar fáil do níos mó ná 22,939 duine in 2020. Chuir sé 1,681 babhta cúrsa ar fáil in 2020 in 37 ionad, i thart timpeall 300 áit ar fud Luimnigh agus an Chláir.</p> <p><b>Mná ar son Innealtóireachta:</b> Is cuid den EESS é choiste Luimnigh ar son feidhmiúcháin innealtóireachta. Mar chuid den gcomhoibriú seo tá béim ar mhná a mhealladh go printiseachtaí agus an innealtóireacht. Imeacht a bhí in ‘Mná ar son Innealtóireachta’ a bhí ar siúil in LIT mí Feabhra 2020, díreach roimh an dianghlasáil. D’fhreastal breis is 400 daltaí baineann ó scoileanna BOO ar an imeacht. Mhinigh painéal d’aoichainteoirí baineann na buntáistí atá ann do chailíní innealtóireacht a roghnú mar ghairm bheatha.</p> <p>➤ Cuireadh <b>seachadadh cúrsaí solúbtha</b> ar fáil freisin trí roghanna breise tráthnóna, deireadh seachtaine agus lasmuigh den champas a chur ar fáil. In 2020, bhain 918 duine úsáid as soláthar traenála san oíche, agus <b>bhain 3,190 duine úsáid as soláthar féin- mhaoiniú in LCFE</b>. Cuireann an tsamhail seo ar chumas fostaithe agus daoine féinfhostaithe uasoiliúint a dhéanamh agus leanúint ar aghaidh ar a n-aistear foghlama.</p>
	<p>Le linn 2020, beidh Rannán BOaO an BOO ag plé leis an bPlean Gníomhaíochta chun Printiseachtaí agus Oiliúint a Leathnú in Éirinn 2016–2020 trí chláir nua a fhorbairt agus a sholáthar.</p>	<p>Forbraíodh cúrsaí nua in 2020 mar fhreagra ar bearna scileanna a aithníodh i gcnusaigh tionsclaíochta ina n-áirítear:</p> <p>Ghlac EESS páirt i mbunú oiliúna tógála le hAthghiniúint mar fhreagairt ar oiliúint do shlabhraí soláthair do thionscadail tógála nua i Luimneach. Fograíodh a lán cúrsaí sna pobail áitiúla le linn na paidéime chun tacú le gnóthaí, go leor gnóthaí féinfhostaithe</p> <p>San Earnáil Sláinte, ba é an modúl ar chosc agus rialú ionfhabhtaithe ar cheann de na modúil is tábhachtaí a cuireadh ar fáil, agus forbraíodh leagan de ar líne.</p> <p>Sa bhliain 2020, cuireadh cláir ar fáil in Inis, Sionainn, Cill Rois, an Scairbh agus Cill Dá Lua. Thug siad dul chun cinn fostaíochta den scoth do na foghlaimeoirí.</p>

		<p>D'oibrigh siad le fostóirí áitiúla (Home Instead Senior Care), ar sheachadadh roinnt mhodúil QQI Leibhéal 5 le cáilíocht iomlán an fhostaí a chinntiú.</p> <p>In 2019, d'fhógair an BOO 'Bealaí chun Printíseachta' – tionscnamh nua faoina gcuirtear cúrsaí éagsúla ar fáil ar féidir le rannpháirtithe tabhairt fúthu roimh phrintíseacht. Ar na cúrsaí sin, múinteoir scileanna riachtanacha chun cabhrú le rannpháirtithe rochtain a fháil ar phrintíseacht iomlán agus aistriú chuici. Ar an gcuma chéanna ó thaobh struchtúir de, cuirtear cúrsaí 'Bealaí chun Printíseachta' ar fáil in éineacht le hoiliúint ag an obair ó fhostóir agus oiliúint lasmuigh den obair i gColáiste Breisoideachais agus Oiliúna. Nuair a chríochnaíonn foghlaiméirí cúrsa 'Bealaí chun Printíseachta', bronntar Teastas Mórghradam Leibhéal 5 (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) orthu. Is teastas é sin a aithnítear ar an leibhéal idirnáisiúnta.</p>
	<p>Cinnteadh Rannán BOaO an BOO go gcuirfeadh oiliúint agus tacaíochtaí ar fáil ionas go gcomhlíonfaidh an Fheidhm Sholáthair agus Tacaíochta BOaO don Óige na nósanna imeachta um chosaint leanaí a tugadh cothrom le dáta le déanaí, ina gcuirtear san áireamh na ceanglais nua tuairiscithe agus cosanta leanaí atá i bhfeidhm ar bhonn sainordú reachtúil.</p>	<p>In 2019 rinne an tOifigeach Forbartha Gairmiúla BOaO anailís ar riachtanais oiliúna agus d'eagraigh an tOifigeach seisiún oiliúna shaincheaptha ar Chumhdach, Cosaint Leanaí agus Cumhdach Daoine Fásta Leochaileacha. Tá traenáil éigeantach i gCosaint Leanaí ann anois do gach baill foirne agus déantar monatóireacht ar seo trí suaitheantais dhigiteacha. D'éirigh go hiontach leis an leathadh amach i 2020.</p>
<p>1.2 Tacú lenár scoileanna agus lenár n-ionad féin-mheastóireacht a dhéanamh agus a chinntiú go gcuirtear córais dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm ar fud Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir chun na caighdeán oideachais, oiliúna agus eitice is airde a choinneáil.</p>	<p>Le linn 2020, tacóidh an BOO le scoileanna maidir leis an bpróiseas Féinmheastóireachta Scoile a chur i bhfeidhm agus le hullmhú don Mheastóireacht Scoile Uile agus do mheastóireachtaí ábhair tríd an tionscnamh um Múinteoireacht agus Foghlaim a Stiúradh, faoina leanfar ar aghaidh freisin ag cur comhoibriú gairmiúil idir múinteoirí chun cinn.</p> <p>Le linn 2020 leanfaidh an BOO ag déanamh meastóireacht ar thionchar an tionscnaimh sin ar eispéiris agus torthaí foghlama na scoláirí agus ar chleachtas comhoibritheach na múinteoirí.</p>	<p>Le linn 2020, thacaigh an BOO le scoileanna maidir leis an bpróiseas Féinmheastóireachta Scoile a chur i bhfeidhm agus le hullmhú i gcomhair Meastóireacht Scoile Uile (MSU) agus meastóireachtaí ábhair trí chuirteanna a thug an Stiúrthóir Scoileanna ar scoileanna, trí chruinnithe le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, cruinnithe leis an gCigireacht, agus tríd an tionscnamh um Múinteoireacht agus Foghlaim a Stiúradh, faoina gcuirtear chun cinn an comhoibriú gairmiúil idir múinteoirí.</p> <p>Ina theannta sin, thacaigh an fheidhm um Fhoghlaim, Múinteoireacht agus Measúnú Ionchuisitheach a Stiúradh le scoileanna chun feabhas a chur ar na caighdeán a bhaineann le heispéireas na scoláirí agus iad ar scoil agus chun idirphlé gairmiúil a chothú i measc na mball foirne i scoileanna an BOO. Rinneadh athbhreithniú ar LLT in 2020, d'fhonn múnla tacaíochta a fhorbairt do scoileanna ar fheabhsú Scoile (SI) do 2021.</p>
	<p>Cinnteadh an BOO go mbeidh deiseanna ag gach ball foirne teacht ar oiliúint agus ar thacaíochtaí a theastaíonn chun an</p>	<p>In 2020, cuireadh oiliúint ar gach ball foirne maidir le GDPR agus cúrsaí athnuachana ar GDPR, Ionduchtú ar Shláinte agus Sábháilteacht d'fhostaithe nua, Prótacail Ghlantacháin COVID-19, Cúrsa Oiliúna</p>



	<p>reachtaíocht nuashonraithe a chomhlíonadh lena n-áirítear RGCS agus na ceanglais reachtúla nua maidir le tuairisciú agus cumhdach leanaí.</p>	<p>Sábháilteachta Fostóirí COVID-19 d'Fhostaithe atá ag filleadh ar an Ionad Oibre agus COVID- 19 Oiliúint Sábháilteachta Fostaithe maidir le Filleadh ar an Ionad Oibre agus Oiliúint Oibrithe Ionadaí Oibrithe Luaidhe. Cuireadh an cúrsaí seo ar fáil in 2020 trí ardán inneall príobháideachais nua.</p>
	<p>Mar chuid de Straitéis TFC an BOO 2017 - 2020, soláthróidh sé deiseanna comhoibrithe lena gcuimsítear ardáin ar líne, agus an córas SharePoint StaffCONNECT atá ag BOO ina measc, chun tacú lena scoileanna agus lena ionaid maidir le féinmheastóireacht agus lena chinntiú go gcuirfear córais dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm ar fud an BOO. Le linn 2020, áireofar leis sin feidhmiú Office 365 agus aistriú chuig córas oibriúcháin Windows 10 freisin.</p>	<p>D'éascaigh agus chomhordaigh an Rannóg FC cur i bhfeidhm tionónta Microsoft Office 365 don BOO in 2020. Ina theannta sin, tugadh rochtain do gach mac léinn agus scoláire ar Office 365 agus uasghrádaíodh iad chuig ceadúnais A3, rud a thugann an rogha dóibh Office a shuiteáil ar ghléas baile.</p> <p>Le linn na bliana 2020, críochnaíodh an próiseas tairisceana maidir le conradh chun cothabháil agus seirbhísí bainistithe a chur ar fáil do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Fograíodh an comórtas ar eTenders &amp; OJEU ar an 22ú de mhí Iúil 2020 agus bronnadh an conradh roimh dheireadh na bliana.</p>
<p>Le linn 2020, cuirfidh Rannán BOaO an BOO bearta i bhfeidhm ó Phlean Féinmheastóireachta Feidhmiúcháin agus Feabhsúcháin Dearbhaithe Cáilíochta na BOOanna (QQI).</p> <p>➤ Athbhreithniú Tionscnaimh ar Dhearbhú Cáilíochta</p>		<p>Ócáid stairiúil ab ea an tAthbhreithniú Tionscnaimh ar Dhearbhú Cáilíochta i 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna na hÉireann - maidir le Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus BOOanna - mar ba é an chéad phróiseas athbhreithnithe dá chineál é a rinneadh laistigh den earnáil. Déanfar athbhreithniú ar gach BOO mar aonán corparáideach neamhspleách agus cuirfear tuarascáil athbhreithnithe aonair ar fáil i leith gach BOO. Teastaíonn uaidh an caighdeán cultúrtha sna BOO a fhorbairt a thuilleadh agus muinín phoiblí sa Bhreisoideachas agus Traenáil a fheabhsú trí fhollasacht agus feacht phoiblí a chur chun cinn.</p> <p>Cuireadh tús leis an bpróiseas athbhreithnithe i mí na Nollag 2019 nuair a d'fhoilsigh QQI Beartas don Athbhreithniú Tionscnaimh ar QA in BOOanna ag imlíniú a chur chuige i leith an phróisis athbhreithnithe timthriallach 5 bliana institiúideach seo. Faoi stiúir ag Taighde FET, an tOifigeach Pleanála agus Measúnaithe a bhí mar Comhordaitheoir Athbhreithnithe BOO, bunaíodh tascghrúpa athbhreithniú MF i mí Eanáir 2020 chun an próiseas a phleanáil agus a bhainistiú. Bhí ionadaithe ann ó sholáthar lánaimseartha agus páirtaimseartha BOaO, riarachán, Seirbhís Tacaíochta MF, an tSeirbhís Tacaíochta um Chuimsiú Gníomhach, an tSeirbhís Tacaíochta Foghlama Feabhsaithe Teicneolaíochta, an tSeirbhís Tacaíochta um Fhorbairt Ghairmiúil, an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontar, an tSeirbhís Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach, BOaO Grúpa Stiúrtha agus Bainistíocht Shinsearach an BOO. Is éard a lean é seo ná próiseas pleanála cuimsitheach agus fairsing, comhairliúchán, dréachtú, dearadh agus ceadú, agus dá bharr foilsíodh Tuarascáil Próifíl Soláthraí agus Féinmheastóireachta an BOO i mí na Nollag 2020.</p>

		<p>Thréaslaigh an QQI Rannán BOaO as ucht leanúint leis an bpróiseas seo in aineoinn géarchéime COVID-19. Beidh an BOO seo ar an gcéad BOO san earnáil a thug Cuairt ar Athbhreithniú Seachtrach QQI i Márta 2021.</p>
<p>1.3 Forbairt an mhic léinn/an fhoghlaimoira mar dhuine aonair a chothú agus tacaíochtaí a fhorbairt do dhaltaí nó d'fhoghlaimoírí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais, d'fhonn a n-acmhainneacht a uasmhéadú ag gach céim den phróiseas foghlama.</p>	<p>Is é an aidhm atá ag an tSeirbhís Tacaíochta um Chuimsiú Gníomhach (AISS) ná cinntiú, chomh fada agus is féidir, go gcuirtear na tacaíochtaí ar fáil a cheadófaí daoibh leas a bhaint as na deiseanna oideachais atá ann dóibh i gclár de chuid an Rannáin BOaO.</p>	<p>An Ciste um Maolú i gcoinne Míbhuntáiste Oideachais 2020: Chuir an AISS isteach ar dheontas chun ciste tacaíochta foghlaimoira a phiolótú faoin gCiste um Maolú i gcoinne Míbhuntáiste Oideachais (MAEDF) i mí na Samhna 2020. Cé go raibh amlíne thar a bheith cúng ann, scaipeadh thart ar €14k i gcúnamh airgeadais roimh dheireadh na bliana, tar éis gur glacadh le hiarratas foirmiúil bunaithe ar cheithre chritéir. Tháinig an gá leanúnach atá ann do chiste tacaíochta foghlaimoira chun solais agus thug an próiseas MAEDF aiseolas luachmhar dúinn ar conas gur féidir é seo a fhorbairt a thuilleadh.</p> <p>Tá an Ciste um Maolú i gcoinne Míbhuntáiste Oideachais (MAEDF) tar éis deiseanna iontacha a thabhairt d'fhoghlaimoírí a bheith páirt i gcláir oideachais nua, Ceann acu deo ná Bunchúrsa Cadhcála do ghrúpa athar in Inis nach mbíonn páirteach i gcúrsa scoile go hiondúil. Is féidir dul chun cinn a dhéanamh ar an gcúrsa seo agus cúrsa i Scileanna Cadhcála Canoe Ireland leibhéal 1 a dhéanamh agus ranganna cócaireachta agus Scéimhe a dhéanamh. Táthar ag siúl cúrsa adhmaadóireachta, gníomhaíochtaí allamuigh agus cúrsa Cadhcála eile a chur ar fáil do bhaill teaghlaigh an chéid ghrúpa in 2021. Tá athrú dearfach ó bhonn tagtha ar an gcaidreamh idir tuismitheoir/múniteoir/scoil de bharr an chúrsa tosaigh. Bíonn páistí bródúil as a dtuismitheoirí nuair a ghlacann siad páirt agus nuair a fhoghlaimíonn siad scileanna nua. Chuir foghlaimoír amháin in iúil an tábhacht a bhaineann le: 'Bualadh le daoine socraithe agus cairde de gach cineál a dhéanamh.'</p>
	<p>Le linn 2020, leanfaidh Rannán BOaO an BOO ar aghaidh ag feidmiú agus ag leabú an Chreata Comhtháthaithe Teanga, Litearthachta agus Uimhearthachta ar fud gach soláthair BOaO trí bhearta na bliana 2019 a chur i bhfeidhm, ina mbeidh fócas ar leith ar mheasúnú tosaigh litearthachta agus uimhearthachta a dhéanamh ar gach foghlaimoír BOaO.</p>	<p>Le linn 2020, leathnaigh Seirbhísí Tacaíochta AISS agus TEL líon na mol foghlama ó 3 go 8. Roghnaíodh a láithreacha chun díriú ar fhoghlaimoírí a thagann ó ceantar le ráta ard dífhostaíochta / ceantair díothachta agus bhí ról rithábhachtach ag foireann an mhoil i dtacaí aonair, spriocdhírthe a sholáthar d'fhoghlaimoírí le linn na paindéime COVID-19.</p> <p>Chuir an iarracht comhoibríoch idir na moil ar chumas an Rannáin BOaO freagairt ar bhealach an-éifeachtach do na riachtanais tacaíochta leathan agus éagsúla, rud a tháinig as an mbogadh go soláthar éigeandála ó chian in 2020.</p> <p>I dtreo dheireadh 2020, tosaíodh forbairt ar spás mhol foghlama dhigiteach le bunáiseanna foghlama digiteacha ag úsáid Moodle agus curtha chun cinn</p>

trí ghréasáin an Mhoil Foghlama. Go dáta, forbraíodh trí chúrsa, le 6 chúrsa eile sa phíblíne.

Thug an tSeirbhís Tacaíochta um Chuimsiú Gníomhach freagra ar na dúshláin nua a tháinig ón bpaindéim trí aon pointe cláraithe amháin a bhunú do thacaíocht don bhfoghlaim aonair (tosaithe i mí Mheán Fómhair 2020) Le tacaíocht ó ghréasán an mhoil foghlama, cruthaíodh é chun dul i ngleic go sonrach le soláthair BOO a chur ar fáil d'fhoghlaimoirí i gceantair le ráta ard difhostaíochta / ceantair díothachta agus chun tacú le foghlaimoirí le riachtanais breise. Chláraigh beagnach 900 foghlaimoir do thacaíochtaí idir Meán Fómhair - Nollag 2020. Cruthaíodh leathanach nua do Thacaíocht Foghlama <https://learningandskills.ie/learner-supports/> chun an tseirbhís a chur chun cinn, le nascanna go foirm clárúcháin ar líne agus tá seoladh ríomhphoist nua [learnersupport@lcebtb.ie](mailto:learnersupport@lcebtb.ie) in úsáid agus monatóireacht laethúil á dhéanamh air ag an AISS agus na foirne moil.

Chuir soláthar Croiscileanna i gcathair Luimnigh ranganna ar fáil do 138 foghlaimoirí breise ó 35 contae de bhar maoiniú ón dtionscadal AMIF. Chuir rochtain ar thacaíocht treorach tiomnaithe go mór le rannpháirtíocht an BOO le dhá Ionad Soláthair Dhírigh áitiúla, rud a d'fhág go raibh roinnt tionscnamh ann, lena n-áirítear ranganna cultúir Béarla agus Gaeilge ar an láthair, teoiric tiománaithe, deiseanna gairme agus píolótach beartaithe 2021 de 'ETIM do tuismitheoirí'. Ag am Nollaig, thug an BOO pacáistí foghlama teaghlaigh do 38 páiste, ina riabh leabhair, leabhair saothair, agus eolas ar na cúrsaí, seirbhísí agus deiseanna a chuireann an BOO ar fáil.

Bhí Seirbhís an Rannáin BOaO um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT) agus an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach (AISS) ag obair le chéile chun líonra Mol Foghlama Féin-Rochtana a fhorbairt sna campais mhóra laistigh de Rannán Breisoideachais agus Oiliúna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Dhá ghné atá i gceist sa chur chuige sin: neartú a dhéanamh ar an bhfoireann tacaíochta foghlama ar champais mhóra de chuid an BOO, agus moil foghlama féin-rochtana a fhorbairt. Le linn 2019, chuir FCT agus AISS sraith teicneolaíochtaí tacaíochta cúnta agus foghlama ar fáil chun tacú le foghlaimoirí rochtain a bheith acu ar gach clár i sé champas ainmnithe BOaO. Ina theannta sin, cuireadh baill foirne a bhíonn ag plé le FCT agus Tacaíocht Foghlama ag obair san Ionad BOaO i gCampas Bhóthar Chill Mocheallóg agus san Ionad BOaO i gCampas an Ráithín, chun an tionscnamh a chur i bhfeidhm.

	<p>Le linn 2019, beidh an BOO ag obair le ROS, le seirbhísí tacaíochta na Roinne sin agus le foireann inmheánach seirbhísí oideachais an BOO ar Fholláine na Scoláirí a chur chun cinn.</p>	<p>Chuir an BOO tacaíocht ar fáil dá chuid scoileanna chun cuidiú le scoláirí a bhfuil an baol ann go mbeidís faoi mhíbhuntáiste oideachasúil, trí bhaill foirne ó Fhoireann Tacaíochta an BOO a shannadh chun cuairt a thabhairt ar scoileanna agus treoir agus tacaíocht a thairiscint maidir le straitéisí chun cabhrú le scoláirí a choinneáil ar scoil agus lena leibhéal rannpháirteacha. Thacaigh an Fhoireann Tacaíochta le baill foirne na scoileanna le cláir ar nós 'Check and Connect'. Bhí Jigsaw ag obair le sé cinn dár scoileanna chun an tionscnamh 'One Good School' a chur i bhfeidhm chun cur le rannpháirtíocht na scoláirí.</p> <p>D'eagraigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir cruinnithe le príomhoidí scoile le cinntiú go mbeadh an 400 uair d'fholláine san áireamh in amchlár na sraithe sóisearaí.</p>
	<p>I rith na bliana 2020, beidh gach ceann de na rannóga laistigh den Stiúrthóireacht um Fhorbairt agus Tacaíocht Eagraíochta de chuid BOO (Airgeadas, TFC, Acmhainní Daonna, Caipiteal agus Soláthar, agus Seirbhísí Corparáideacha) ag obair i gcomhar leis an Stiúrthóir Scoileanna agus an Stiúrthóir BOaO lena chinntiú go bhfuil rochtain ag gach scoil agus gach ionad BOaO ar na hacmhainní (airgeadais, bonneagair agus pearsanra) a chuirfidh ar a gcumas dóibh Beartas agus Cleachtas ROS a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Lean an infheistíocht reatha atá á dhéanamh ag an BOO in infreastruchtúr oideachais ar fud Luimnigh agus an Chláir in 2020.</p> <p>Ag obair di i gcomhar le Rannán Scoileanna agus Rannán BOaO an BOO, rinne an Rannóg Acmhainní Daonna bainistíocht ar earcú agus roghnú pearsanra chun seirbhísí a sholáthar do scoláirí agus d'fhoghlaimoirí an BOO agus tacú leo, agus í á chinntiú gur cloíodh leis an dea-chleachtas agus gur comhlíonadh oibleagáidí reachtúla le linn 2020.</p>
<p>1.4 Freagraí cuí a fhorbairt a chomhlíonfaidh riachtanais phearsanta, shóisialta agus infhostaitheachta na ndaoine inár bpobail.</p>	<p>Tabharfar tacaíocht do scoileanna maidir le cleachtais ionchuimsitheacha scoile a fhorbairt.</p> <p>Leanfar ag tacú le pobal cleachtais na Foirne Tacaíochta do Scoláirí. Foilseofar acmhainní tacaíochta do scoileanna maidir le Struchtúir na Foirne Tacaíochta do Scoláirí agus Teagmhais Chriticiúla.</p>	<p>Tacaíodh le scoileanna maidir le cleachtais ionchuimsitheacha scoile a fhorbairt in 2020 trí athbhreithniú, leasú agus daingniú beartas agus nósanna imeachta iontrála lena gcuirtear an éagsúlacht chun cinn. Rinneadh gach beartas iontrála scoile a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir an Achta um Oideachas (Iontráil ar Scoileanna) 2018.</p> <p>In 2020, d'oscail an BOO a chéad seomra ranga satailíte i scoil náisiúnta sa Ghleann Rua, atá faoi choimirce Mol An Óige CNS, Inis Díomáin Tá tacaíocht ag an nGleann Rua ón bpobal áitiúil agus Easpag Luimnigh. Freastalaíonn sé ar phobal áitiúil an Ghleanna Rua agus Bhaile Uí Argáin. Bhí an Gleann Rua mar chuid de Drivetime RTÉ i mí Lúnasa 2020.</p> <p>Cuireadh oiliúint ar Chomhordaitheoirí na Foirne Tacaíochta do Scoláirí agus tugadh treoir dóibh maidir le tacú le scoláirí agus baill foirne ar leibhéal na scoile. Soláthraíodh oiliúint le haghaidh baill foirne nua sna Foirne Tacaíochta do Scoláirí agus rinneadh oiliúint bhreise a chur in oiriúint d'Fhoirne Tacaíochta do Scoláirí a bhí bunaithe cheana. Fuair na Foirne Tacaíochta treoir ábhartha ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais maidir le</p>

		<p>freagairt do Theagmhais Chriticiúla. Forbraíodh tacaíochtaí digiteacha mar aon le faisnéis agus treoir chun tacú le baill foirne – seoladh suíomh tiomnaithe SharePoint ar StaffCONNECT agus rannán comhairle do Thuismitheoirí/Caomhnóirí ar <a href="http://www.LCBOOschoools.com">www.LCBOOschoools.com</a> freisin.</p>
	<p>Leanfaidh Rannán BOaO an BOO ar aghaidh ag soláthar raon tacaíochtaí d'fhoghlaiméoirí in 2020 (e.g. atreorú chuig gníomhaireachtaí eile, tacaíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, socrúcháin, srl.), chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní maidir le rannpháirtíocht, coinneáil leis an bhfoghlaim agus dul chun cinn a dhéanamh.</p>	<p>Bhog an ciste do mhic léinn faoi mhíchumas ó HEA go SOLAS i mí Iúil 2020 agus anois tugtar Ciste d'fhoghlaiméoirí faoi mhíchumas air (IAT amháin). Ag teacht le treoirilínte an FLD, cuireann na moil foghlama na tacaíochtaí céanna ar fáil d'fhoghlaiméoirí neamh-IAT, bunaithe ar thionscnamh píolótach rite i Mol KRC in 2019. D'fhonn tacú leis an bpróiseas seo, ceapadh meantóir foirne ar bhonn 2 lá sa tseachtain chun oibriú le foireann an mhoil chun na próisis, na hacmhainní agus na teimpléid a fhorbairt a thacaíonn le measúnú riachtanas / tuairisciú LENS agus oiliúint feasachta míchumais. Tá traenáil measúnú riachtanais tosaigh AHEAD déanta ach gach ball foirne moil faoi mhí Márta 2021 agus tairgfear an tseirbhís seo d'fhoghlaiméoirí atá ag clárú do thacaíocht mhíchumas trí na moil foghlama.</p> <p>Cuireann an AISS lóistín atá réasúnta agus tacaíocht phríomhshruthaithe ar fáil mar chuid de tháillí teagaisc an champais d'fhoghlaiméoirí a bhfuil tacaíocht mhíchumais uathu. Tá measúnú riachtanas curtha i bhfeidhm mar chuid den nós imeachta, chun na riachtanais foghlama a aithint agus an próiseas ceart a leanúint agus na hacmhainní cearta a úsáid bunaithe ar an gcineál tacaíochta. Déanann ball den bhfoireann tacaíocht foghlama nó éascaitheoir taifead ar rogha an fhoghlaiméora, na taithí foghlama atá aige/aici cheanna agus déantar measúnú leighis a chloíonn le RGCS. Is córas tuairisciú nuafhorbartha é an próiseas measúnú riachtanas agus tá sé ina leas ag foghlaiméoirí, teagascóirí agus comhordaitheoirí cheana féin, chun plan a chur le chéile a chabhróidh le comhoibriú an fhoghlaiméora. Anois d'fhéadfadh plan gníomhaíochtaí cruinn cuimsitheach a bheith ag foghlaiméoirí faoi mhíchumas chun a cearta reachtúla a thuiscint agus chun lóistín réasúnta a fháil laistigh de Champas na hInse BOO.</p> <p>Cuimsíonn na príomhfhorbairtí maidir le tacú le foghlaiméoirí faoi mhíchumas acmhainn na foirne a thógáil trí oiliúint agus meantóireacht. Tá an fhoireann tacaíochta foghlaiméoirí tar éis traenáil a dhéanamh in RGCS, Cosaint Leanai Tusla, agus AHEAD ag Tacú le Foghlaiméoirí faoi mhíchumas ag Triú Leibhéal mar de CPD.</p>
<p>1.5 Seirbhísí ardchaighdeán faisnéise, treorach agus comhairleoireachta a chur ar fáil mar aon le seirbhísí tacaíochta do mhic</p>	<p>Leanfaidh an BOO ar aghaidh ag obair leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Sláinte agus Ranna Rialtais eile chun moltaí ón Tascfhórsa Náisiúnta ar Mheabhairshláinte na hÓige, ó</p>	<p>Bhí an BOO ag obair i ndlúthpháirt le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), le TUSLA agus leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais ó mhí an Mheithimh 2019 ar aghaidh chun moltaí an Tascfhórsa Náisiúnta ar Mheabhairshláinte na hÓige, an Tionscadal Pathfinder ar Mheabhairshláinte</p>

<p>léinn/foghlaimoirí ar fud ár scoileanna, ionaid agus cláir.</p>	<p>Thionscadal Pathfinder ar Mheabhairshláinte na hÓige agus ón Straitéis 'Ag Nascadh don Saol' (2015–2020) a chur i bhfeidhm. Déanfaidh an BOO meastóireacht ar thionscadal píolótach a rinneadh i sé scoil de chuid an BOO maidir le freagairt straitéiseach scoile uile d'oideachas ionchuimsitheach agus oideachas speisialta a stiúradh sna hiar-bhunscoileanna. Cuirfear i bhfeidhm céim 1 i gcomhpháirt le Coláiste Mhuire gan Smál.</p>	<p>na hÓige agus an Straitéis 'Ag Nascadh don Saol' (2015–2020) a chur i bhfeidhm..</p> <p>An tionscadal píolótach a bhí ar siúl i sé scoil de chuid an BOO maidir le freagra straitéiseach scoile uile a threorú ar oideachas ionchuimsitheach agus oideachas speisialta in iar-bhunscoileanna chéim 2, i gcomhar le Coláiste Mhuire gan Smál, rinne an BOO leathnú air chuig gach ceann dá 18 scoil in 2019/2020.</p> <p>Ceapadh príomhoide agus leas-phríomhoide ó scoileanna an BOO ar bhord na gCoistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga. Is príomhstruchtúr iad Coistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga a shainaithníonn an Rialtas chun seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga i ngach contae in Éirinn a phleanáil agus a chomhordú. Tá gach leanbh agus duine óg idir 0 agus 24 bliana d'aois faoina sainchúram. Is é aidhm na gCoistí sin comhordú agus comhoibriú éifeachtach idir gníomhaireachtaí a chinntiú chun na torthaí is fearr a bhaint amach do gach leanbh agus duine óg ina gceantar féin.</p>
	<p>Leanfaidh Rannán BOaO an BOO ag feidhmiú agus ag leabú Chreat Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach BOaO an BOO trí bhearta na bliana 2019 a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Tá Eolas BOaO, Earcaíocht agus Seirbhís Tacaíochta Treorach (IRGSS) riachtanach chun tacú le haistear an foghlaimora agus tá sé mar bhonn taca ag na céimeanna difriúla an Chonair Rochtana, Aistrithe agus Dul Chun Cinn. In BOaO, tá Treoir leabaithe i gclár a úsáideann samhlacha solúbtha seachadta atá iomchuí maidir le cineálacha agus riachtanais éagsúla na gclár (For-rochtain Lánaimseartha, Páirtaimseartha, Póbalbhunaithe). Tá tacaíocht faisnéise agus treorach ar fáil ag na céimeanna réamhiontrála, ionduchtaithe, leanúnacha, réamh-imeachta agus iar-imeachta, agus soláthraítear tacaíochtaí trí roinnt meicníochtaí lena n-áirítear treoir duine le duine, treoir ghrúpa, buail isteach agus ar líne seirbhísí fiosrúcháin faisnéise, Mol Faisnéise agus acmhainní féin-rochtana i Moil Foghlama, cláir fógraí in Ionaid BOaO agus i bpobail, agus na meáin shóisialta á n-úsáid le leathanach Facebook tiomnaithe d'Eolas BOaO, Earcaíocht agus Seirbhís Tacaíochta Treorach. Tá na seirbhísí saor in aisce, neamhchlaonta agus iontaofa, agus líonraithe. In 2020, tarraingíodh aird ar a thábhachtaí is atá cur chuige comhtháite i leith IRG chun tacú le foghlaimoirí, baill foirne agus fostóirí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le COVID-19. Rinne an IRGSS athbhreithniú freisin ar a Chreat Straitéiseach, agus d'fhorbair sé próiseas i dtreo plean nua lena n-áirítear próiseas mapála gnó áitiúil chun aird a tharraingt ar an áit ar féidir le IRGSS tacú le seirbhísí eile chomh maith le foghlaimoirí.</p>

	<p>Beidh Rannán BOaO an BOO ag obair chun ráitis infhostaitheachta a sholáthar do chúrsaí/disciplíní in 2020 ionas gur fearr an t-eolas a bheidh ag scoláirí/foghlaimoírí, tuismitheoirí agus fostóirí.</p>	<p>Cuirtear soláthar BOaO chun cinn trí <a href="https://learningandskills.ie/our-courses">https://learningandskills.ie/our-courses</a> agus tá ráiteas infhostaitheachta ag gabháil le gach cúrsa ina sonraítear an réimse gairme agus na bealaí inar féidir le foghlaimoírí dul chun cinn a dhéanamh.</p>
<p>1.6 Na buntáistí a bhaineann le hoideachas agus oiliúint a chur chun cinn do na daoine inár réigiún, agus go háirithe cuidiú le gach foghlaimoír bealaí uathúla maidir le dul chun cinn a aimsiú sna seirbhísí a sholáthraíonn ár scoileanna, ionaid agus cláir.</p>	<p>Tacóidh an BOO leis na scoileanna agus iad ag iarraidh creat treorach scoile uile a fhorbairt, agus cothóidh sé tuilleadh nasc le hinstiúidí BOaO agus le hinstiúidí tríú leibhéal.</p>	<p>Bhí an BOO ag obair i ndlúthpháirt lena threoirchomhairleoirí in 2020 chun treoir scoile uile a fheabhsú le bunú Fhóram na dTreoirchomhairleoirí i mí Mheán Fómhair 2019. I gcás treoirchomhairleoirí ó na scoileanna pobail a bhfuil an BOO ina gcomhphátrún orthu, bíonn siad siúd páirteach san fhóram sin freisin, agus is bealach é chun feabhas a chur ar an gcomhoibriú agus an dea-chleachtas a chomhroinnt maidir le roghanna BOaO a scrúdú agus naisc a chothú le hinstiúidí tríú leibhéal.</p>
	<p>Mar chuid d'fhorbairt sraith eile clár Pathway, tá an BOO ag fiosrú deiseanna Oiliúna do 2020.</p>	<p>In 2020, d'fhógair an BOO 'Bealaí chun Printíseachta' – tionscnamh nua in 2019 faoina gcuirtear cúrsaí éagsúla ar fáil ar féidir le rannpháirtithe tabhairt fúthu roimh phrintíseacht. Ba bhliain faoi leith é 2020 de dheasca COVID agus leanann an BOO ag tacú le foghlaimoírí agus ag soláthar bealaí do phrintíseachtaí. In 2020, chuir an Rannán BOaO cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí ar fáil do 22,939 duine.</p>
	<p>Leanfaidh an BOO ar aghaidh ag ceiliúradh barr feabhais agus éachtaí na bhfoghlaimoírí chun aird a dhíriú ar thionchar dearfach a chuid oibre in 2020.</p>	<p>Lean ionaid BOaO i bpobail áitiúla ag taispeáint éachtaí fhoghlaimoírí BOaO, a bhfuil go leor acu sáraithe go mór chun a gcúrsaí BOaO a rochtain agus a chríochnú. Tá creidiúnú á bhaint amach ag go leor acu freisin, ar luach mór é mar fhianaise ar a gcuid oibre crua.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Seoladh an 32ú eagrán de bhailiúchán bliantúil scríbhneoireachta foghlaimoírí an tsoláthair Croiscileanna i gcontae an Chláir, Simply Said, ar an 1ú de mhí Márta 2021. Reáchtáladh seoladh 2020 ar TEAMS agus áiríodh ann scéalta réamhthairfeadta ó cheathrar foghlaimoírí BOO.</li> <li>• Seoladh leabhair 'Guthanna Saora', comhoibriú idir Grúpa Scríbhneoirí Luimnigh agus Ionad Oideachais Phríosún Luimnigh. An bailiúchán seo de ghearrscéalta agus filíocht a rinne foghlaimoírí fireanna agus baineanna agus a seoladh i bPríosún Luimnigh i mí na Nollag 2020.</li> <li>• Is foilseachán agus bailiúchán cuimhní, oidis agus saothar ealaíne é 'Blasanna Luimnigh' ó ghrúpaí Oideachais Pobail ar fud Chathair Luimnigh. Ba thoradh é seo ar thionscadal comhoibrítheach ag seisear teagascóirí oideachais pobail a bhí ag obair le foghlaimoírí ó ocht n-ionad. Sheol Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, Michael Collins, an leabhar le linn féile fíorúil 'Foghlaim Saoil Luimnigh' i mí Mheán Fómhair 2020. Ag teacht le héiteas an oideachais phobail faoi stiúir an phobail,</li> </ul>

		<p>díoladh an foilseachán chun airgead a bhailiú do Chuardach agus Tarrtháil Mara Luimnigh.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Le linn Sheachtain Foghlama Aosach AONTAS i Márta 2020, chuaigh baill foirne agus foghlaimeoirí soláthar Scileanna Lárnacha le BTEI, Oideachas Pobail agus SDOG chun an fhoghlaim a cheiliúradh agus dámhachtainí QQI a chur i láthair in Inis, Scariff, an tSionainn agus Cill Rois. Is mór an tóir iad seo le teastais chomhlánaithe agus Dámhachtainí QQI ó Leibhéal 1 go 5 á gcur i láthair thar speictream leathan réimsí ábhair. Bhí na hionaid go léir lánchumasach de réir mar a tháinig foghlaimeoirí, teaghlaigh agus cairde le chéile chun aitheantas a thabhairt dá n-éachtaí.</li> <li>Eagraíodh imeacht darb ainm 'Ag Léamh do thírdhreach Áitiúil' i mí Feabhra 2020, chun 15 thionscadal fíor-éagsúil agus spésiúil a thaispeáint, a d'fhorbair agus a chuir foghlaimeoirí East Clare i láthair. Is cúrsa oidhreachta uathúil é seo a d'fhorbair agus a sholáthraíonn an Comhairleoir Oidhreachta, Zena Hoctor, mar thoradh ar chomhoibriú oidhreachta idir Comhairle Contae an Chláir, Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, Éire Chruthaitheach agus Ard-Mhúsaem na hÉireann.</li> <li>In Inis Díomáin, ghlac soláthar IAT cur chuige nuálach don Mhodúl Teicníc Taispeántais trí thaispeántas ar líne deireadh bliana d'obair mac léinn a chruthú ar líne dá fhoghlaimeoirí ealaine Leibhéal 6, ag tógáil suíomh Gréasáin atá sainiúil don chuspóir seo. Thug Teach na Cúirte Galley freagra ar nuálaíocht na bhfoghlaimeoirí trí chamchuairt fhíorúil a dhéanamh ar an obair. Bhí tionchar i bhfad níos leithne ná lucht féachana áitiúil ag an obair agus bhí daoine ar fud na cruinne ach tabhairt aiseolais ar obair na bhfoghlaimeoirí.</li> <li>Rinneadh ceiliúradh ar imeachtaí foghlama sular cuireadh faoi ghlas iad, agus in LCFE, tugadh aitheantas d'éachtaí foghlaimeoirí roimhe seo trí Bhronnadh Céime Fíorúil.</li> </ul>
<p>1.7 Saoráidí den caighdeán is airde agus na teicneolaíochtaí cuí a sholáthar agus a chothabháil dár mic léinn agus d'foghlaimeoirí.</p>	<p>Faoi réir rochtain ar mhaoiniú caipitil/tionscadail, in 2020 leanfaidh Rannán BOaO an BOO ar aghaidh le feabhsúcháin atá pleanáilte ar shaoráidí BOaO an BOO a chur i bhfeidhm. Ar an gcaoi sin, cinnteofar go mbeidh rochtain ag foghlaimeoirí BOaO an BOO ar thimpeallachtaí foghlama atá fáilteach, sábháilte agus oiriúnach dá bhfeidhm.</p>	<p>Infheistíocht in Áiseanna: Aitheanta mar cheann de théamaí cumasaithe straitéis SOLAS, tá bonneagar caipitil agus BOaO rithábhachtach don eispéireas foghlama. Tá infheistíochta sonracha sna Colásití/Ionaid BOO BOaO tar éis caighdeáin na bhfoirgneamh agus taití an choláiste a fheabhsú go mór do bhaill foirne agus foghlaimeoirí. Lena n-áirítear cistineacha nua, saotharlanna TFC, ceaintíní, ceardlanna, chomh maith le infheistíocht suntasach sna hionaid TFC - ríomhairí glúine, cláir bhána idirghníomhacha, teilgeoirí agus gairis eile.</p>



		<p>Is fiú a luath go bhfuil go leor campais BOaO i Luimneach agus sa Chlár agus go n-oibríonn Rannán BOaO in thar ar 300 áit pobalbhunaithe. Sa chlár, is céim tosaigh iad na hionaid BOaO do na coláistí BOaO nua sa tSionainn agus in Inis. Soláthraíonn campais tras-soláthair BOaO i Luimneach agus sa Chlár moil do phobail, agus tugann siad deiseanna luachmhara don fhoireann agus d'fhoghlaimoirí eispéiris agus dea-chleachtas a roinnt. Luíonn sé seo leis an gcoincheap 'Coláiste BOaO an Todhchaí', bunchuspóir straitéiseach mar chuid de Straitéis BOaO SOLAS 2020-2024.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Athlonnadh soláthar IAT in Inis ó Choláiste Pobail na hInse go dtí an Coláiste BOaO nua, Campas na hInse. Cuimsíonn na háiseanna nua úrscothacha sa choláiste seomraí praiticiúla nua-aimseartha lena n-áirítear Cistin Oiliúna; Salon Scéimhe; Salon Gruagaireachta; Saotharlann Eolaíochta; Seomra Teicneolaíochta; roinnt seomraí ríomhaireachta le háiseanna fairsinge iMac; Seomra Tacaíochta Cúram Sláinte tiomnaithe le ardaitheoir suite ar an uasteorainn srl. Gach ceann ar fáil do sholáthar lánaimseartha agus páirtaimseartha BOaO. Bhí tacaíochtaí éagsúla eile lonnaithe sa choláiste le n-áirítear Eolas, Earcaíocht agus Seirbhís Tacaíochta Treorach; Foirne Riaracháin Foghlaimora agus Oibriúcháin; agus Mol Foghlama le foireann thiomnaithe um Chuimsiú Gníomhach agus TEL srl.</li> <li>• In LCFE, athchóiríodh agus uasghrádaíodh an saotharlann iMac i mí na Nollag 2020, agus tá stiúideo den chineál is nua-aimseartha ann freisin.</li> <li>• Athchóiríodh an salon gruagaireachta san Ionad BOaO le déanaí i gCampas an Ráithín.</li> </ul>
	<p>2020: Beidh an BOO ag obair le ROS chun cumais TFC a fhorbairt a thuilleadh ar fud a scoileanna lena n-áirítear deontais a fháil do threalamh TFC, agus ábhair chomhairle agus tacaíochta (go príomha tríd an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí – Teicneolaíocht san Oideachas agus seirbhísí tacaíochta eile). Cuirfidh an BOO clár do cheannairí digiteacha ar fáil do mhúinteoirí a mbeidh clár á stiúradh acu. Beidh an clár Ceannairí Digiteacha nasctha le ceannairí curaclaim agus comhordaitheoirí riachtanas oideachais speisialta chun cur leis na deiseanna le haghaidh comhoibriú</p>	<p>Thacaigh an BOO le múinteoirí agus le ceannairí scoile a raibh fonn orthu teagasc agus foghlaim a threisiú leis an teicneolaíocht trí laethanta cnuasaigh ar cuireadh tús leo i mí Mheán Fómhair 2020. Bhí fáil ag na scoileanna ar chomhairle agus tacaíocht trí StaffCONNECT agus LCBOOSchools.com. Aon scoil a bhaineann leas as Microsoft Office 365, tairgeadh tacaíocht shaincheaptha dóibh maidir le suímh SharePoint a úsáid dá scoileanna, agus maidir le Microsoft Teams. Bunóidh an BOO fóram Grúpaí Oideoirí Éireann Google chun tacú le scoileanna ar fud an réigiúin maidir le G Suite a úsáid i gcúrsaí oideachais. I gcás scoileanna a dhéanann speisialtóireacht i ndáil le teicneolaíochtaí áirithe, roghnaíodh iad mar 'scoileanna taispeána' chun comhairle agus treoir a thairiscint do scoileanna eile ar spéis leo an raon crua-earraí agus bogearraí a úsáideann múinteoirí. Tá scoileanna faoi choimirce an BOO atá chun tosaigh maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí seo a leanas:</p>

	gairmiúil ar leibhéal na scoile agus ar leibhéal na scéime.	Scoileanna iPad 1 ar 1 (Apple): Coláiste Dheasumhan agus Gaelcholáiste Luimnigh; Scoileanna Chromebook (Google): Coláiste Pobail na hInse agus Coláiste Pobail Mhungairit; Surface Pro (Microsoft): Gairmscoil Inis Díomáin agus Coláiste Pobail Thuamhan.
	<p>Leanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair an BOO ar aghaidh ag tacú le hinfheistíocht nach beag i gcaipiteal agus in oibreacha atá dírithe ar eispéireas an fhoghlaimeora/na foirne a fheabhsú i scoileanna agus ionaid an BOO agus ina cheannoifig. I measc na dtionscadal caipitil leanúnach in 2020 tá tionscadail nua a bhaineann le foirgnimh scoile i gColáiste Chiaráin, Cromadh, i gColáiste Pobail Mhungairit agus i nGaelcholáiste Luimnigh. Tá an sineadh neamhspleách ar CP na hInse ar láthair agus tá dul chun cinn déanta ar sintí Choláiste Pobail na Scairbhe agus Thuamhan. San Earnáil Príomhúil, críochnaíodh oibreacha chun athoscailt seomra ranga satailíte faoi CNS Mol an Óige sa Ghleann Rua a éascú agus rinneadh teagmháil leis an Roinn maidir le scoileanna nua do Mol an Óige CNS agus CNS Raheen Woods. Anuas air sin, tacóidh Rannóg Caipitil agus Soláthair an BOO le scoileanna nach bhfuil faoi chúram an Bhoird Oideachais agus Oiliúna maidir le hoibreacha soláthair caipitil in 2020, lena n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Gaelscoil Sheoirse Clancy,</li> <li>• Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg,</li> <li>• Scoil Náisiúnta an Chroí Rónaofa,</li> <li>• Gaelscoil Mhóin an Lín</li> <li>• Donncha Rua, Sionainn</li> </ul>	<p>Achoimre ar Éachtaí 2020:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Coláiste Chiaráin, Chromadh - foirgneamh scoile nua do 800 dalta ar láithreán úrnua críochnaithe le linn 2020.</li> <li>• Sineadh, nua, neamhspleách i Coláiste Pobail na hInse le bheith críochnaithe in 2021.</li> <li>• Gach cead reachtúil i bhfeidhm do Gaelcholáiste Luimnigh, agus tá an tionscadal le tosú ar an láthair i 2021.</li> <li>• Athchóiriú Páirteach ar Seomra Ranga Satailíte Glenroe críochnaithe chun oscailt na scoile nua a éascú.</li> <li>• Iarratas Pleanála do Choláiste Pobail Mhungairit nua mar aon le freagra cuimsitheach ar achainí RFI faighte ó LCCC. Tá cinneadh pleanála le bheith tógtha go luath in 2021. Teastas Tine &amp; DAC i bhfeidhm.</li> <li>• Coláiste Pobail na Scairbhe ag feitheamh ar cead DE chun le dul ar aghaidh chun tairisceana.</li> <li>• Tugadh cead pleanála do Choláiste Pobail Thuamhan. Iarratais Tine agus DAC curtha isteach. Tionscadal le dul ar aghaidh chun tairisceana in 2021.</li> <li>• Tuairisc Céim 2a do Ghaelscoil Mhíchíl Cíosóg curtha isteach go DE.</li> <li>• Tuairisc Céim 2a curtha ar isteach go DE i mí na Samhna 2020 do Scoil Náisiúnta Mhóin an Lín.</li> <li>• Tuairisc Céim 2a ceadaithe do Gaelscoil Sheoirse Clancy le hiarratas pleanála le bheith curtha isteach in 2021.</li> <li>• Cead De foireann deartha a cheapadh agus próiseas tairisceana tosaithe do sheomra ranga satailíte an Ghleanna Rua.</li> <li>• Foireann deartha ceaptha agus an dearadh le tosú ag St John Bosco, Cill an Dísirt.</li> <li>• SLA sínithe le DE do thionscadal Scoil Náisiúnta Naomh Bríd, Luimneach.</li> <li>• SLA sínithe le DE do thionscadal Scoil Náisiúnta Naomh Bríd, Luimneach.</li> </ul>
	I rith 2020, leanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair an BOO ar aghaidh le timthriall phleanáilte oibre feabhsúcháin ar shaoráidí tríd an Scéim Oibreacha Samhraidh, Scéim na nOibreacha	<p>Cuireadh isteach iarratais ar Oibreacha Samhraidh in 2020 maidir le:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Coláiste Pobail Naomh Mícheál, Cill Mhíchíl - Athsholáthar fuinneoige le hoibreacha ar siúl, (dáta críochnaithe réamh-mheasta faoi athbhreithniú ag eascairt as srianta COVID-19.)</li> <li>• Coláiste na Trócaire, Ráth Caola - próiseas dearaidh chun uasghrádú leithris a chríochnú in 2020.</li> </ul>

	<p>Éigeandála agus an Scéim Deontas Caipitil Spóirt.</p>	<p>D'éirigh le hlarratais ar Chaipiteal Spóirt i leith na dtionscadal seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Coláiste na Trócaire, Rathkeale</li> <li>• Coláiste Pobail Chill Mhichíl, Cill Mhichíl, Co. an Chláir</li> <li>• Coláiste Mhuire, Askeaton</li> </ul> <p>Tionscadail Fuinnimh:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Iarfheistiú domhainfhuinnimh ar Choláiste Pobail Naomh Áine, Cill Dalua agus Tionscadail Dearaidh agus Tógála curtha i gcrích ag Pobalscoil Neasáin, Baldoyle agus Coláiste Marino, Baile Átha Cliath</li> </ul> <p>Ionaid Bhreisoideachas agus Oilíúna:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ionad FET, Campas Abbeyfeale - Máistirphlean</li> <li>• OETC Athsholáthar fuinneoige Burren</li> <li>• Coláiste FET, Campas Inis - Seomraí ranga breise</li> <li>• Ionad FET, Campas an Ospidéal - Athsholáthar díon</li> <li>• LCFE - Uasghrádú teasa éigeandála - Céim 1</li> <li>• Ionad FET, Campas Raheen - Uasghrádú ceadlaine leictreach</li> <li>• Ionad FET, Campas Ascaill O'Connell - Athchóirithe seachtracha</li> </ul>
	<p>Chabhraigh an roinn Caipitil agus Soláthair leis an ETB Scoileanna agus Ionaid a athoscailt mar thoradh ar an bpaindéim dhomhanda COVID-19.</p>	<p>D'fhonn a chinntiú go bhféadfadh Scoileanna agus Ionaid athoscailt de réir Threoirlínte an Rialtais, ghlac roinn Soláthair C&amp;P an BOO páirt i bpróiseas soláthair dírithe chun a chinntiú go raibh an leibhéal iomchuí TCP i bhfeidhm agus go gcuirfí mionobreacha riachtanacha i gcrích, de réir Treoirlínte na Roinne.</p> <p>Fuarthas cóiríocht bhreise ag Gaelcholáiste Luimnigh agus i nGairmscoil Inis Cinn, chun a chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais achair shóisialta.</p>
	<p>Faoi fheidhmiú Straitéis TFC an BOO 2017 – 2020, beidh an BOO ag obair i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun an acmhainneacht TFC a fhorbairt tuilleadh ina scoileanna agus ina ionaid BOaO, lena n-áirítear deontais a fháil le haghaidh trealamh TFC, agus comhairle agus ábhar tacaíochta.me</p>	<p>Bhí an Rannóg Caipitil agus Soláthair ag obair i gcomhar leis an Rannóg TFC maidir le Trealamh agus Tomhaltáin TF a fháil in 2020.</p>
	<p>Leanfar ar aghaidh in 2020 le cur chun feidhme Bheartas Náisiúnta Soláthair na BOOnna (lena n-áirítear an tsraith teimpléad le haghaidh tairiscintí os cionn thairseacha an Aontais Eorpaigh agus faoina mbun).</p>	<p>Bhí an Plean Soláthair Corparáideach (CPP) agus an Plean Soláthair Ilbhliantúil (MAPP) ar siúl in 2020.</p>

	<p>Athbhreithniú a dhéanamh in 2020 ar éifeachtacht na mbeartas agus na gcleachtas sláinte agus sábháilteachta, lena n-áirítear clár cothrom le dáta na gCoistí Sláinte agus Sábháilteachta ar an leibhéal lárnach, agus taifead FGL ar oiliúint éigeantach/bhreise (féach 2.5)pi</p>	<p>Rinneadh iniúchadh ar na Scoileanna agus na hIonaid go léir in 2019 agus, ar a bhonn sin, cuireadh oiliúint ar bhaill foirne i ról mar Gharchabhair, Sábháilteacht ó Dhóiteán, Obair Thuas Ard, Dífhibrileoir etc. in 2020, agus treoirínte an Rialtais á gcomhlíonadh maidir le COVID-19.</p>
<p>1.8 Develop/Implement a Youth Work Plan for the region.</p>	<p>Plean Oibre Óige a leanúint a chur i bhfeidhm i 2020.</p>	<p>Tá Sprioc Straitéiseach 1 den Phlean Oibre don Aos Óg 2018–2021 dírithe ar Sholáthar agus Cleachtas Oibre Ardchaighdeán don Aos Óg. In 2020, d'éascaigh an BOO seachadadh seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Oiliúint de chuid Chomhairle Náisiúnta na nÓg: an dea-chleachtas sa bheartas maidir le Sláinte Ghnéis agus sláinte a chur chun cinn i suímh oibre don óige</li> <li>• Maidin comhairliúcháin chun tacú maidir le: LGBTI</li> <li>• Comhairliúcháin le hOibrithe don Aos Óg maidir le bealaí ar féidir le gníomhaíochtaí ealaíon a gcleachtas a fheabhsú.</li> <li>• UBU</li> </ul> <p>Chuir na bearta sin go léir le scileanna na mball foirne a bhíonn ag obair le daoine óga agus chuidigh siad linn an dea-chleachtas a chur i bhfeidhm agus obair ar ardchaighdeán a dhéanamh.</p>
	<p>Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach a bhunú agus an soláthar a chomhtháthú i gclár oideachais fhoirmiúla agus neamhfoirmiúla atá ann cheana.</p>	<p>Is tionscnamh píolótach é an Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach (CÁÓI), a thagann faoin bPlean um Óige Ildánach atá ina chuid den chlár Éire Ildánach, chun cruthaitheacht chultúrtha a leathnú ar an leibhéal réigiúnach. Tá €300,000 san iomlán á roinnt go cothrom idir na trí BOO i Luimneach agus an Clár, Ciarraí agus Laois/Uíbh Fhailí</p> <p>Tharla cruinnithe éagsúla den ghrúpa stiúrtha, an comhordaitheoir agus Stiúrthóir na scoileanna i rith 2020. Tuairiscíonn Grúpa Stiúrtha Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach Luimnigh agus an Chláir (CÁÓI) don BOO, don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don chlár 'Éire Ildánach' maidir le clár a dhearadh agus a sholáthar sa réigiún i ndáil leis an Óige Ildánach.</p> <p>Tá an clár CÁÓI á mhaoiniú faoin tionscnamh 'Éire Ildánach' agus faigheann an BOO an maoiniú sin tríd an Roinn Oideachais.</p> <p>Dhear agus d'fhorbair Rannán na Scoileanna láithreán gréasáin lárnach do na trí BOO go léir, (BOO Chiarraí, BOO Laoise/Uíbh Fhailí agus BOO i Luimneach agus an Clár) chun obair na rannpháirtíochta a chur chun cinn – <a href="http://www.lcyp.ie">www.lcyp.ie</a></p>

	<p>Cuirfidh an BOO tacaíocht leanúnach ar fáil chun Plean Oibre an BOO don Aos Óg a chur i bhfeidhm.</p>	<p>In 2020, bhí an Rannóg Acmhainní Daonna ag obair i ndlúthpháirt le Rannán Scoileanna an BOO chun Comhordaitheoir a earcú don Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach, toisc go raibh an BOO ar cheann de thrí Bhord Oideachais agus Oiliúna piolótacha ar fud na tíre a fuair Maoiniú don Óige Ildánach faoin gclár Éire Ildánach. Ba é sprioc na comhpháirtíochta sin réimse leathan acmhainní a chomhcheangal chun gníomhaíochtaí cruthaitheacha lasmuigh den scoil a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga, a bheadh ag teacht le timpeallachtaí scoile foirmiúla agus a bheadh in oiriúint dóibh sin. Tá maoiniú do 2020 faighte do leanúint an chláir sin.</p>
<p>1.9 Leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag forbairt oideachais lasmuigh mar ghné dhilis de na seirbhísí oideachais</p>	<p>Le linn 2020, déanfar soláthar na gclár trí na hionaid oideachais lasmuigh a chun cinn go himheánach do scoileanna an BOO agus BOAO agus go seachtrach do dhaoine eile a d'fhéadfadh leas a bhaint as an tseirbhís sin.</p>	<p>Leanadh le hionaid oideachais agus oiliúna lasmuigh an BOO a chur chun cinn ar fud Ionaid BOAO, Scoileanna Náisiúnta Pobail agus iar-bhunscoileanna in 2020. Bhain scoileanna leas as an iomaí cineál gníomhaíochtaí agus saoraidí atá ar fáil ag ionaid Bhoirne agus Chill Fhionáin. D'fhorbair an dá ionad sin cláir folláine i gcomhar le scoileanna an BOO. De dheasca paindéimeach domhanda, ní raibh sé féideartha na hionaid sin a úsáid mar na blianta roimhe sin.</p> <p>Lean an Rannóg Acmhainní Daonna ar aghaidh ag tacú le forbairt a dá Ionad Oideachais agus Oiliúna lasmuigh in 2020 trí thacaíocht a sholáthar dá mbaill foirne agus baill foirne nua a earcú chun cur le héagsúlacht an oideachais lasmuigh a chuirtear ar fáil sa dá Ionad.</p>
<p>1.13</p>	<p>Le linn 2020, soláthrófar an BOO Roinn ICT deiseanna comhoibríocha a chuimsíonn ardáin ar líne lena n-áirítear StaffCONNECT an BOO Córas SharePOint chun scoileanna agus ionaid an BOO a thacú, tabharfar an Roinn ICT tacaíocht do na gníomhaíochtaí seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Forbairt ar shuíomhanna SharePoint faoi leith do gach scoil le oiliúint chomhcheangailte agus tacaíocht.</li> <li>• Seachadadh de fhorbairt oiliúna leanúnach chun roll amach Oifig 365.</li> <li>• Obair le RO chun cumas ICT a fhorbairt níos mó ar fud na scoileanna agus Ionaid BOAO, a chuimsiú rochtain ar dheontaisí do threalamh ICT, agus ábhair chomhairle agus tacaíochta.</li> </ul>	<p>Le linn 2020, chruthaigh an roinn ICT don BOO faoi OSD súiomhanna SharePoint ar StaffCONNECT do scoileanna go léir faoi réir BOO. Cuirtear Microsoft 365 ar fáil do scoileanna agus ionaid go léir ar roll amach ar thionóntacht aonair</p> <p>Scrúdaíodh cláir fhíorúla foghlama agus rinneadh tuilleadh daonra ar Moodle le haghaidh seachadadh TFC.</p> <p>Leanamar acmhainn ár scoileanna, coláistí agus ionaid in úsáid ICT mar uirlis múinteoireachta agus foghlamtha. Rinneadh é agus leanfar ar aghaidh é a dhéanamh in éineacht leis an Straitéis ICT BOO, Straitéis TEL, An Straitéis Dhigiteach Náisiúnta do Scoileanna agus an Straitéis Teicneolaíochta Náisiúnta Foglaim Feabhsaithe.</p> <p>Leanann an BOO measúnú a dhéanamh ar Bhonneagar ICT agus córais chun cinntiú go bhfuil siad oiriúnach, oiriúnach don fheidhm, slándáil agus éifeachtacht a sheachadadh do úsáideoirí go léir. Leanfaidh sé ar aghaidh chun dul le soláthraithe bogearraí seachtracha, DE/PMO agus SOLAS chun córais ICT a fheabhsú atá oiriúnach don fheidhm a fhorbairt.</p>

## Spríoc Straitéiseach 2 – Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta

Aidhm: Timpeallacht oibre atá tacúil, comhoibríoch, sábháilte agus sláintiúil a chur ar fáil don fhoireann ar fad trí thacaíocht chuí shofhreagrach agus beartais agus nósanna imeachta cuí a sholáthar a bhfuil cultúr maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach mar bhonn agus mar thaca fúthu. Is éard atá i gceist leis sin ná timpeallacht dhearfach oibre a chothú a mbeidh cultúr measa, dínite agus comhionannais mar bhonn taca fúithi.

Cuspóir ón Ráiteas Straitéise.	Gealltanas a thugtar i bPlean Seirbhíse 2020	Éachtaí in 2020
2.1 Earcú, foireann den chéad scoth a fhorbairt agus a choinneáil.	<p>Tá earcaíocht agus nósanna imeachta agus teimpléid á n-athbhreithniú agus á dtabhairt cothrom le dáta chun an dea-chleachtas agus a n-ábharthacht do riachtanais na heagraíochta a chinntiú agus chun féachaint chuige go gcomhlíonfar an reachtaíocht agus RGCS. Mar chuid de chur i bhfeidhm CL 0003/2018 in 2018, rinneadh athbhreithniú ar riachtanais agus tosaíochtaí gach post ceannaireachta agus bainistíochta atá leithdháilte do an hiar-bhunscoileanna. Le linn 2020, cuirfear oiliúint leanúnach agus oiliúint athnuachana ar bun chun tacú leis na daoine a bhí ag gabháil do na poist Ceannaireachta agus Bainistíochta sna hiar-bhunscoileanna.</p>	<p>Bhí earcaíocht agus nósanna roghnúcháin agus teimpléid léasaithe chun dáta in 2020 agus leanfar iad a athbhreithniú faoi réir dhea-chleachtas.</p> <p>Tabhairt isteach agallamh cianda ag freagairt ar COVID -19 páidéimeach domhanada. Bhí ar fhoireann HR bheith ath-oilteacht in úsáid ardáin IT ar nós ZOOM agus Fógra Adope. Fuair Baill Bord Agallamh traenáil in úsáid na hardáin seo agus cuirtear treoirlínte agus acmhainní san áit chun iarrthóirí agus na boird agallamh a thacú trí phróiseas nua seo.</p> <p>Fógraíodh 224 post in 2020 ar fud na Scoileanna, BOAO agus Tacaíocht Eagraíochta agus aighí Forbartha agus fuarthas agus próiseáladh os cionn 2,200 iarratas.</p> <p>Le linn 2020, ceapadh 18 bhall foirne bhuana nó i gcáil ghníomhach chun dul ag obair in iar-bhunscoileanna an údaráis i bpoist freagrachta.</p> <p>Rinne an Rannóg Acmhainní Daonna an próiseas earcaíochta inmheánach sin a bhainistiú, agus treisíodh na foirne ceannaireachta agus bainistíochta inár scoileanna dá bharr, agus béim á leagan ar na cáighdeáin is airde i ndáil le torthaí oideachais a bhaint amach do scoláirí ionas go gcothófaí timpeallacht a bhfuil ardcháilíocht cúraim scoláirí, foghlama agus teagaisc ina bunchloch di. Leanadh ag soláthar oiliúna agus tacaíochta dóibh siúd a ceapadh do na poist sin.</p>
	<p>Oiliúint/athoiliúint maidir le hearcaíocht, roghnúchán agus agallóireacht a sholáthar in 2020 do chomhaltai boird an BOO, do bhainisteoirí agus do gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas earcaíochta.</p>	<p>Soláthraíodh oiliúint/athoiliúint maidir le hearcaíocht, roghnúchán agus agallóireacht in 2020 do dhaoine nuacheaptha ar bhord an BOO agus i measc na mbainisteoirí agus dóibh siúd a bhfuil baint acu leis an bpróiseas earcaíochta. Tabharfar faoi oiliúint agus oiliúint athnuachana arís in 2021.</p>
	<p>Athbhreithniú agus oiriúnú a dhéanamh ar pharaiméadair chórais TFC na Rannóige Acmhainní Daonna in 2020 chun comhlíonadh RGCS a chinntiú.</p>	<p>Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar pharaiméadair chórais TFC na Rannóige Acmhainní Daonna mar ullmhúchán don aistriú chuig an gcóras Seirbhísí Comhroinnte.</p>

		<p>Le linn 2020, fuair an BOO córas bogearraí, Sytorus – Inneall Priobháideachta, chun comhlíonadh RGCS a bhainistiú. Tá acmhainní daonna, córais TFC agus sreafaí oibre á gcur isteach sa chóras sin agus tá siad á n-athbhreithniú chun comhlíonadh a léiriú.</p>
<p>2.2 Beartas leanúnach forbartha foirne a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, a léiríonn cuspóirí na heagraíochta agus a thacaíonn leis an bhfoireann a gcuid scileanna a chothabháil agus a fhorbairt de réir na gcaighdeán is airde maidir le cleachtas gairmiúil.</p>	<p>In 2020, leanfaidh an Rannán BOO BOAO bearta a leanúint faoi Phlean Ghníomhaire Oiliúnt Forbartha BOO BOAO 2019-2021 nua. Próiseas ionductaithe tras-BOAO a fhorbairt. Acmhainní ionductaithe ar líne agus cláir ionductaithe a fhorbairt chun ionductú comhsheasmhach ardchaighdeáin foirne sa Rannán BOAO a chinntiú.</p>	<p>Foilsíodh Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Ghairmiúil BOAO an BOO 2019-2021 in 2019. Is plean 3 bliana é lena dtreorófar obair an BOO sa réimse seo agus tá ceithre réimse tosaíochta ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Tiomantas Láidir don Fhorbairt Ghairmiúil i gcás na mBall Foirne go léir a bhíonn ag plé le BOAO.</li> <li>- Forbairt Ghairmiúil don Teagasc agus don Fhoghlaim</li> <li>- Struchtúir agus Córais i leith Forbairt Ghairmiúil</li> <li>- Beartais agus Nósanna Imeachta Trédhearcacha, Comhsheasmhacha um Fhorbairt Ghairmiúil</li> </ul> <p>Cinntíonn múnla pleanála riachtanais forbartha de chleachtóirí foglamtha atá i gcroílár den druidim PD, le héifeachtacht foirne agus cumas mar luachanna croílár agus cuspóirí.</p> <p><b>An druidim BOAO comhtháite don FD</b> a léiriú leis an bhfreagairt don bhogadh eigeandála do mhúineadh ar líne, foghlaim agus measúnú de dheasca COVID 19. Chun ath-oiliúint agus foireann a thacú le linn na géarchéime, tháinig TEL agus seirbhísí tacaíochta PD le chéile mar 5-duine foireann chun freagairt aonair, comhordaithe eagraíocht straitéiseach a chinntiú. Rinneadh cinneadh straitéiseach luath ag an ngrúpa Stiúrtha BOAO chun Foirne MS mar uirlis comhoibrithe na rogha ar fud Rannán BOAO. Soláthraítear soiléireacht níos mó do chleachtóirí foglamtha ag cruthú faisnéis roinnte sábháilte agus cinnteoireacht comhoibríochta.</p> <p>An dlúth-chomhoibriú idir an tseirbís Oiliúint Forbartha Tacaíochta agus an tSeirbís BOAO TEL, ag obair go héifeachtach mar fhoireann amháin ó thús ghéarchéim COVID-19, a chinntigh freagairt éifeachtach chun riachtanais proifisiúnta a chomhlíonadh de chleachtóirí foglamtha ar fud Luimní agus an Chlár. Bhí an fhreagairt leibhéal BOAO in éineacht tionscnaimh tacaíochta ag foireann BOAO, a chuimsíonn líonra seaimpíní Dhigiteacha, Bainisteoirí agus Foireann Acmhainne agus leis na Seirbhísí Tacaíochta Cuimsiú Gníomhach BOAO agus Ráthú Caighdeáin.</p>

		<p>Le linn paindéimigh COVID-19 in 2020, 97.3% de Chleachtóirí Foglamtha a rinne suirbhé i Rannán BOAO a d'úsáid teicneolaíocht chun teagmháil a dhéanamh le foghlaimeoirí díreach tar éis dúnadh na campas. D'úsáid mórán uirlisí ar líne agus acmhainní don chéad uair, agus sa phróiseas, thosaigh siad turas forbairt proifisiúnta maidir le foghlaim ar líne.</p> <p>Feictear dúinn toilteanas agus oscailteacht a chur ar foghlaim ar líne agus cumaisc agus ag obair ar líne a raibh doshamhlaithe roimhe. Comhlíonadh seo le deiseanna do thraenail, forbairt, agus tacaíocht. Tá an rannpháirtíocht seo soiléir i méadú faoi dheich in úsáid Teams (ag sroicheadh thar 3000 úsáideoir go laethúil) agus ghníomhaíocht dúbailt ar Moodle (ag sroicheadh thar 1,100 úsáideoirí).</p> <p>Beidh múineadh cumaisc agus ar líne bheith mar ghné ar sheacadadh BOAO um thodhchaí, tá Rannán BOAO tiomanta chun múnla féin-fhorbairt a chothú chun forbairt acmhainne leanúnach i múinteoireacht agus foghlaim digiteach.</p> <p>D'fhorbair an tSeirbhís Tacaíochta TEL leis an Seirbhís Tacaíochta PD Treochlár a léirigh an bhealach don fhoireann chun príomh-scileanna a fhorbairt a bhí riachtanach don aistriú go múineadh agus foghlaim cianda. Cinntíonn múnla pleanála comhtháite na riachtanais forbartha de chleachtóirí foghlamtha atá i gcroílár den druidim PD, le héifeachtacht agus cumas mar chroí-luachanna agus cuspóirí.</p>
	<p>Tabhairt faoi phróifiliú a dhéanamh ar na scileanna a theastaíonn laistigh de gach Rannóg TFE in 2020. Cuireadh tús leis an tionscadal sin in 2018 nuair a thug daoine sna gráid mhaoirseachta faoi oiliúint agus forbairt i mBainistíocht na Maoirseachta. Leanfar ar aghaidh leis sin in 2020, agus cuirfear gráid eile san áireamh freisin.</p>	<p>Cuireadh oiliúint ar fáil do gach grád foirne in 2020 mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach. Tugadh tacaíocht don iomaí duine den fhoireann tríd an gciste um Fhorbairt Ghairmiúil Foirne agus trí ardáin FGL eile mar Moodle, eCollege agus CORE University. Soláthraíodh oiliúint phraiticiúil i ndáil le pacáistí bogearraí in 2020 agus tabharfar faoi oiliúint bhreise in 2021.</p> <p>Tá FGL agus Uasoiliúint ar an bhfoireann TFC ar bun go leanúnach. Mar chuid den obair sin, eagraíodh roinnt laethanta oiliúna faoi MS SharePoint, PowerApps, MS Office 365 Teams, Zoom etc. in 2020. Ina theannta sin, thapaigh baill foirne an deis chun tabhairt faoin uasoiliúint a theastaíonn i leith athruithe reachtacha, lena n-áirítear oiliúint ar líne agus freastal ar sheimineáir in 2020 ar ábhair amhail: Saoirse Faisnéise, RGCS agus Sláinte agus Sábháilteacht.</p>



	<p>2020: Múinteoirí a fhorbairt tuilleadh mar cheannairí i réimsí amhail an curaclam, cúrsaí digiteacha, ionchuimsiú agus tacaíocht do scoláirí.</p>	<p>Ghlac múinteoirí i scoileanna an BOO páirt i gcúrsaí agus i seimineáir um fhorbairt ghairmiúil arna n-eagrú ag an Rannán Scoileanna chun freastal ar an athrú atá ag teacht ar riachtanais na scoileanna agus ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí chun a ról cheannaireachta sna scoileanna a fheabhsú.</p> <p>Cuireadh seimineáir thacaíochta agus oiliúint ar fáil do bhaill foirne iar-bhunscoile sna réimsí seo a leanas;</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Oiliúint do Chinn Bhliana</li> <li>- Oiliúint ar bhonn Cnuasaigh Dhigiteacha agus pobaldea-chleachtais, Lá 1</li> <li>- Cruinniú de Chnuasach Comhordaitheoirí na Foirne Tacaíochta do Scoláirí, Lá 2</li> <li>- Cruinniú den Mheitheal Oibre um Fhoghlaim Dhigiteach</li> <li>- Cruinniú den Chnuasach um Fhoghlaim, Múinteoireacht agus Measúnú Ionchuimsitheach a Stiúradh, Lá 1</li> <li>- Seiminéar BOO-leathan ar líne do múinteoirí, SNAs agus ceannairí scoile go léir ar an 1ú Nollag 2020 le Dr. Zachary Walker, a cheadaíodh an CE a thabhairt an CE faoi slua mór foirne an BOO.</li> </ul>
	<p>Plean oiliúna agus tacaíochta a chur i bhfeidhm le haghaidh Comhordaitheoirí Riachtanas Oideachais Speisialta in 2020.</p>	<p>Rinneadh an oiliúint do chomhordaitheoirí Riachtanas Oideachais Speisialta a leathnú nuair a cuireadh scoileanna breise leis na scoileanna píolótacha go luath in 2020, sa chaoi is go raibh gach scoil de chuid an BOO san áireamh sa dara leath de 2020.</p>
<p>2.3 An fhoireann a ghríosú agus a spreagadh chun machnamh criticiúil a dhéanamh ar a gcuid oibre, dul i mbun cleachtais aonair agus cleachtais chomhoibríoch a bheidh ar ardchaighdeán, agus páirt a ghlacadh go gníomhach i ndeiseanna</p>	<p>In 2020, tacóidh Rannán BOaO an BOO le pobail chleachtais agus líonraí, rud a chothóidh deiseanna don fhoireann uile smaointe a mhalartú agus an dea-chleachtas a chomhroinnt trí ardáin ar líne agus trí leas a bhaint as 'suaitheantais' FGL.</p>	<p>Tá Cumarsáid riachtanach agus leanfaidh ar aghaidh bheith riachtanach maidir le deiseanna CPD. Cuimsítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ríomhpoist foirne maidir le forbairt proifisiúnta a chuimsíonn nascanna chláraithe a chur in áireamh.</li> <li>• Tá foireann go léir in ann rochtain ar bhFéilire Forbairt Proifisiúnta ar StaffCONNECT, a chuimsíonn eolas mar gheall ar CPD eagraithe lárnach ( a chuimsiú oiliúint QA)</li> <li>• Nuacht CPD míosúil a bheith roinnte ar Signagelive</li> <li>• Nuachtlitreacha Foirne BOO chun tionscnaimh agus píolótaí nua m, cleachtas nuálach agus PD- m.s: Nuachlitir QA, Amanna Tel agus araile.</li> </ul>

maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach, lena n-áirítear dul i mbun rannpháirtíocht le pobail chleachtais.	<p>Laistigh de gach foireann, déanfaidh príomhoifigigh chúnta spriocanna aonair a chomhaontú, agus coinneoidh siad taifead ar sholáthar forbartha gairmiúla leanúnaí cuí, deiseanna forbartha, agus aiseolais.</p> <p>Ag obair dúinn leis an ngrúpa cumarsáide nuabhunaithe, beidh sé ina thosaíocht in 2020 straitéisí áitiúla a shainaithint chun faisnéis rúnda, íogair a chomhroinnt go tráthúil ar an leibhéal cuí.</p>	<p>Bhí gníomhú ag an Rannóg Caipitil agus Soláthair i bhforbairt proifisiúnta go foirmiúil agus neamhfhoirmiúil in 2020 maidir le forbairt i soláthair, bainistíocht tionscadal agus bainistíocht fuinnimh.</p> <p>Cuireadh stop leis an obair ar thionscadail chaipitil de réir Threoirlínte Sláinte Poiblí an Rialtais agus mar thoradh air sin bhí moill ar chláir ar na tionscadail seo.</p>
	<p>In 2020, leanfaidh an BOO ar aghaidh ag úsáid acmhainní a bheith ag teacht leis na struchtúir a leasaíodh mar thoradh ar sheirbhísí comhroinnte a bheith á gcur i bhfeidhm.</p> <p>Bunaíodh tionscadal idir-rannach um chleachtas comhoibritheach acmhainní daonna/párolla in 2018 agus táthar ag obair chun aistriú go dtí Seirbhísí Comhroinnte in 2019.</p>	<p>Leanadh ar aghaidh in 2020 leis an tionscadal idir-rannach um chleachtas comhoibritheach acmhainní daonna/párolla, tráth ar sainaitníodh deiseanna chun cur le scileanna na mball foirne agus eolas agus dea-chleachtas a chomhroinnt. Cuireadh tús leis an oiliúint i ndáil leis na pacáistí bogearraí a theastaíonn chun an t-aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte a dhéanamh, agus thug baill foirne faoi oiliúint trí CORE University. Bhí an Córas CORE uasghrádaithe in 2020 a chuimsítear ath-oiliúint na foirne in HR agus Airgeadas.</p>
2.4 Cultúr ceannaireachta, oiliúna agus meantóireachta a chothú don fhoireann ar fad	<p>Eagrófar cruinnithe rialta, struchtúrtha in 2020 ar leibhéal an ionaid, an tsoláthair agus na bainistíochta araon.</p>	<p>Le linn 2020, ghlac 37 ball foirne BOaO páirt in Oiliúint Bainistíochta a eagraíodh trí Oifigeach Forbartha Gairmiúla BOAO.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Bog-scileanna Riachtanacha do Bhainisteoirí Líne</li> <li>- Bog-Scileanna do Bhainisteoirí Sinsearach</li> </ul>
	<p>Leanfar le cruinnithe rialta struchtúrtha (laistigh de na rannáin féin agus eatarthu) in 2020</p>	<p>Leanfar le cruinnithe rialta struchtúrtha (laistigh de na rannáin féin agus eatarthu) in 2020.</p> <p>Cruinnithe struchtúrtha foirne a tharlaíonn sa roinn agus thrasghearrthach agus leanfar ar aghaidh in 2021. Dlíth chomhoibriú idir an Rannóg Caipitil agus Soláthair agus an Rannóg Airgeadais a choinneáil in 2020 maidir le soláthair earraí agus seirbhísí ar fud na heagraíochta. Bhí sé sin soiléir i gcomhoibriú i soláthar PPE agus soláthairtí do Scoileanna agus Ionaid chun a oibrioch sábháilte le linn paindéimigh COVID-19.</p>
	<p>Leanfar de chruinnithe rialta den Fhóram Príomhoidí a reáchtáil in 2020. Cuirfear tacaíochtaí ar fáil ar an leibhéal cuí maidir le ceannaireacht roinnte a chur i bhfeidhm. Fóram Leas-Phríomhoidí a bhunú agus tacaíocht a thabhairt dó. Beidh meithleacha oibre maidir le Cumhdach, Múinteoireacht agus Foghlaim a Stiúradh agus RSO ag tabhairt aghaidh ar thosaíochtaí córasacha na Roinne Oideachais.</p>	<p>Cnuasaigh Dhigiteacha: Lean Rannán Scoileanna an BOO ar aghaidh ag cloí leis an dea-chleachtas ó thaobh tacú le scoileanna trí laethanta cnuasaigh, ar cuireadh tús leo i mí Mheán Fómhair 2020. Rinne an Stiúrthóir Scoileanna anailís ar riachtanais na scoileanna aonair chun an tacaíocht a theastaíonn a chinneadh. Cuireadh an oiliúint, an chomhairle agus an tacaíocht ba ghá ar fáil do scoileanna trí StaffCONNECT agus LCBOOSchools.com chun an úsáid is fearr a bhaint as Microsoft Office 365. Éascaíodh do thacaíocht oiriúnaithe</p>

		<p>freisin chun suímh SharePoint agus Microsoft Teams a úsáid sna scoileanna. Bhunaigh an BOO Grúpaí Oideoirí Éireann Google chun tacú le scoileanna ar fud an réigiúin. Eagraíodh trí lá cnuasaigh do scoileanna a úsáideann Microsoft 365 agus G Suite for Education.</p> <p>Folláine sa tSraith Shóisearach: Tá scoileanna an údaráis ag glacadh páirt san Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach Chnuasbhunaithe a sholáthraíonn Foireann na Sraithe Sóisearaí chun Tacú le Cur i bhFeidhm Chreat na Sraithe Sóisearaí, agus bíonn na scoileanna á hóstáil sin freisin. D'éascaigh an Stiúrthóir Scoileanna lá do phríomhoidí agus leas-phríomhoidí a thugann faoin amchlár a leagan amach sna scoileanna, chun féachaint ar bhealaí ina bhféadfaí 400 uair an chloig le haghaidh folláine a chur leis an amchlár. Tá seisiúin bhreise beartaithe i ndáil le hamchláir sna blianta amach romhainn chun tacú leis an tSraith Shóisearach nua.</p> <p>Foireann Tacaíochta do Scoláirí: Rinne an Stiúrthóir Scoileanna agus an Fhoireann Tacaíochta de chuid Rannán Scoileanna an BOO éascú ar chruinnithe leis na foirne aonair um thacaíocht do scoláirí, agus lean na foirne ar aghaidh leis an obair réamhghníomhach a dhéanann siad ó thaobh tacú le scoláirí atá i mbaol. Tháinig comhordaitheoirí na bhfoirne tacaíochta do scoláirí le chéile ceithre huair le linn 2020. Bunaíodh grúpa comhairleach den Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus éascaíodh oiliúint d'fhoirne tacaíochta nuacheaptha do scoláirí i mí na Nollag 2020 thar thréimhse dhá lá. Bhí an oiliúint sin faoi stiúir Stiúrthóir na Scoileanna a sheacadh i druidim ilghníomhaireachta, le hionchur de réimse seirbhísí agus grúpaí i reigiún Luimní agus an Chláir a chuimsíonn: NEPS, TUSLA, Roinn HR BOO, Tionscadal Léan Leannaí, Jigsaw agus Foireann Rannán Tacaíocht Scoileanna.</p>
<p>2.5 Feasacht ghníomhach a chur chun cinn maidir le sláinte, sábháilteacht, folláine agus leas do gach ball foirne, mac léinn agus foghlaimeoir ag leibhéal pearsanta agus eagrúcháin.</p>	<p>Chuir BOO Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta (Pegasus) i bhfeidhm in 2018. In 2020 beidh Traenail Sláinte agus Slandála amach ar an gcóras ar líne seo.</p>	<p>Le linn 2019, rinneadh iniúchadh ar bheartais agus nósanna imeachta. Tugadh chun cinn an obair maidir lena léiriú go bhfuiltear ag cloí leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007. Sainithníodh riachtanais oiliúna agus cuireadh pleananna i bhfeidhm chun breisoiliúint a chur ar na baill foirne ábhartha. De réir paindéimnigh domhanda, bhí traenáil a sheachadh ar líne le linn 2020.</p> <p>Chuaigh an Rannóg Caipitil agus Soláthair i gcomhairle leis an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha chun sonraí ábhartha a sholáthar ar</p>

	<p>In 2020, beidh Rannán BOAO an BOO ag obair le Ceann-oifig an BOO lena chinntiú go mbeidh Coistí Sláinte agus Sábháilteachta bunaithe ina ionaid go léir agus go bhfaighidh na baill foirne deiseanna chun freastal ar Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta (oiliúint éigeantach agus oiliúint bhreise)</p> <p>Cuirfidh Meitheal Oibre an BOO um Chumhdach agus a Phobal Cleachtais um Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí oiliúint agus tacaíocht ar fáil do scoileanna maidir le Cumhdach, Foireann Tacaíochta do Scoláirí agus Teagmhais Chriticiúla. I rith 2019, cabhróidh an BOO le scoileanna a bheith páirteach i gclár forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL) na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí lena chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm na treoirleáite leasaithe maidir le Tús Áite do Leanaí.</p>	<p>Chleachtais Sláinte agus Sábháilteachta a bhaineann le Tionscadail Chaipitil.</p> <p>Bhí cúrsa traenála i Sláinte agus Sabháilte forbartha do fhostaithe in 2020. Cuirtear faoi thástáil agus tá sé sa phas deireanach don rolladh amach ton fhoireann go léir.</p> <p>An Mheitheal Chomhairleach um Chumhdach: Tá baill sa mheitheal seo ón Rannán Scoileanna agus ón Rannán Breisoideachais agus Oiliúna. Tá sí fós ag tacú le cur i bhfeidhm Threoirleáite Tús Áite do Leanaí 2017 agus Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí le haghaidh Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017 na Roinne Oideachais. Mar chuid de sin, soláthraítear oiliúint do Theagmhálaithe Ainmnithe, tacaíocht agus treoir maidir le measúnuithe riosca, oiliúint agus tacaíocht do Bhoird Bhainistíochta, mar aon le forbairt beartas agus acmhainní. Ullmháidh cur i láthair caighdeánach do gach bhall foirne agus dáileadh é ar na scoileanna go léir i mí Lúnasa. Díreann ann ar chumhdach leanaí agus ar nósanna imeachta maidir le tuairisciú éigeantach.</p>
	<p>I gcás Ionaid BOAO a chuireann soláthar Ógtheagmhála ar fáil, tacóidh Rannán BOAO an BOO leo chun bheith páirteach san fhorbairt ghairmiúil leanúnach atá pleanáilte lena chinntiú go gcuirfear na treoirleáite athbhreithnithe Tús Áite do Leanaí i bhfeidhm in 2019.</p>	<p>Le linn 2020, ghlac 149 ball foirne BOAO páirt in oiliúint maidir le Cumhdach Leanaí agus Daoine Fásta Leochaileacha a d'eagraigh an tOifigeach Forbartha Gairmiúla BOAO. Tá sé sin sainordaitheach don fhoireann go léir agus á sheachadadh ar líne.</p>
<p>2.6 Na freagraí agus na hacmhainní is oiriúnaí a sholáthar chun freastal ar riachtanais, ar chineálacha éagsúla cur chuige agus ar phátrúin oibre atá ag athrú dár mbaill foirne, dár mic léinn agus dár bhfoghlaimoirí ar dhaoine éagsúla, ilchineálacha iad.</p>	<p>Díriú níos mó ar fhoghlaimoirí atá i bpost nach dteastaíonn ach leibhéal íseal scileanna ina leith mar gheall ar athruithe ar chúrsaí eacnamaíochta, agus orthu siúd nach furasta acu é post a aimsiú.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Forbrófar cúrsaí Scileanna chun Dul Chun Cinn a Dhéanamh, a bheidh dírithe go príomha ar na hearnálacha Déantúsaíochta agus Tógála i réimsí mar Bhainistíocht Tionscadal, Cleachtas Déantúsaíochta Earraí agus Sláinte agus Sábháilteacht.</li> <li>- I gcúrsaí Scileanna Gnóthaithe Post (e.g. An Timpeallacht Thógtha, Leibhéal 3), beifear ag díriú orthu siúd atá i gceantair ard-dífhostaíochta agus ar an lucht dífhostaithe fadtéarma, chun iad a ullmhú don ionad oibre</li> </ul>	<p>Ghlac 1,299 duine páirt i gcláir Scileanna le Dul Chun Cinn a Dhéanamh in 2020. Tá na cláir seo leagtha amach chun tacú le fostaíthe a bhfuil easpa scileanna orthu ionas gur féidir leo coinneáil lena ngairmeacha beatha nó dul chun cinn a dhéanamh iontu. Múineadh cúrsaí i réimsí mar: Anailís Sonraí agus Scileanna Gnó, Bainistíocht na Maoirseachta, Teicneolaíocht Faisnéise, Scileanna Scarbhileog MS Excel, Táthú Mig &amp; Tig, Lean Six Sigma, Trádstóráil Creasa Ghlais, Rialú Fardail, Párolla Láimhe agus Párolla Riomhairithe.</p> <p>Le linn 2020, chuir an tIonad Oideachais agus Oiliúna Fáilteachais cláir QQI agus cláir chreidiúnaithe eile ar fáil d'fhoghlaimoirí, ar cláir iad atá dírithe ar phoist éagsúla sa tionscal óstáin agus lónadóireachta. Tá na cláir sin dírithe go sonrach ar dhaoine atá dífhostaithe agus cuireann ar a gcumas dóibh tabhairt faoi oiliúint a dhéanamh i gclár scileanna ar leith. Go dtí seo, bhí naisc dhíreacha idir an clár agus Cónaidhm na nÓstán Éireannach, Fáilte Éireann, an Roinn Gnóthaí</p>

	<p>agus/nó le dul ar aghaidh chuig Breisoideachas agus Oiliúint.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- 6) Leanfaidh bainisteoirí soláthair orthu ag déanamh athbhreithniú ar an soláthar féachaint cad iad na deiseanna atá le tapú chun an soláthar a athailíniú tuilleadh le spriocanna náisiúnta arna gcomhaontú ag an BOO (caithfear soláthar nuálach a fhorbairt agus a ailíniú le Spriocanna 1-6)</li> <li>- Plean le haghaidh Ionad Oideachais agus Oiliúna Fáilteachais (IOOF) ar Champas na Sionainne le cur i bhfeidhm do 2020. Breathnú ar gach gné den soláthar fáilteachais ón oiliúint ar an láthair oibre go dtí uasoiliúint don lucht bainistíochta. Córais agus nósanna imeachta caighdeánacha oibriúcháin nua a fhorbairt do rannóga tionscail.</li> </ul>	<p>Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus cuibhreannas áitiúil óstóirí i réigiún an Lár-Iarthair. Faigheann 75% céimithe fostaíocht. Chomh maith le sin, d'aistrigh an Tionscnamh Filleadh ar Ais Chuig Oideachas go dtí Scileanna Forbartha Fostaí Gairmiúil An tarchur don VESD chun leanúint cúrsaí solúbtha breisoideachas páirtaimseartha a sholáthar do fhoglaimeoirí fásta agus luathfhágálaí scoile atá fonn orthu a gcuid scileanna a uasghrádú leis na riachtanais éiritheacha na heacnamaíochta chomh maith le tarchur a chomhcheangail na feoidhmeanna atá chomhcheangailte le Scileanna chun dul chun cinn agus Scileanna do Tionscnaimh Oibre atá béim ar ath-oiliúint iad atá i bhfostaíocht chun a chuid fostaíocht a choinneáil nó a dhul chun cinn a fheabhsú.</p>
	<p>Taighde a dhéanamh ar Oiliúint Chomhionannais don fhoireann go léir in 2020, agus é a fhorbairt agus a mheas.</p> <p>A chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar gach beartas i gcomhthéacs Dhualgas Earnála Poiblí an BOO le linn 2020. Ar na gníomhaíochtaí sonracha sin tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Chun Comhionannas agus Ráiteas Luachanna Cearta Daonna BOO a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú (Márta 2020).</li> <li>• Chun Plean Ghnímh Um Dhualgas Earnáil Phoiblí.</li> <li>• Chun clár oiliúna comhionannas agus Cearta Daonna a sheachadadh chun feasacht a chruthú agus chun gníomhú a chothú agus tacaíocht do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Beartais Chuimsithe, cleachtais agus tionscnaimh.</li> </ul> <p>Chun clár oiliúna le feasacht Illchultúrtha don fhoireanna agus foghlaimeoirí - ar líne agus oiliúnt ghrúpa aghaidh-ar-aghaidh.</p>	<p>D'fhreastail baill foirne ar cheardlanna de chuid an BOO um Dhualgas Earnála Poiblí in 2020, chun a bhfeasacht ar an dualgas a ardú. Tá beartais á n-athbhreithniú faoi láthair i gcomhthéacs Dhualgas Earnála Poiblí an BOO agus leanfar á n-athbhreithniú agus á dtabhairt cothrom le dáta, más gá sin, in 2021. Feictear sin le foilsiú Ráiteas Comhionannas BOO agus Cearta Daonna agus Plean Ghnímh an Earnáil Phoiblí. Solathraíodh oiliúint do uimhir foirne chun thuas a chur i bhfeidhm agus acmhainní oiriúnacha chun é sin a thacú.</p>
	<p>Le linn 2020, cuirfidh Rannán BOAO an BOO acmhainní ar fáil agus éascóidh sé do rannpháirtíocht na foirne le tionscnamh píolótach Folláine an BOO.</p>	<p>D'fhorbair an Rannóg BOO eTool mar chuid de 'Ag Fáil na Tairbhí Leitheadach Foglamtha' tionscnamh. Cuidíonn sé foghlaimeoirí BOO measúnú a dhéanamh ar a chuid dul chun cinn ar chúrsa agus na scileanna a d'fhorbair said. Is féidir le foghlaimeoirí cur síos a</p>

dhéanamh ar bhuntáistí ginearálta an chúrsa lena n-áirítear: foghlaim phearsanta, sláinte agus folláine, an teaghlach agus an pobal agus pleananna i ndáil le hoideachas nó fostaíocht amach anseo. Tá an uirlis ar fáil ar shuíomh gréasáin BOaO ar <https://wider-benefits.learningandskills.ie/>

An rud is tábhachtaí le linn glas gluaiste agus aonrú, ról tábhachtach a bhí ag gairmithe threoir BOO ná teagmháil a dhéanamh agus bheith ceangailte le foglaimeoirí chun riachtanais aonair a chomhlíonadh. I Youthreach, is meicníocht ríluachmhar í SENI chun teagmháil ghutháin seachtainiúil a sholáthar le foghlaimeoirí ógá agus soghonta, ag cur béim ar fholláin, tacaíocht atá ar fáil ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil, obair bhaile agus teagmháil chun teacht.

### Spríoc Straitéiseach 3: Dea-Rialachas

Aidhm: Creat rialachais agus tacaíochta a sholáthar lena n-éascaítear do sholáthar éifeachtach, éifeachtúil na seirbhísí oideachais agus oiliúna ar fad. Is éard atá i gceist leis seo ná a chinntiú go dtacaítear le caighdeán sholáthar oideachais agus oiliúna an údarais trí chórais bhainistíochta agus riaracháin a chomhlíonann na caighdeáin rialachais is airde ó thaobh cuntasachta, trédhearcachta, comhlíonta, cothromais agus luach ar airgead.

Cuspóir ón Ráiteas Straitéise	Gealltanais a thugtar i bPlean Seirbhíse 2020	Éachtaí in 2020
3.1 A chinntiú go bhfuil struchtúir eagrúcháin, a bhfuil córais láidre riaracháin mar thaca fúthu, ailínithe le tosaíochtaí straitéiseacha atá ag teacht chun cinn.	In 2020, beidh Rannán BOAO an BOO ag obair le hÚdarás Bainistíochta CSE agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun sonraí foghlaimeoirí a sholáthar tríd an gcóras ríomh-chomhtháthaithe nua mar a cheanglaítear faoi na rialacháin maidir le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochtaí na hEorpa (ESIF) 2014-2020.	I líne leis an Straitéis SOLAS 2020-2024, tacaíonn an BOO go hiomlán bonneagar sonraí BOO. Cuimsíonn PLSS Féilire Cúrsa Náisiúnta a chuimsíonn bunachar sonraí Foghlaimeora Náisiúnta; Bunachar Sonraí Cláir Náisiúnta; aimsitheora chúrsa caidreamhach agus láithreáin ghréasáin iarratas ar líne, <a href="http://www.fetchcourses.ie">www.fetchcourses.ie</a> (FETCH), atá comhtháite go hiomlán trí nasc sioncronachta fíor-ama chuig PLSS.
	Athbhreithniú a dhéanamh ar gach doiciméad beartais de chuid an BOO maidir lena bheith cothrom le dáta agus comhlíontach in 2020 agus timthriall athbhreithnithe beartais a bhunú lena chinntiú go ndéantar gach doiciméad beartais a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta laistigh de thimthriall 3 bliana ar a mhéad.	Rinneadh athbhreithniú ar gach beartas agus nós imeachta in 2020 chun comhlíonadh na reachtaíochta agus na n-implíreacha a chinntiú.  Ghlac an BOO Beartas Náisiúnta Soláthair ar an 15 Deireadh Fómhair 2019, le hathbhreithniú bliantúil ón Rannóg Caipitil agus Soláthair chun aon implíreacha, treoirlínte agus reachtaíocht nua a chur san áireamh ann.  Faoin bPlean um Sholáthar Corparáideach, tá roinnt spriocanna agus príomhtháscairí feidhmíochta sainaitheanta ag an Rannóg Caipitil agus Soláthair atá nasctha le 7 bpríomhchuspóir. Tá gach príomhtháscaire feidhmíochta sannta do rannán nó ról laistigh den BOO agus déantar athbhreithniú rialta ar an bplean.
	Athbhreithniú a dhéanamh ar pharaiméadair an chórais TFC in 2019 agus iad a chur in oiriúint lena chinntiú go mbeidh an éifeachtúlacht is mó is féidir ann de réir Straitéis TFC an BOO 2017-2020. Le linn 2020, solathrófar an Rannóg ICT BOO faoi OSD deiseanna comhoibríoch a chuimsiú ardáin ar líne, a chuimsíonn córas SharePoint don StaffCONNECT BOO chun scoileanna agus ionaid BOO a thacú. Le linn 2020, tacóidh an Rannóg ICT na gníomhartha seo a leanas:	Le linn 2020, chruthaigh an rannóg ICT BOO faoi OSD suíomhanna SharePoint ar StaffCONNECT do scoileanna go léir faoi stiúir an BOO.  Cuirtear Microsoft 365 ar fáil do scoileanna go léir agus ionaid ar rolladh amach tionóntacht aonair.  Aimsíodh cláir foghlama fíorúil agus bhí níos mó ar Moodle don seachadadh BOO.  Lean BOO acmhainn na scoileanna agus ionaid in úsáid ICT a thógáil mar uirlis múinteoireachta agus foghlama. Rinneadh é agus leanfar é sin a dhéanamh in éineacht le Straitéis ICT BOO, Straitéis TEL, Straitéis Dhigiteach do Scoileanna agus an <b>Straitéis Foghlama Teicneolaíocht</b>



	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Suíomhanna SharePoint Faoi leith a fhorbairt do gach scoil le oiliúint comhcheangailte agus tacaíocht.</li> <li>• Forbairt profisiúnta leanúnach a sheachadadh chun rolladh amach Oifig 365a thacú.</li> <li>• Obair leis an DE chun cumas ICT a fhorbairt níos mó ar fud na scoileanna BOO agus Ionaid BOO, a chuimsíonn rochtain ar dheontaisí do threalamh ICT, agus comhairle agus ábhair tacaíochta.</li> </ul>	<p><b>Feabhsaithe Náisiúnta.</b> Leanann an BOO bonneagar ICT agus córais a mheasúnú chun cinntiú bhfuil siad oiriúnach, oiriúnach don fheidhm, slándál chun feidhmiúlacht a sheacadadh d'úsáideoirí go léir. Leanann sé ar aghaidh chun dul i dteagmháil le solátheoirí bhogearraí seachtracha, DE/PMO agus SOLAS chun feabhsú níos mó agus córais IT oiriúnach don fheidhm a fhorbairt.</p>
	<p>Tabharfar tacaíocht do scoileanna chun páirt a ghlacadh, ina seal féin, in athbhreithniú faoi stiúir an BOO ar bheartais, lena chinntiú go mbeidh na beartais sin fós ábhartha in 2020. Tabharfaidh an Fóram Príomhoidí tosaíocht do bheartais a bhfuil athbhreithniú le déanamh orthu.</p>	<p>Rinneadh athbhreithniú ar raon beartas in 2020 chun tacú le scoileanna an BOO. Rinneadh athbhreithniú ar na réimsí beartais seo a leanas chun riachtanais an BOO mar eagraíocht agus riachtanais a cuid scoileanna a léiriú, agus tugadh cothrom le dáta iad:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Beartas um Aoi-Chainteoirí</li> <li>- Beartas Imeachtaí</li> </ul> <p>Thug an Stiúirthóir Scoileanna cúnamh do roinnt scoileanna san athbhreithniú ar Bheartais Iontrála don scoilbhliain 2020/2021. Tá gach scoil atá i mbun pleanála maidir leis an athbhreithniú ar dhréachtbheartais le haghaidh na n-athruithe ar an Acht Oideachais i ndáil leis an mBille Iontrála a chuirfear i bhfeidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2020.</p>
<p>3.2 Próisis phleanála straitéiseacha agus eagraíochta a neartú.</p>	<p>In 2020, forbróidh an BOO Creat Faireacháin agus Meastóireachta chun éascú don mhonatóireacht agus tuairisciú bliantúil ar a Ráiteas Straitéise.</p> <p>Tabharfar tacaíocht do scoileanna chun páirt a ghlacadh, ina seal féin, in athbhreithniú faoi stiúir an BOO ar bheartais, lena chinntiú go mbeidh na beartais sin fós ábhartha in 2020. Tabharfaidh an Fóram Príomhoidí tosaíocht do bheartais a bhfuil athbhreithniú le déanamh orthu.</p>	<p>Forbraíodh teimpléid in 2020 lena nasctar an Ráiteas Straitéise agus an Próiseas Pleanála Seirbhíse bliantúil le próiseas meastóireachta agus tuairiscithe bliantúil a ghabhann leis an Tuarascáil Bhliantúil. Tabharfar an Creat Faireacháin agus Meastóireachta sin cothrom le dáta chun athruithe ar na tosaíochtaí a bhíonn ag ROS/SOLAS a léiriú agus déanfaidh Foireann Ardbhainistíochta an BOO athbhreithniú air gach bliain.</p> <p>Thagair Rannán Scoileanna an BOO don Ráiteas Straitéise ag a chruinnithe go léir leis na grúpaí seo a leanas ó Lúnasa 2019 ar aghaidh:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí</li> <li>• An Fhoireann Tacaíochta</li> <li>• Baill na Foirne Tacaíochta do Scoláirí</li> <li>• Múinteoirí a bhíonn ag plé le Foghlaim, Múinteoireacht agus Measúnú Ionchuimsitheach a Stiúradh</li> <li>• Comhordaitheoirí Riachtanas Oideachais Speisialta</li> <li>• Fóram na dTreoirchomhairleoirí</li> </ul>

<p>3.3 Ardchaighdeáin maidir le bainistiú airgeadais agus riosca a chinntiú trí rialúcháin iniúchóireachta/monatóireachta inmheánacha/seachtracha, chun tacú le scoileanna, ionaid agus seirbhísí oibriú de réir treoirlínte/ceanglais maidir le maoiniú agus rialachas corparáideach.</p>	<p>Agus iad ag obair i gcomhar leis na Coistí Airgeadais agus Iniúchóireachta, i rith 2020 déanfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna rioscaí a shainaithint, a mheas, agus a bhainistiú go gníomhach i gcomhthéacs a chuid oibríochtaí uile, déanfaidh sé monatóireacht orthu, agus cinnteoidh sé go bhfuil socruithe foirmeálta trédhearcacha i bhfeidhm i gcomhair iniúchóireacht sheachtrach agus inmheánach araon.</p>	<p>Thug an tOifigeach Soláthair tuairisc don Choiste Iniúchóireachta agus don Choiste Airgeadais ar an gClár Caipitil agus ar an bhfeidhm Sholáthair le linn 2020.</p> <p>D'eisigh an Rannóg Caipitil agus Soláthair tuarascálacha maidir le gach tairiscint os cionn €100,000 chuig gach cruinniú den Choiste Airgeadais in 2020.</p> <p>Cuimsítear sa Chlár Rioscaí gach ceann de na trí rannán agus rinneadh athbhreithniú leanúnach air le linn 2020 lena chinntiú go léireofaí ann aon rioscaí nua nó aon athruithe ar dhóchúlacht nó ar thionchar ag brath ar na rialuithe a cuireadh i bhfeidhm. Cuireadh iadsan i láthair ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta in 2020. Bhí an Clár Rioscaí mar chuid den Chlár Oibre do gach cruinniú den lucht ardbhainistíochta agus de na príomhoifigigh chúnta in 2020 áit ar tugadh Plean Gnó cothrom lá dáta bunaithe ar aidhmeanna straitéiseacha an BOO.</p>
	<p>Agus é ag obair do na Coistí Airgeadais agus Iniúchóireachta, i rith 2020 déanfaidh Rannán BOaO an BOO rioscaí a shainaithint, a mheas, agus a bhainistiú go gníomhach i gcomhthéacs a chuid oibríochtaí uile, déanfaidh sé monatóireacht orthu, agus cinnteoidh sé go bhfuil socruithe foirmeálta trédhearcacha i bhfeidhm i gcomhair iniúchóireacht sheachtrach agus inmheánach araon.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Tá an fheidhm oiliúna agus forbartha maidir le Bainistíocht agus Bainistíocht Airgeadais chun cur leis an acmhainn atá aici i dtaobh pleanáil straitéiseach a dhéanamh agus chun nascadh le próis phleanála ITLM agus CTFC</li> <li>- Tá gach bainisteoir agus comhordaitheoir chun díriú ar an bpleanáil don am atá le teacht agus tosú ag cur leis an úsáid laethúil a bhaintear as CTFC, ITLM, P2P etc. mar uirlisí bainistíochta</li> <li>- Oiliúint do Theagmhálaí Ainmnithe a sholáthar do gach comhordaitheoir</li> </ul>	<p>Is mír den chlár oibre é Bainistíocht Riosca ag gach cruinniú den Ghrúpa Stiúrtha BOAO.</p> <p>Tacaítear le pleanáil ITLM ar CTFC agus soláthar Printiseachta le ceardlanna a bhaineann go sonrach le catagóir ar leith lena chinntiú go ndéantar an plean bliantúil a fhorbairt go cruinn agus go réalaíoch agus go mbeidh sé ailínithe leis an mbliain chomhfhreagrach den Chomhaontú Feidhmíochta Straitéisí (CFS).</p> <p>Déantar pleanáil printiseachta a iontráil go díreach in ITLM agus déantar ionchuir, aschuir agus torthaí, idir chinn a baineadh amach agus iad siúd atá beartaithe, a iontráil agus a athbhreithniú ar mhaithe le cruinneas agus comhsheasmhacht. Sula gcuirtear isteach é, cuirtear an plean bliantúil foriomlán ITLM i gcomparáid leis na réamh-mheastacháin agus na torthaí iarbhír a baineadh amach an bhliain roimhe sin agus déantar iad a ailíniú leis na sprioc-ghealltanais a rinneadh sa bhliain atá le teacht den Chomhaontú Feidhmíochta Straitéisí (CFS). Baintear leas as próiseas atriallach chuige sin agus aird á tabhairt ar thorthaí tuairiscithe na Príomh-Oifige Staidrimh i leith Sprioc 1 agus Sprioc 2.</p> <p>Ó 2017, bronnar an BOO suaitheantais dhigiteacha a eisiúint don fhoireann CPD go léir, atá eagraithe go lárnach. Tharla úsáid suaitheantais dhigiteacha de bharr príomhshruthú táirgeadh Comhpháirtíocht Straitéis Erasmus Plus - EDGE ( Ag seachadadh Threoir agus Fostaíocht)</p>

	<p>soláthair BOaO (cosaint leanaí/daoine fásta leochaileacha).</p>	<p>Bronntar suaitheantais ar Leibhéal an tSuimh in Moodle, tá sonraí leabaithe iontu agus is féidir iad a easpórtáil chuig mála droma an úsáideora (Badgr). Ó Mheán Fómhar, cruthaíodh 109 suaitheantas aonair agus bronntar 4000 shuaitheantais don fhoireann do phríomh CPD sainordaitheach in GDPR agus Cosaint Leanaí, tá riachtanas ag an bhfoireann príomh ghníomhaíochtaí a chríochnú (ceach agus tráth na gceist) chun an suaitheantas a fháil. Tá cuid na foirne BOO atá beagnach críochnaithe Suaitheantas Dhigiteach do Dhearadh Uilechoiteann i Múineadh agus Foghlaim atá dearrtha ag AHEAD agus UCD. Is cuid amháin í de na cúrsaí forbairt proifisiúnta a chruthaíodh trí Fhóram Náisiúnta don Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlaim in Ard-Oideachas.</p>
	<p>Déanfaidh Fóram na bPríomhoidí athbhreithniú rialta ar Chlár Rioscaí Scoileanna</p>	<p>Tá Bainistíocht Riosca ina mír ar an gclár oibre ag gach cruinniú de chuid na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí ó Lúnasa 2019 ar aghaidh. Bunaíodh grúpa comhairleach Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí i mí Mheán Fómhair 2019. Tá athbhreithniú déanta ag an ngrúpa sin ar an leagan is déanaí den Chlár Rioscaí agus tá Plean Gníomhaíochta á chur le chéile don bhliain 2020 maidir le húinéireacht agus amlínte a shannadh do gach riosca a shainaithnítear. Pléifear moltaí atá sa Plean Gníomhaíochta ag cruinnithe na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí.</p>
<p>3.4 Úsáid éifeachtach acmhainní poiblí a uasmhéadú agus dúbailt seirbhísí a sheachaint.</p>	<p>Cinnteoídh an BOO, más féidir é in 2020, go mbainfidh sé leas as lárchreataí agus lárchonartháí soláthair arna n-eagrú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR).</p>	<p>Lean an BOO ag baint leas as Creataí na hOifige sin in 2020 nuair a bhí fáil orthu, lena n-áirítear maidir le gach Fóntas, Bainistíocht Saoráidí, Taisteal agus Acmhainní Daonna etc. Tá an BOO fós i gcomhairle le OSR lena chinntiú gur féidir leaganacha amach anseo de chreataí a chur in oiriúint do riachtanais na hearnála agus do riachtanais áitiúla. Aiseolas a sholáthar trí meáin éagsúla a chuimsíonn comhphairtíocht ag an bhfoireann BOO ar measúnú dlíthairisceana, an Clár OGP féin-fhreastail etc. Rinne an MAPP 2020 In 2020 agus a chur Isteach don ETBI/OGP.</p> <p>An creat náisiúnach a chur in áit ag an Roinn do sholáthar PPE agus ábhair gaolmhara a úsáidtear ag an BOO chun cinntiú ath-oscailt sabháilte agus oibríoch na scoileanna do mhic-léinn agus foireann.</p> <p>D'oibrigh an roinn C&amp;P leis an tSeirbhís Soláthar Oideachais chun próiseas dlíthairisceana cíos bhus a a chríochnú don BOO i 2020.</p> <p>Bhí Rannán Scoileanna an BOO ag obair i ndlúthpháirt leis an Stiúrthóireacht TFE in 2020 lena chinntiú go n-úsáidfidh scoileanna lárchreataí agus lárchonartháí soláthair ar cinn iad a mhol OSR</p>

<p>3.5 Inbhuanaítheacht agus freagracht chomhshaoil a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.</p>	<p>Le linn 2020, tá sé de sprioc ag BOO chun - feidhmiúlacht fuinnimh agus fuinneamh athnuachain trí teagmháil leanúnach agus tionscnaimh leis an Roinn Oldeachais SEAI.</p>	<p>Téitear i gcomhairle le Príomhoidí agus Leas-Príomhoidí agus cuirtear ar an eolas iad faoi gach próiseas tairisceana. Is ball é BOO don Ghrúpa Stiúrtha, leis an DE agus SEAI, ar an gClár um Fheidhmiúlacht Fuinnimh Píolóta Náisiúnta. Aisfheistiú fuinnimh domhain do sé scoil a chríochnaíodh i 2020, a chuimsiú aisfheistiú fuinnimh iomlán i Coláiste Phobail Naomh Áine i gCill Dá Lua. Tuairisc reachtúla M &amp; R ar úsáid fuinnimh BOO a chur isteach do SEAI ag léiriú laghdú 26% in úsáid fuinnimh ar fud na heagraíochta ó 2009 leis an BOO chun an sprioc laghdú riachtanach a bhaint amach ag deireadh 2020.</p>
	<p>Bhí baint ghníomhach ag roinnt scoileanna de chuid an BOO leis an tionscnamh sin agus leis an tionscnamh 'Take 1' de chuid BOOÉ in 2020.</p>	<p>Faoi 'Take 1', cuirtear clár oideachais ar bun chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaíthe (SDGanna) a chur san áireamh i gCuraclam na Sraithe Sóisearaí. s é Jack O'Connor, Toscaire Óige na Náisiún Aontaithe d'Éirinn, a sheol an clár, a d'fhorbair BOOÉ. Bhíodh seisean ag freastal ar Choláiste Dheasumhan, scoil de chuid an BOO sa Chaisleán Nua Thiar. Cuireadh tús leis an gClár Take 1 le seimineár oiliúna do mhúinteoirí agus do lucht bainistíochta scoile, chun cabhrú le scoileanna an BOO teacht ar an tuiscint is gá ar na SDGanna go léir. Mar chuid den acmhainn, rinneadh gach SDG a mhapáil ar thorthaí foghlama ábhair na Sraithe Sóisearaí, rud a léiríonn an acmhainneacht atá sna curaclaim nua cheana féin.</p>
<p>3.5 Comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse/prótacail faoi mheabhrán tuisceana a fhorbairt le gníomhaireachtaí seachtracha dá dtugaimid deontais/acmhainní.</p>	<p>Le linn 2020 leanfaidh an BOO ar aghaidh leis an athbhreithniú ar an gcóras bainistíochta, agus leis an maoirseacht ar na conarthaí go léir atá i bhfeidhm le haghaidh seirbhísí agus oibreacha a chuirtear ar fáil don BOO. Áireofar le bainistíocht na gcomhaontuithe seirbhíse laistigh den BOO</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Riar Conarthaí</li> <li>- Soláthar Seirbhíse</li> <li>- Bainistíocht Caidrimh</li> </ul>	<p>Lean BOO comhpháirtíocht leis an tSeirbhís Soláthar Oideachais (EPS) atá freagrach as rolladh amach Córas Bainistíochta Chonartha don Earnáil Oideachais in 2020. Chuir an EPS in iúl chun córas nua a rolladh amach in 2021.</p> <p>Tá comhaontuithe seirbhíse nó meabhráin tuisceana i bhfeidhm le gníomhaireachtaí seachtracha dá soláthraíonn an BOO deontais/acmhainní.</p> <p>I mí na Samhna 2019, shinigh an Rannán BOaO meabhrán tuisceana le Líonra Oideachais Pobail Luimnigh, trína dtugtar rochtain ar chlár bailíochtaithe oideachais agus oiliúna mar chuid de phróiseas rialachais agus measúnaithe a ndéantar dearbhú cáilíochta ina leith, lena gcinntítear go ndéantar deimhniú ar fhoghlaiméoirí agus go mbeidh fáil ar thacaíocht leanúnach maidir le teagasc agus foghlaim ardchaighdeán a sholáthar. Leis an athrú ar stádas ionaid an Líonra sin ó bheith ina sholáthraithe aonair go bheith ina hionaid de chuid an BOO, cinnteofar go mbeidh na hionaid fós in ann torthaí foghlaiméoirí a chur ar ais chuig QQI lena ndeimhniú tar éis próisis mheasúnaithe a ndéantar dearbhú cáilíochta ian leith. Tríd an gcomhpháirtíocht sin, beidh ionaid an Líonra in ann leanúint leis an obair luachmhar a dhéanann siad i ndáil le deiseanna oideachais agus oiliúna a sholáthar do phobail Chathair Luimnigh.</p>

